Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

irishaid.ie




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017

Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

irishaid.ie

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017



Clúdach: Srey Yen, ag obair le HALO Trust sa Chambóid arna mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann.
Grianghraf: Nic Dunlop

Rugiatu ar scoil.
Grianghraf: Mark Stedman/Trócaire.




04 Réamhrá
06 2017 – Athbhreithniú ar an mBliain
10 Príomhalt SDG
14 Vítneam
16 An Cholóim
17 An tSaiheil
18 An Aetóip
20 An Mhaláiv
22 Mósaimbíc
24 Siarra Leon / An Libéir
26 An Tansáin
28 Uganda
30 An tSaimbia
32 An Afraic Theas / An tSiombáib
34 An Chéinia
36 An Nigéir
37 An Phalaistín
38 Freagairt na hÉireann ar Ghéarchéimeanna Daonnúla ar fud an domhain
46 Páirtithe Iltaobhacha
49 Páirtithe NGO
51 Oideachas Forbartha
54 Dul i dteagmháil le Pobal na hÉireann
56 Clár Comhaltachta
57 Cuntasacht agus Trédhearcacht
59 Iarscríbhinní

# Réamhrá



## An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
## Simon Coveney, T.D.

Féadfaidh muintir na hÉireann a bheith bródúil as an obair forbartha agus dhaonnúil atá déanta ag Cúnamh Éireann, arna aithint ar cheann de na cláir is fearr dá chineál ar domhan.

Méadaíonn cáilíocht agus éifeachtacht chomhoibriú forbartha oifigiúil na hÉireann, mar aon le hobair NGOanna na hÉireann chun an bhochtaineacht a laghdú agus i bhfreagairt do ghéarchéimeanna daonnúla, guth na hÉireann ag na Náisiúin Aontaithe agus i gcomhlachtaí idirnáisiúnta eile. Cuideoidh an cháil mhaith seo le hÉirinn inár rás géar chun suíochán a bhaint amach ar Chomhairle Slándála na NA le haghaidh 2021 agus 2022.

Creidim go bhfuil Éire ag cur ceannaireacht dhomhanda ar fáil ar shaincheisteanna móra domhanda: nascaimid abhcóideacht pholaitiúil le taighde a bhíonn mar bhunús lenár ngníomhartha.

Ar Lá an Bhuiséid 2017, d'fhógair mé go gcuirfidh Éire beartas forbartha idirnáisiúnta nua ar fáil. Beidh deis againn leis an mbeartas nua seo, a forbraíodh agus a ndeachthas i gcomhairle faoi i rith 2018, ár gcur chuige a athnuachan i gcomhthéacs domhanda atá ag forbairt de shíor. Bhí an gá a bhí le freagairt don domhan seo atá ag athrú mar bhunús freisin le forbairt Éire an Domhain, plean an Rialtais chun lorg nó tionchar na hÉireann thar lear a dhúbailt faoi 2025.

Tugann coimhlint, tionchar an athraithe aeráide, agus an bhochtaineacht agus neamhionannas atá ag treisiú dúshlán do bhunú na síochána agus na forbartha i dtíortha, lena n-airítear iad siúd atá go bunúsach inár gcomharsanacht féin.

Creidim go bhfuil comhpháirtíocht láidir pholaitiúil idir an Eoraip agus an Afraic ríthábhachtach má táimid chun dúshláin agus deiseanna comhroinnte an chéid seo a shásamh. Teastaíonn uaim go mbeadh beartas forbartha idirnáisiúnta na hÉireann suite go straitéiseach ionas gur féidir linn tógáil ar ár gcáil i gcomhair cáilíochta, leanúint ag troid in aghaidh na bochtaineachta agus an neamhionannais, agus chun Éire a chumasú le cur le forfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Ní mór tacaíocht do thíortha i mbéal forbartha chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach a bheith i gcroílár ár mbeartas forbartha idirnáisiúnta. Tá sé ríthábhachtach go nglacaimis cur chuige comhtháite, mar gheall ar an nasc idir dúshláin na hÉireann agus iad siúd atá ag an domhan mór.

Cuireann coincheap na Sprice 'Gan aon duine a fhágáil ar gcúl', agus go háirithe chun 'an té is faide ar gcúl a chur chun tosaigh' creat ar fáil dár gcomhoibriú forbartha isteach sa todhchaí. Cuireann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gcuimhne dúinn nach bhfuil na daoine is faide ar gcúl i gcónaí le fáil in áiteanna inar oibrigh Éire riamh anall, agus is rud é seo atá á fhiosrú againn inár mbeartas forbartha idirnáisiúnta nua.

Chun beartas nua a fhorbairt teastaíonn an spás chun go bhféadfaimis smaoineamh faoin méid atá á dhéanamh againn agus an chaoi a dhéanaimid é – chun ár gcur chuige a athnuachan, nuáil agus athrú a dhéanamh agus go deimhin, cuirtear an spás sin ar fáil dúinn leis an mbeartas nua. Is é an pointe tosaigh atá againn cur leis an méid a bhfuilimid go maith aige. Sa tuarascáil bhliantúil seo, léirítear samplaí dár gcuid oibre ardchaighdeáin ar an talmhaíocht, cothú, oideachas agus láidriú córas sláinte.

Anuas air sin, léirítear inti obair na hÉireann, agus an tionchar atá aici i níos mó ná 130 tír. In 2017, b'ionann an cúnamh forbartha iomlán a thug Éire thar lear agus €743 milliún. Cuireadh €181 milliún de seo ar fáil mar chúnamh daonnúil.

Taispeántar sa tuarascáil seo an chúis go bhfuilim bródúil as ár gclár cúnaimh agus an méid a baineadh amach in 2017, agus an chúis go gcreidim go bhfuil sé tábhachtach go leanaimid ag tógáil air seo.



**Simon Coveney T.D.**

Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála



# An tAire Stáit Ciarán Cannon T.D. ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta

In 2017, lean comhoibriú forbartha agus gníomh daonnúil na hÉireann ar aghaidh ag obair chun fulaingt a mhaolú agus athrú ó bhonn a éascú. I rith na bliana, bhí éilimh sheasta chun freagairt do choimhlintí, idir chinn nua agus leanúnacha, agus do riachtanais daoine easáitithe.

Tá ardchaighdeán socraithe ag Éirinn dár ngníomh amach anseo trínár gceannaireacht in idirbheartaíocht sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015, agus ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla in 2016. Is é an dúshlán atá romhainn anois, leanúint leis an méid a chuireann muid lenár n-iarrachtaí idirnáisiúnta chun na spriocanna seo a bhaint amach agus tacú le tíortha atá i mbéal forbartha ina gcuid iarrachtaí.

Sa tuarascáil seo, leagaimid amach an chaoi ar leanamar ár dtiomantais ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla. Táimid ag infheistiú i bhfeabhsúcháin straitéiseacha ar an gcóras daonnúil, trínár gcathaoirleacht ar an ngrúpa deonaithe d'Oifig um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla na NA, agus ár rannpháirtíocht ar bhord Chlár Bia an Domhain. I mbliana, sheolamar 31 freagróir tapa le cabhrú leis an bhfreagairt dhaonnúil ar an talamh i 16 thír.


Tugann forbairt beartas forbartha idirnáisiúnta nua deis dúinn tógáil ar láidreachtaí chlár forbartha na hÉireann. In 2017, bhí deis agam tionchar ár gcuid oibre ar an talamh a fheiceáil le mo shúile féin. Mar iar-Aire sa Roinn Oideachais agus Scileanna, tuigim go ríghéar an tábhacht a bhaineann le foghlaim d'ardchaighdeáin, go háirithe do chailíní, agus an tábhacht atá leis an teicneolaíocht. Dá bhrí sin, ba onóir ar leith a bhí ann dom seachtain Cód na hAfraice a sheoladh sa Tansáin, tionscnamh uathúil tógtha ar thaithí na hÉireann.

Thaisteal mo chomhghleacaithe Oireachtais ón gComhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus Cosaint chuig an Maláiv agus Mósaimbíc in 2017 mar chuid dá n-athbhreithniú ar chlár Chúnamh Éireann. Ansin, chonaic siad an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag infheistíocht san earnáil talmhaíochta ar chothú, slándáil bia agus ar ioncaim. Gné eile a léiríodh ina gcuairteanna agus ina n-athbhreithniú ba ea an tionchar atá ag aistrithe airgid shóisialta ar shaol daoine bochta, go háirithe mná, agus orthu siúd a chónaíonn i gcampaí dídeanaithe. Thacaigh a dtuarascáil le cáilíocht agus le héifeachtacht Cúnamh Éireann.

Tá tacaíocht agus rannpháirtíocht phoiblí an phobail don chlár comhoibrithe forbartha lárnach chun uaillmhian na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus ár mbeartas forbartha idirnáisiúnta a sheachadadh. Tá oideachas forbartha ríthábhachtach chun tuiscint an phobail ar idircheangailteacht na bochtaineachta agus an neamhionannais dhomhanda agus náisiúnta a neartú. Tá ról ríthábhachtach ag gníomhaíochas agus rannpháirtíocht ár bpáirtithe in Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chuige seo.

Is tuarascáil bhliantúil suaitheanta í seo maidir lenár gcuntasacht, trédhearcacht agus rannpháirtíocht. Léirítear inti scóip ár gcláir, an chaoi a bhfuilimid ag dul chomh fada leis na daoine is boichte agus ag dul in oiriúint le haghaidh na ndúshlán agus na ndeiseanna i ndomhan atá ag athrú go tapa.

Mar Aire Stáit a bhfuil freagracht ar leith orm as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta tá mé ag súil lenár gcomhrá náisiúnta maidir le beartas nua d'fhorbairt idirnáisiúnta agus maidir le cruth a chur ar threo agus uaillmhian chlár cúnaimh na hÉireann amach anseo.



**Ciarán Cannon T.D.**

An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta

# Athbhreithniú ar an mBliain

In 2017, lean Éire lena ról ceannaireachta i gcúrsaí forbartha. Cuireadh tús le forfheidhmiú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus thógamar ar ár dtraidisiún flaithiúlachta mar fhreagairt ar an riachtanas daonnúil atá ag dul i méid ar fud an domhain. I rith na bliana, chuidigh cúnamh forbartha na hÉireann le 130 tír ar fud na cruinne, agus é ag díriú go leanúnach ar phríomhphháirtithe san Afraic agus ar thíortha is lú forbartha, atá leochaileach agus ina raibh coimhlint.

Le 25 bliain anuas, tá an líon daoine atá ina gcónaí i mbochtaineacht mhillteanach laghdaithe níos mó ná leath agus bhí ról suntasach ag clár cúnaimh na hÉireann chun cúnamh a sheachadadh san áit is mó ina bhfuil gá leis.

I rith 2017, lean Éire lena ról ceannaireachta san fhorbairt idirnáisiúnta. Cuireadh tús le forfheidhmiú Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus thógamar ar ár dtraidisiún flaithiúlachta mar fhreagairt ar an riachtanas daonnúil atá ag dul i méid ar fud an domhain. I rith na bliana, chuidigh cúnamh forbartha na hÉireann le breis is 130 tír ar fud na cruinne, agus é ag díriú go leanúnach ar phríomhpháirtithe san Afraic agus ar thíortha is lú forbartha, atá leochaileach agus ina raibh coimhlint.

Aithníodh éifeachtúlacht chlár cúnaimh na hÉireann le déanaí i dtaighde a rinne an Institiúid Forbartha Thar Lear ina bhfuarthas amach gurb í Éire an deontóir is éifeachtúla i measc na dtíortha a dhíríonn ar an dianbhochtaineacht.

Ag labhairt ag 72ú Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac i Meán Fómhair, rinne an tAire Coveney an cás don chomhoibriú idirnáisiúnta agus don iltaobhachas. Léirigh sé an deis a thugann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe dúinn chun gníomhartha coiteanna a ghlacadh le dul i ngleic le cúiseanna bunaidh na bochtaineachta, an neamhionannais agus na héagobhsaíochta. Leag an tAire béim ar an "ról tábhachtach atá ag Éirinn chun comhaontú a éascú ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015, agus tá sí tiomanta dá bhforfheidhmiú ag baile agus trínár mbeartas eachtrach."

Tá an forfheidhmiú náisiúnta ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sin á threorú ag Denis Naughton T.D., an tAire Cumarsáide, Athraithe Aeráide agus Comhshaoil trí phróiseas a thugann Ranna Rialtais, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, le chéile. Mar aon le forfheidhmiú na Spriocanna sa phróiseas seo a threorú, réitíodh freisin do chéad Tuarascáil Náisiúnta ar Obair Dheonach na hÉireann maidir le forfheidhmiú in 2018.

Leag an tAire Coveney béim ag na NA ar na dúshláin atá roimh thíortha san Afraic nach raibh aon neart acu féin air, cosúil le hathrú aeráide, coimhlint agus slándáil bia. Bhí cúnamh do dhaoine eile dul i ngleic leis na dúshláin seo i gcroílár obair forbartha idirnáisiúnta na hÉireann i rith na bliana.



I rith an turais ar an gCéinia, d'oscail an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D., agus Rúnaí na Comh-aireachta an Dr Amina Mohamed, an tAire Gnóthaí Eachtracha, an Chéinia, Ambasáid na hÉireann in Nairobi. Grianghraf: Cúnamh Éireann

Bhí deis ag an Aire Coveney tionchar na hoibre seo a fheiceáil i rith na cuairte a thug sé ar Chorn na hAfraice i mí na Samhna. Bhuail sé le Príomh-Aire na hAetóipe, Hailemariam Desalegn agus thug sé cuairt freisin ar roinnt tionscadal a fhaigheann maoiniú ó Éirinn in Addis Ababa. Ina ghníomhaíochtaí san Aetóip, phléigh an tAire Coveney a gcomhpháirtíocht seanbhunaithe le hÉirinn agus d'fhiosraigh sé an bealach is fearr a bhféadfadh Éire tacú le hiarrachtaí chun síocháin a thabhairt chun an réigiúin, lena n-áirítear an tSúdáin Theas agus an tSomáil. D'aithin sé flaithiúlacht na n-údarás san Aetóip i bhfreagairt do shreafaí dídeanaithe réigiúnach agus d'fhógair sé tacaíocht mhéadaithe ó Éirinn ar fhaoiseamh do dhídeanaithe.




D'óstáil Ambasáid na hÉireann cuairt ó Rory O'Neill, nó Panti Bliss mar is fearr aithne air, in 2017 ar théama an chomhionannais. D'fhreastail Panti ar 'Viet Pride 2017', an fhéile is mó don phobal LADTI sa tír.
Grianghraf: Nguyễn Tiến Đạt

Fad is a bhí sé in Addis Ababa, bhuail an tAire Coveney le hionadaithe sinsearacha ó Aontas na hAfraice agus ón Údarás Idir-Rialtasach maidir le Forbairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar shíocháin agus forbairtí slándála ar an mórthír agus chun fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí rannpháirtíocht agus tacaíocht na hÉireann do phróisis pholaitiúla agus forbartha tacú go héifeachtach le straitéisí um thógáil síochána náisiúnta agus réigiúnacha.

Thaisteal an tAire Coveney chuig an gCéinia freisin, áit ar oscail sé go hoifigiúil Ambasáid nua na hÉireann in Nairobi agus bhuail sé leis an Uachtarán Kenyatta agus an tAire Eachtrach Mohammed. Dhírigh na comhráite ar dhianú na gcaidreamh agus béim ar leith ar thalmhaíocht, a bhí ríthábhachtach do scéal forbartha na hÉireann agus na Céinia. Thug siad chun cuimhne freisin an comhoibriú iontach idir Éire agus an Chéinia chun na hidirbheartaíochtaí ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a threorú. Bhí roinnt cruinnithe freisin ag an Aire Coveney maidir le cobhsú na Somáile, lena n-áirítear comhrá le hAire Eachtrach na Somáile, Yusef Garaad Omar.

Léiríodh fócas leanúnach na hÉireann maidir le slándáil bia i rith 2017 trí leithdháileadh níos mó acmhainní chun ocras a laghdú. Tá Éire fós ar an mbealach chun a sprioc den mhéid a chaitheann sí ar chothú a dhúbailt faoi 2020.

D'athsheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, agus an tAire Stáit Ciarán Cannon Clár Forbartha Talmhaíochta na hAfraice, a thugann tacaíocht do ghnólachtaí talmhaíochta Éireannacha a bheith mar chomhpháirtithe lena gcontrapháirteanna san Afraic i mí Iúil 2017. Clár comhpháirtíochta é seo idir an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara inar fhiosraigh cúig chuideachta deiseanna comhpháirtíochta infheistíochta in Uganda agus sa Chéinia i rith 2017. Dúirt an tAire Cannon "caithfidh an talmhaíocht a bheith i gcroílár na forbartha domhanda agus, go deimhin, tá sí i lár spriocanna forbartha na

hÉireann." D'fhiosraigh an tUachtarán Kenyatta leis an Aire Coveney ag a gcruinniú in Nairobi an cumas go gcuirfeadh teicneolaíocht agraibhia na hÉireann borradh faoi thionscal prátaí na Céinia agus tá sé seo á thabhairt ar aghaidh i gcreat AADP.

Ar an mbealach céanna, d'fhógair an tAire Cannon i mí Dheireadh Fómhair os cionn €6 mhilliún i maoiniú breise na hÉireann maidir le húsáid inbhuanaithe na n-aigéan.

Comhpháirt lárnach eile i mbeartas forbartha na hÉireann is ea infheistíocht san oideachas. I rith cuairt a thug sé ar an Tansáin i mí Dheireadh Fómhair, sheol an tAire Cannon Seachtain Cóid na hAfraice. Chuaigh an t-imeacht seo, a raibh ionchur suntasach ag Éirinn ann, i gcion ar os cionn 1.3 milliún duine óg i 35 tír san Afraic. Ag labhairt ag an seoladh, léirigh an tAire Cannon tábhacht na teicneolaíochta mar chumasóir forbartha agus fáis eacnamaíochta. Thug an tAire Cannon cuairt ar thionscadail oideachais agus sláinte, mar aon le bualadh le rannpháirtithe sa chlár Líontán Sábhála Táirgiúil, clár cosanta sóisialta a chuidíonn le roinnt de na daoine is leochailí sa Tansáin.

Tá Éire ar thús cadhnaíochta sa ghluaiseacht domhanda chun líontáin sábháilteachta sóisialta a chur ar fáil do gach duine faoi 2030, lena n-áirítear ról ceannaireachta a thabhairt sna comhpháirtíochtaí clár tíre déthaobhacha agus in 2017, foilsíodh an chéad bheartas um chosaint sóisialta Cúnamh Éireann.

Fad is a bhí sé sa Tansáin, thug an tAire Cannon cuairt ar champa dídeanaithe Nduta, ina bhfuil os cionn 125,000 duine gar don teorainn leis an mBurúin. Chonaic sé obair eagraíochtaí comhpháirtíochta na hÉireann, lena n-áirítear an Clár Bia Domhanda agus UNHCR, i measc roinnt eile, agus iad ag seachadadh seirbhísí dóibh siúd sa champa, oideachas san áireamh. Chuala sé freisin faoi fhlaithiúlacht na bpobal óstach a ghlac le dídeanaithe.

I gcoinne leibhéil nach bhfacthas cheana de ghéarchéimeanna daonnúla, agus cúnamh agus cosaint ag teastáil ó bhreis is 134 milliún duine i rith 2017, lean Éire lena traidisiún de fhreagairt fhlaithiúil. Lean an choimhlint sa tSiria ag fágáil a loirg ar a cuid daoine, agus thacaigh Éire leo siúd sa tSiria agus dídeanaithe i dtíortha comharsana. Thacaigh Éire leis an iarracht idirnáisiúnta chun ceithre ghorta sa Nigéir, sa tSomáil, sa tSúdáin Theas agus in Éimin a sheachaint, fad is a bhíothas ag freagairt don ghéarchéim ag eascairt as díbirt éigeantach le foréigean mhuintir Rohingya as Maenmar. Bhí dúshláin ar leith ag baint leis an gcoimhlint in Éimin chun freagairt dhaonnúil a fhorbairt mar gur fhorbair eipidéim chalair os comhair imshuí. Lean Éire lena cur chuige prionsabálta, neamhspleách, agus iltaobhach i dtaca le freagairt dhaonnúil, ag oibriú leis an gcóras NA, Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) agus le NGOanna.

I mbliana, rinneadh comóradh deich mbliana ar Scéim Chiste Freagairt Éigeandála na hÉireann, a bunaíodh chun l uathghníomhaíocht a chur chun cinn agus caillteanas saoil a chosc i ngéarchéimeanna a tharlaíonn go tobann. I rith na tréimhse seo, chumasaigh ár gcomhpháirtithe muid chun os cionn 150 freagairt dhaonnúil a dhéanamh in os cionn 40 tír. Chumasaigh sé seo, mar aon le Cór Mearfhreagartha Chúnamh Éireann agus le rannpháirtíocht na hÉireann i Lárchiste Freagartha Éigeandála NA (CERF), freagairt thapa Éireannach le hÉigeandálaí in 2017.

Lean Éire ag obair i spiorad na comhpháirtíochta i rith 2017. Bhí obair leanúnach le NGOanna, bíodh siad Éireannach, idirnáisiúnta nó áitiúil, lárnach anseo. In 2017, lean Éire leis an leibhéal is airde tacaíochta d'eagraíocht sochaí sibhialta as aon chomhalta OECD DAC, ag 45% den chúnamh forbartha iomlán thar lear.

In 2017, tar éis próiseas an-iomaíoch, ghlac Éire páirt i gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha cúig bliana le trí cinn déag de NGOanna bunaithe in Éirinn. Infheistíochtaí fadtéarmacha, oiriúnaitheacha iad na comhpháirtíochtaí seo in athrú inbhuanaithe chun cláir éifeachtacha a chinntiú a dhéanfaidh difríocht mhór i saol daoine sna cúinsí is deacra atá ann. Tá socruithe maoinithe ilbhliantúla na hÉireann do chomhpháirtithe NGO áirithe uathúil agus ceadaíonn sé do na comhpháirtithe seo a bhfreagraí do chásanna géarchéime a phleanáil go meántéarmach.

Tá cearta an duine agus dínit lárnach i bhforbairt idirnáisiúnta na hÉireann. Mar chuid d'imeachtaí Lá Fhéile Pádraig, thug Rory O'Neill – nó Panti Bliss mar a thugtar air freisin – cuairt ar Mhósaimbíc agus ar an Afraic Theas chun feasacht ar HIV agus ar chearta an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin atá roimh phobail DLADTI sna tíortha sin. Thug sé cuairt ar Vítneam i rith na bliana ar mhisean den chineál céanna. Tá dul i ngleic le HIV fós ina chomhpháirt lárnach de chúnamh forbartha na hÉireann, agus os cionn €30 milliún leithdháilte in 2017.

Aithníodh an méid a chuir Éire le sláinte agus forbairt ag an gCeathrú Fóram Domhanda ar Acmhainní Daonna don tSláinte, mórchomhdháil idirnáisiúnta a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna. Dhírigh os cionn 1,000 toscaire ar chuir chuige le dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an bhfórsa saothair sláinte domhanda, lena n-áirítear oiliúint, coinneáil agus cearta. Thionóil an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Sláinte, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus an Líonra um Fhórsa Oibre Sláinte Domhanda an Fóram le chéile.

I mí Mheán Fómhair, chuir an Comhchoiste Oireachtais um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádáil agus Cosaint tús le próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar Chúnamh Éireann, lenar áiríodh cuairt a thug an Coiste ar an Maláiv agus Mósaimbíc i mí na Samhna.

Bliain ghnóthach a bhí in 2017 d'Éirinn i rannpháirtíocht agus trí bheartas agus cláir forbartha an Aontais Eorpaigh. Lean an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit mar sholáthraithe ceannasacha domhanda cúnaimh (€75.7 billiún in 2017), agus téann os cionn ceathrú cuid de Chúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann (COF) trí chainéil AE. Cuireadh tús in 2017 leis an bpróiseas chun comhpháirtíocht úr agus tairbhiúil don dá thaobh idir AE agus tíortha na hAfraice, an Aigéin Chiúin agus Mhuir Chairib (ACP) agus Éire i lár an aonaigh. Buaicphointe den mhéid a chur Éire leis an 5ú Cruinniú Mullaigh AU-AE i mí na Samhna, inar léiríodh dúshláin chomhroinnte na síochána agus na slándála, na himirce agus na dífhostaíochta óige, agus rinneadh iarracht deiseanna a chruthú d'fhás uileghabhálach agus cumas iomlán na mban agus na bhfear óg Afracach a dhíscaoileadh.



An tAire Stáit Ciarán Cannon T.D. ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, ag labhairt ag an gCeathrú Fóram Domhanda ar Acmhainní Daonna don tSláinte, a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath i mí na Samhna 2017. Grianghraf: WHO

# Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

*"Dhá bhliain ó shin, ghlac ceannairí domhanda le Clár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe atá uaillmhianach, le seacht Sprioc Forbartha Inbhuanaithe déag ag a chroílár. Is é an Clár Oibre atá ann ár bplean comhroinnte chun an domhan a athrú ó bhonn taobh istigh de cúig bliana déag agus, go ríthábhachtach, saol dínite a thógáil do gach duine."*

***António Guterres***
*Ard-Rúnaí, Na Náisiúin Aontaithe, 2017*

Cuimsítear leis an gClár Oibre 2030, ina bhfuil an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus 169 sprioc, an iarracht is uaillmhianaí fós chun tacaíocht domhanda don fhorbairt inbhuanaithe a spreagadh. Bhí ról lárnach ag Éirinn chun na hidirbheartaíochtaí a éascú, agus i nglacadh na spriocanna domhanda seo ag an 193 ball Stáit ar fad sna Náisiúin Aontaithe in 2015, ag tógáil ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise (MDGanna) a chuaigh rompu.

Mar sin féin, tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe éagsúil. Tá feidhm ag an gcomhaontú domhanda suaitheanta seo maidir le gach tír, forbartha agus i mbéal forbartha araon, agus cuireann sé creat ar fáil don fhorbairt inbhuanaithe go domhanda den chéad uair riamh. Is mór ag Éirinn ról suntasach a bheith aici i bhforbairt agus i nglacadh ina dhiaidh sin na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus anois teastaíonn uainn leanúint ag taispeáint ceannaireachta agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe á bhforfheidhmiú, ag baile agus thar lear. I gcomhair eolais faoi na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tabhair cuairt ar https://sustainabledevelopment.un.org/sdgs

Tá cuimsiú, cumhachtú agus neamh-idirdhealú i gcroílár Chlár Oibre 2030, a léirítear ina gheall "nach bhfágtar aon duine ar gcúl" agus "an té is faide ar gcúl a chur chun tosaigh". Is le gach duine na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus braithfidh chomh maith is a éireoidh leo ar rannpháirtíocht ghníomhach gach duine lena mbaineann siad. Teastaíonn nuáil sa chinnteoireacht agus san fhorfheidhmiú, agus tiomantas ag an leibhéal is airde, chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

## Forfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Tá sé de chúram foriomlán ar an Aire Cumarsáide, Athraithe Aeráide agus Comhshaoil chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn in Éirinn agus a bhforfheidhmiú comhleanúnach a mhaoirsiú ar fud an Rialtais. Tá ról ceannasach ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála i dtacú le gnéithe idirnáisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear trí obair Chúnamh Éireann i dtacú leis na Tíortha is Lú Forbartha ina n-iarrachtaí forfheidhmithe.

Cuireann an Plean Forfheidhmithe Náisiúnta SDG 2018-2020 a seoladh le déanaí creat ar fáil don chaoi a bhforfheidhmeoidh Éire ina iomláine na Spriocanna, lena n-áirítear an chaoi a gcuirfear beartais agus tionscnaimh chun cinn agus a dtacófar leo ar fud an Rialtais chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i gcrích. Sainaithnítear deiseanna ann chun comhleanúnachas beartais a bhreisiú, mar aon le feasacht phoiblí agus rannpháirtíocht gach duine a mhéadú sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

*"Tá sé de chumhacht agus de chumas ag na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an domhan a athrú ó bhonn, dul i ngleic le cúiseanna bunaidh na bochtaineachta, an neamhionannais agus na héagobhsaíochta. Ach, ní féidir a gcumas a bhaint amach ach trí chóras iltaobhach láidir agus muiníneach a chumhachtaíonn Ballstáit chun spriocanna uaillmhianacha ach riachtanacha a leagaimid amach dúinn féin a shroicheadh. Bhí ról tábhachtach ag Éirinn chun comhaontú a éascú ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015, agus tá sí tiomanta dá bhforfheidhmiú ag baile agus trínár mbeartas eachtrach.*

An fhoireann UNDP ban ar fad ag seasamh i gcomhair pictiúir ag an Global Goals World Cup, 2017, arna reáchtáil in Brooklyn Exp Centre, Nua-Eabhrac.
Grianghraf: © UNDP / Freya Morales






An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn ag labhairt ag Cruinniú Mullaigh 2016 maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna óstáil ag Dóchas.
Grianghraf:
Peter Houlihan/Dóchas

***Aitheasc an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, T.D.,*** *do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Nua-Eabhrac, 23 Meán Fómhair 2017*

Déantar athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach ag Fóram Polaitiúil Ardleibhéil na NA, áit a gcuireann tíortha Tuarascálacha Náisiúnta Deonacha i láthair agus a ndéantar athbhreithniú orthu. In 2017, chuir 43 tír Tuarascálacha Náisiúnta Deonacha i láthair, inar tugadh eolas tábhachtach, fianaise-bhunaithe maidir le stádas agus treocht fhorfheidhmiú náisiúnta na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Ba léir ar an Ardán Polaitiúil Ardleibhéil in 2017 gur mhéadaigh tíortha iarrachtaí chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú i bpleananna agus straitéisí forbartha náisiúnta, agus go bhfuil siad ag tosú le creataí institiúideacha láidre a chur i bhfeidhm chun forfheidhmiú Clár 2030 a threorú agus a fhaire. Dúshlán comhchoiteann is ea bailiú agus úsáid sonraí iontaofa, tráthúil agus inrochtana. In Éirinn, seoladh ardán poiblí nuálach ar líne a thugann sonraí atá ar fáil go poiblí maidir leis na Spriocanna le chéile agus a cheadaíonn don phobal na sonraí seo a fhiosrú agus a íoslódáil chun críocha taighde agus oideachais (feic http://irelandsdg.geohive.ie). Chuir Éire a Tuarascáil Náisiúnta Deonach i láthair ag an bhFóram Polaitiúil Ardleibhéil i mí Iúil 2018.

## Cloí le Beartas

Ar cheann de na rudaí nuálacha sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe léiríonn siad na hidirnaisc idir céard a cheapfaí cheana mar earnálacha oibre ar leith, nó mar chláir oibre baile nó idirnáisiúnta ar leith. Cuireann na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i gcuimhne dúinn gur gá féachaint ar shaincheisteanna amhail gáinneáil daoine agus athrú aeráide ar bhealach iomlánaíoch ar fud an rialtais, a thugann a ngnéithe náisiúnta agus idirnáisiúnta san áireamh freisin.

*"Níl stóir institiúideacha oiriúnach chun spriocanna uilíocha a bhaint amach i gcomhthéacs domhanda. Tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe fite fuaite le spriocanna agus aidhmeanna ar gá tabhairt fúthu le chéile, ionas go mbeidh dul chun cinn i réimse amháin ag brath ar dhul chun cinn i réimsí eile, agus óna dteastaíonn freagraí beartais comhtháite agus barántúla. Léiríonn sé seo, ní hamháin an ghné dhomhanda agus idirghaolmhar a bhaineann le dúshláin ár linne, ach réadúlacht saol daoine – go bhfuil na gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil idirnasctha inár dtaithí laethúil."*

***An tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn*** *(sa phictiúr thuas),*
*ag labhairt ag Cruinniú Mullaigh 2016 maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna óstáil ag Dóchas*



Aitheasc an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Simon Coveney, T.D. le Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Nua-Eabhrac, 23 Meán Fómhair 2017.
Grianghraf: UN Photo/Cia Pak

Tá teacht amach as stóir institiúideacha tábhachtach i gcomhair forfheidhmiú dúchasach na Spriocanna. Tá comhordú náisiúnta timpeall ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, dá bhrí sin, ríthábhachtach agus forbraíodh é i rith 2017. Bunaíodh Grúpa Oifigeach Sinsearach Idir-Rannach, agus Roinn an Taoisigh i mbun cathaoirleachta air, agus Grúpa Oibre Idir-Rannach, agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Comhshaoil i mbun cathaoirleachta, in 2017 chun comhordú an Rialtais ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a threorú.

Tá sé tábhachtach go gcloítear leis an mbeartas freisin i gcomhair forbairt beartais idirnáisiúnta na hÉireann: Riarann ranna rialtais seachas an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 30% de bhuiséad Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) na hÉireann. Láidreoidh athbhreithniú 2018 forbairt beartais idirnáisiúnta na hÉireann ailíniú an bheartais seo a thuilleadh le tacú le forfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cloí le beartas agus cur chuige uile-rialtais a bheidh mar théamaí lárnacha san athbhreithniú seo.

## Ag obair ar fhorfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain

Lean Éire lena ról tábhachtach ag tacú le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe go domhanda in 2017, lena n-áirítear trí chlár Chúnamh Éireann. Síos tríd an Tuarascáil Bhliantúil seo, is féidir samplaí de na torthaí a bhaintear amach chuige sin a fheiceáil – agus muid ag obair i dtreo ocras laghdaithe agus teacht aniar níos láidre sa phobal; fás eacnamaíoch cuimsitheach agus inbhuanaithe; agus rialachas, cearta an duine agus cuntasacht níos fearr. Trí thacú le forbairt fadtéarmach agus chun cúnamh daonnúil a chur ar fáil in os cionn 80 tír, tá Éire ag cabhrú chun todhchaí níos fearr a thógáil le haghaidh roinnt de na daoine agus na pobail is boichte ar domhan trí leochaileacht a laghdú, deiseanna a mhéadú, agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i gcrích.


SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS
17 SPRIOC CHUN ÁR NDOMHAN A ATHRÚ
1 NO POVERTY
2 ZERO HUNGER
3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING
4 QUALITY EDUCATION
5 GENDER EQUALITY
6 CLEAN WATER AND SANITATION
7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY
8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH
9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE
10 REDUCED INEQUALITIES
11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES
12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION
13 CLIMATE ACTION
14 LIFE BELOW WATER
15 LIFE ON LAND
16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS
17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

# Vítneam agus an Áise Thoir Theas



DAONRA:
**93.4 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$5,335**

INNÉACS NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT DHAONNA:
**115** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**75.9 bliain**

TORTHAÍ 2017


**60 tionscadal bonneagair pobail ag feabhsú seirbhísí ríthábhachtacha i gceantair mhionlaigh eitneacha iargúlta Vítneam.**

**Feabhsaíodh aiste bia 326,000 teaghlach tuaithe i Maenmar.**

**82 cuairt malairte oideachais idir Éirinn agus Vítneam; 34 scoláire ó Vítneam ar scoláireacht go hÉirinn.**

Príomhphictiúr:
Tacaíonn Cúnamh Éireann le rochtain níos fearr ar uisce glan, sláintíocht agus sláinteachas i gCúige Quang Tri, Vítneam, tríd an bPlean Idirnáisiúnta.
Grianghraf: Plean Idirnáisiúnta Vítneam

Pictiúr den Chás-staidéar:
Srey Yen, ag obair le HALO Trust sa Chambóid.
Grianghraf: Nic Dunlop



## Vítneam agus an Áise Thoir Theas

# Tacú leis an tsochaí shibhialta athrú a chur chun cinn




Ba é 2017 an chéad bhliain de Straitéis ceithre bliana nua na hÉireann le haghaidh Vítneam agus Fo-Réigiún Mekong 2017-2020 (An Chambóid, Maenmar agus Lao PDR). Tacaíonn buiséad €10 milliún sa bhliain le seachadadh na straitéise seo i gcomhair comhpháirtíochtaí comhoibrithe forbartha.

In 2017, leag an Ambasáid amach cur chuige nua chun tacú le forbairt mionlaigh eitnigh iomlánaíoch i Vítneam, ar ar tugadh *Ethnic Minorities Partnership for Resilience and Opportunity* (EMPRO), a bhfuil sé mar aidhm leis tabhairt faoi na saincheisteanna an-suntasach a dtéann pobail mhionlaigh eitneacha i ngleic leo ar bhonn laethúil lena n-áirítear rochtain a fháil ar sheirbhísí riachtanacha, cothú d'ardchaighdeáin, comhionannas inscne, inbhuanaitheacht aeráide agus comhshaoil, guth an phobail agus a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht. Thacaigh an Ambasáid le 60 tionscadal bonneagair pobail in 2017 i gceantair mhionlaigh eitneacha iargúlta Vítneam.

Tá tacaíocht don tsochaí shibhialta fós i gcroílár na Straitéise nua, ag aithint nach bealach é an tsochaí shibhialta chun seirbhísí a sheachadadh do na boicht agus daoine a bhfuil sé deacair dul i gcion orthu ach is féidir leis freisin cúnamh straitéiseach a thabhairt le próisis forbartha, cearta an duine a chur chun cinn, cuntasacht an rialtais a láidriú agus smaointe nuálacha a chur ar fáil le bheith mar bhunús le beartais agus cláir rialtais. Díríodh in 2017 ar thacaíocht d'eagraíochtaí áitiúla le dul i ngleic le riachtanais a bpobail féin, de réir thiomantas na hÉireann do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

I rith 2017, bhronn an Ambasáid 29 scoláireacht ar mhic léinn le tabhairt faoi staidéar ar leibhéal Máistreachta in Éirinn, go príomha i réimsí inar aithin Rialtas Vítneam go bhfuil bearnaí ríthábhachtacha i gcumas.

Bainistíonn Ambasáid na hÉireann in Hanoi clár réigiúnach i Vítneam, sa Chambóid, i Maenmar agus in Lao PDR le dul i ngleic le saincheisteanna laige, leochaileachta agus riachtanais daonnúla. In 2017, chuaigh cláir sna tíortha seo i ngleic leis an ocras agus fochothú, tacaíocht chun slí bheatha a bhaint amach do ghrúpaí leochaileacha, dí-mhianadóireacht dhaonnúil agus laghdú ar an riosca mianaigh.

CÁS-STAIDÉAR

### HALO Trust sa Chambóid

In 2012, thosaigh Srey Yen, 18 mbliana d'aois, mar dhí-mhianadóir le HALO Trust, eagraíocht dhaonnúil idirnáisiúnta a oibríonn chun mianaigh agus ordanás neamhphléasctha a ghlanadh, arna thacú ag clár cúnaimh na hÉireann tríd an Ambasáid in Hanoi, Vítneam. Tá baile beag Srey Ye, Ou Pok, níos lú ná trí chiliméadar ó bhac chrios mianach K-5 sa Chambóid, ceann d e na criosanna mianach is mó ar domhan, ina meastar go bhfuil suas le 2 mhilliún mianach.


Mar oifigeach allamuigh le HALO, maoirsíonn Srey Yen naonúr dí-mhianadóirí. Cosúil le go leor ball eile dá foireann, tagann sí ó theaghlach bocht; sula ndeachaigh sí ag obair le HALO d'fhág sí an scoil chun tacú lena muintir ag díol éisc sa Téalainn. Nuair a chuaigh sí ag obair le HALO ní raibh a hathair sásta go dtí gur fhill sí ar a mbaile beag lena foireann agus chonaic sé luach a cuid oibre.

Aimsíodh 1,570 mianach ar an iomlán i mbaile beag Srey Yen. 'Níor thuig mé chomh dona is a bhí an fhadhb go dtí gur thosaíomar á nglanadh,' a deir Srey Yen. 'Bhí faitíos orm nuair a thuig mé chomh gar is a bhí siad.' Is furasta teacht ar thorthaí nithiúla obair fhoireann Srey Yen. Tá aon trian de thalamh comharsan léi, Sreng Oun, truaillithe leis na marfóirí ceilte seo. Ó glanadh amach na mianaigh, tá an saol feabhsaithe agus níl faitíos ar dhaoine níos mó. 'Roimhe seo, bhí thart ar cúig thimpiste againn sa bhaile. Tar éis do HALO an ceantar seo a ghlanadh, níor chuala mé faoi oiread is ceann amháin,' a deir Srey Yen.

Tá obair Chúnamh Éireann le HALO Trust sa Chambóid mar chuid de thiomantas domhanda na hÉireann chun cúnamh daonnúil a chur ar fáil dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu, chun dochar a laghdú le sibhialtaigh i rith coimhlinte agus chun úsáid airm chogaidh fhánacha a chosc.

Sa Chambóid, tá os cionn 50% de na criosanna mianach glanta amach anois agus tá rátaí timpiste tite go mór – rath mór ar chomhoibriú na hÉireann le HALO agus forbairt a d'athraigh an saol do theaghlaigh cosúil le teaghlach Srey Yen.

Thacaigh clár cúnaimh na hÉireann le hobair HALO sa Chambóid ó 1997. Inniu, mar thoradh díreach ar an tacaíocht sin, tá 53,000 teaghlach in ann feirmeoireacht a dhéanamh gan faitíos a bheith orthu go ngortófar nó go marófar iad.



# An Cholóim

An tUachtarán Ó hUigínn ag an Palacio de Narino (Pálás an Uachtaráin) i gcathair Bogotá sa Cholóim áit ar chas sé le hUachtarán na Colóime Juan Manuel Santos i mí Feabhra 2017. Bronnadh Duais Síochána Thiobraid Árann 2018 ar an Uachtarán Santos as a chuid iarrachtaí chun síocháin a thabhairt chuig an gColóim agus deireadh a chur le níos mó ná 50 bliain de throid. Grianghraf: © Maxwell's Photography 2017

16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS



An tUachtarán Ó hUigínn leis an Aire Coimirce Sóisialaigh ag an am, Leo Varadkar, ag campa FARC tríocha sé i mBardas Anori sa Cholóim agus iad ar thuras timpeall na saoráide leis an gCor. Delfim Valente, i rith na cuairte oifigiúla a thug sé ar an tír i mí Feabhra, 2017. Grianghraf: © Maxwell's Photography 2017

Tacaíonn Éire go láidir leis an bpróiseas síochána sa Cholóim, a shroich buaicphointe in 2016 nuair a síníodh comhaontú síochána stairiúil idir rialtas na Colóime agus an grúpa reibiliúnach FARC, a chuir deireadh le níos mó ná 50 bliain de choimhlint sa tír.

Bhí meas ag gach taobh sa Cholóim ar obair na hÉireann chun ár dtaithí ón bpróiseas síochána i dTuaisceart Éireann a roinnt. In 2017, bhí tacaíocht do cheachtanna ar leith comhroinnte maidir le réimse éagsúil saincheisteanna, lenar áiríodh ról na mban i gcothú na síochána, ath-imeascadh príosúnaigh, ról na hearnála príobháidí, agus athchóiriú póilíní. Tá cúnamh teicniúil curtha ar fáil ag Éirinn ónár dtaithí féin de bheith ag bainistiú cistí síochána agus athmhuintearais idirnáisiúnta.

Thacaigh Éire freisin le roinnt eagraíochtaí tábhachtacha agus tionscnamh chun síocháin a chothú lena n-áirítear Ciste Iontaobhais an AE do Phróiseas Síochána na Colóime. Chuir Éire maoiniú ar fáil do Chiste Iontaobhais na NA sa Cholóim dá hobair thábhachtach ag tacú le forfheidhmiú na gcomhaontuithe síochána, agus d'Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Cearta an Duine sa Cholóim le seachadadh ar a ról monatóireachta ar ghnéithe chearta an duine de na comhaontuithe síochána.



# An tSaiheil

Ógánaigh ag imirt peile ag lonnaíocht neamhfhoirmiúil do dhaoine aslonnaithe ag Boko Haram ar imeall Diffa, an Nígir, Dé Céadaoin an 11 Eanáir 2017. Grianghraf: UNICEF/Tremeau

Creideann Éire go bhfuil tábhacht le slándáil, cobhsaíocht agus forbairt a chinntiú i dtíortha na Saiheile don Eoraip agus don Afraic araon agus gur gá don dá mhórthír freagairt do na dúshláin a bhaineann le dul i ngleic le sceimhlitheoireacht, gáinneáil daoine agus athrú aeráide le chéile. Áiríodh le rannpháirtíocht sa réigiún saineolaithe sibhialtacha ar iasacht, imlonnú Óglaigh na hÉireann, agus soláthar maoiniú daonnúil agus forbartha.

Sheol an AE trí Mhisean sibhialtach sa réigiún seo. Bunaíodh misean CCS an Aontais Eorpaigh sa Nígir in 2012 le tacú le troid na tíre in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus na coiriúlachta eagraithe. Cuireann sé comhairle agus oiliúint ar fáil freisin le tacú le hinstitiúidí slándála na Nígire. Bunaíodh misean CCS an Aontais Eorpaigh i Mailí in Eanáir 2015 le tacú le fórsaí slándála inmheánacha Mhailí chun ord bunreachtúil agus daonlathach a chinntiú, agus chun na coinníollacha a chur i bhfeidhm i gcomhair síocháin mharthanach agus údaráis an Stáit a chothú ar fud na críche. Seoladh misean um Ghníomh Cobhsaíochta (EUSTAMS Mailí) in 2017 chun comhairle a chur ar na húdaráis i Mailí láir ar shaincheisteanna rialachais agus tacú le pleanáil agus forfheidhmiú gníomhaíochtaí a dhírítear ar riarachán agus bunseirbhísí sibhialtacha a athchóiriú.

D'fhostaigh Éire saineolaí sibhialtach amháin chuig gach ceann de na Misin seo (Ceann an Aonaid um Chomhordú Idirnáisiúnta sa Nígir, Comhairleoir Polaitiúil do mhisean CCS an AE i Mailí agus Saineolaí Rialachais in EUSTAMS Mailí).

Tá scór ball d'Óglaigh na hÉireann imlonnaithe chuig Misean Oiliúna AE i Mailí. Cuireann EUTM oiliúint, oideachas agus comhairle ar fáil d'Fhórsaí Armtha Mhailí chun a n-acmhainn a thabhairt ar ais dóibh, iad a chumasú le timpeallacht shábháilte agus shlán a chothú taobh istigh dá dteorainneacha náisiúnta agus chun an bhagairt ó ghrúpaí sceimhlitheoireachta a laghdú. Tá trúpaí seolta ag Éirinn chuig an Misean ó bunaíodh é in 2013.

Chuir Éire os cionn €3.6 milliún i maoiniú daonnúil agus maoiniú forbartha ar fáil trína scéimeanna maoinithe sochaí sibhialta do thionscadail agus do chláir i dtíortha na Saiheile in 2017. Cuirtear tacaíocht dhaonnúil shuntasach ar fáil freisin do réigiún na Saiheile tríd an Lárchiste Freagartha Éigeandála (CERF), ina bhfuil Éire ina ranníocóir tiomanta.



# An Aetóip

DAONRA:
**99.4 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$1,523**

INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
**174** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**64.6 bliain**

TORTHAÍ 2017


**Mhaoinigh clár cúnaimh na hÉireann mar aon le Mná na NA cúram dírithe ar mharthanóirí do 100 duine ar baineadh mí-úsáid astu (71 bean agus 29 leanbh) trí chlár um Chosc agus Fhreagairt d'Fhoréigean in aghaidh Ban agus Cailíní. Áiríodh leis an tacaíocht: rochtain ar cheartas; cúnamh dlí saor in aisce; tacaíocht cúirte; tacaíocht leighis agus giniúint ioncaim. Ath-imeascadh 85 marthanóir lena dteaghlaigh nó le pobail agus tugadh cúnamh do 21 marthanóir chun tacú leo féin. Anuas air sin, cabhraíodh le 38 leanbh in ionaid chúraim lae.**

**Cruthaíodh roghanna slí bheatha d'os cionn 5,000 duine óg dífhostaithe trí oiriúnú bunaithe ar éiceachóras a chumasaigh feirmeoirí freisin chun córais feirmeoireachta athléimneacha a ghlacadh.**

**In dhá dhúiche de réigiún Dheisceart na hAetóipe, sholáthair clár píolótach Cothaithe agus Cuimsithe Sóisialta i gcomhar le UNICEF aistrithe airgid do 2,000 cliant Tacaíochta Dírí Buan atá scothaosta agus leochaileach.**

Príomhphictiúr:
Dídeanaithe ón tSúdáin Theas ag réiteach le dul ar aghaidh leis an turas chuig Stáisiún Metu Way tar éis stopadh. An chéad lá de thionlacan trí lá ar dhídeanaithe na Súdáine Theas ó Pagak Reception Center, Réigiún Gambella go Gure-Shembola in Assosa Region, an Aetóip.
Grianghraf: Rikka Tupaz / IOM

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Mahuba Debisso lena hiníon agus an tOibrí Breise Sláinte pobail (Baderya Tadele). Grianghraf: Dula Abebe, UNICEF



## An Aetóip

# Difríocht á déanamh ag líontáin sábhála sóisialta









Bhí go leor dúshlán roimh an Aetóip in 2017, an tríú bliain i ndiaidh a chéile de thriomach, corraíl pholaitiúil agus coimhlint idir-eitneach a raibh aslonnú inmheánach ollmhór mar thoradh air. In iarracht síocháin a chruthú, fógraíodh Staid Éigeandála i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus mhair sé 10 mí. Anuas air sin, in 2017 d'óstáil an Aetóip 900,000 dídeanaí, ón tSúdáin Theas go príomha.

Thacaigh Ambasáid na hÉireann san Aetóip le Clár Líontán Sábhála Táirgiúil a chuir bia/airgead ar fáil chun an bhearna bia 7.99 milliún (51% baineann) a laghdú do dhaoine bochta faoin tuath. Mar thoradh ar an obair a rinne tairbhithe, athshlánaíodh 460,856 heicteár de thalamh, tógadh 18,717km de bhóithre; tógadh 16,730 de thionscadail uisce agus 4,044 de bhonneagar sóisialta. D'fheabhsaigh an tacaíocht d'idirghabhálacha slí bheatha an rochtain ar shíolta d'ardchaighdeáin d'fheirmeoirí le gabháltas beag agus mar thoradh ar obair abhcóideachta na hÉireann dréachtaíodh Beartas Síolta Náisiúnta, a fhaomhfaidh Comhairle na nAirí.

Thacaigh ranníocaíocht na hÉireann le Ciste Daonnúil na hAetóipe le 102 tionscadal ilearnála agus rinneadh na hinfheistíochtaí ba mhó sna hearnálacha uisce, sláintíochta agus sláinteachais (WaSH), cothaithe, sláinte agus talmhaíochta faoi seach. Anuas ar an 3.2 milliún cliant den Líontán Sábhála Táirgiúil tugadh airgead breise do na hoibreacha poiblí i gceantair ina raibh triomach sa dara leath de 2017.

Ag oibriú le UNICEF, thacaigh Éire le tionscadal píolótach um chosaint cothaithe agus sóisialta, dearadh córas bainistíochta cáis agus córas bainistíochta faisnéise. Úsáidfear na torthaí ón tionscadal píolótach chun córas náisiúnta um chosaint sóisialta a cheapadh. Chun clúdach na rochtana ar sheirbhís sláinte a mhéadú in áiteanna iargúlta de Réigiún Tigray, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann freisin le tógáil 39 ionad sláinte [mínigh] i gcomhar leis na pobail agus an rialtas.

CÁS-STAIDÉAR

### Scéal Mahuba Debisso, ar cliant í den Chlár Líontán Sábhála Táirgiúil (PSNP) in SNNPR.

Bean óg 28 bliain d'aois í Manuba Debisso as baile Tuka i réigiún SNN den Aetóip. Ní bhfuair Mahuba oideachas tar éis rang a ceathair agus cónaíonn sí i dteaghlach ceathrar, in éineacht lena fear céile, a dhara bean agus a gcuid leanaí. Ghlac teaghlach Mahuba páirt i gClár Líontán Sábhála Táirgiúil (PSNP) dhá bhliain ó shin mar gheall ar neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus faigheann siad ETB 550 (US$20) sa mhí i gcomhair riachtanas bunúsach.

D'aistrigh Mahuba ó scéim oibre poiblí PSNP, ina n-éilítear ar dhuine a bheith ábalta le tabhairt faoi oibreacha cosúil le tógáil taiscumair, chuig scéim cliaint Tacaíocht Dhíreach (DS), nuair a bhí sí ag iompar clainne. Ní éilíonn Soláthar Díreach go mbeadh an faighteoir ag obair. Deir Mahuba "Nuair a thuig mé go raibh mé ag iompar páiste, chuaigh mé chuig an oibrí breise sláinte agus d'inis mé an scéal di. Dhearbhaigh an HEW an toircheas agus d'iarr sí go bhfaighinn díolúine ón nGníomhaire Forbartha i gcomhair oibreacha poiblí ó obair fhisiciúil go dtí go mbeidh mo leanbh bliain d'aois."

Tuigeann Mahuba na comhfhreagrachtaí a tugadh di mar chliant DS. Coinníollacha neamhcheangailteacha iad comhfhreagrachtaí a bhaineann le haistriú airgid a fháil. Áirítear orthu seo gur gá do Mahuba cuairt rialta a thabhairt ar an tsaoráid sláinte, freastal ar chuairteanna cúraim réamhbhreithe agus iarbhreithe; páirt a ghlacadh i seisiúin um athrú iompair maidir le cothú leanaí, taispeántais sláinteachais agus cócaireachta, agus cinntiú go ndéantar a naíonán a imdhíonadh agus go leanann sé sceideal monatóireachta fáis.

Cuireadh idirghabhálacha breise cothaithe ar fáil do Mahuba. Fuair sí cúig shicín mar shlí maireachtála agus tá sí in ann uibheacha a chur ar fáil dá leanaí.



# An Mhaláiv

DAONRA:
**17.2 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$1,073**

INNÉACS NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT DHAONNA:
**170** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**63.9 bliain**

TORTHAÍ 2017

**Córas Náisiúnta Clárúcháin agus Aitheantais curtha ar fáil do 9 milliún saoránach.**

**Tairbhe bainte ag os cionn 8,300 teaghlach as tacaíocht dhíreach ó chlár cúnaimh na hÉireann trí aistrithe airgid.**

**Méadú ar líon na bhfeirmeoirí a bhí ag glacadh le barra níos éagsúla, a fhásann sa triomach.**

Príomhphictiúr:
Tá aistrithe airgid éigeandála á bhfáil ag Sainabu Selaju, 24, ó Concern ó Mheán Fómhair 2016. Chabhraigh sé seo chun bia a chur ar fáil agus chabhraigh sé léi leasachán a cheannach dá barra.
Grianghraf: Peter Taylor/Concern

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Mwawi Ng'ombe, ó Dhúiche Lilongwe, ag Ionad Comhdhlúite an Chórais Náisiúnta Clárúcháin agus Aitheantas (NRIS).
Grianghraf: UNDP



An Mhaláiv

# Na saoránaigh a chlárú chun a saol a fheabhsú




16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS

17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS

Is í an talmhaíocht bunchloch an gheilleagair, ionann le haon trian den OTI, agus 64% den fhostaíocht. In 2017, bhí formhór teaghlach fós ag teacht chucu féin ó thurraingí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, tar éis blianta as a chéile de thriomach, inmhíolú lotnaide, agus drochfhómhair as ar eascair neamhdheimhneacht thromchúiseach an tsoláthair bia. Cuireadh deireadh le freagairt dhaonnúil rathúil do bheagnach 40% den daonra (6.7 milliún) in Aibreán leis an gcéad fhómhar maith grán buí le blianta fada.

Tosaíocht straitéiseach do chlár cúnaimh na hÉireann is ea fócas an chláir a athrú ó fhreagairt éigeandála bhliantúil chuig athléimneacht fadtéarmach a thógáil. Chuige seo in 2017, tuairiscíodh méaduithe móra sna cláir talmhaíochta sa Mhaláiv ar an líon feirmeoirí a ghlac le talmhaíocht chaomhnaithe agus a chuir barra níos éagsúla, a sheasann an triomach agus atá cothaitheach. Tá sé tábhachtach go háirithe glacadh le cuir chuige inbhuanaithe i gcomhthéacs na Maláive áit a dtagann formhór an ioncaim go fóill ó fheirmeacha beaga. Léiríodh i suirbhé a rinneadh le déanaí go bhfuil beagnach leath de theaghlaigh feirme anois ag brath ar níos lú ná acra amháin chun slí bheatha a bhaint amach.

I rith 2017, bhí rannpháirtíocht fhairsing ag Éirinn le Rialtas na Maláive chun Straitéis Athléimneachta Náisiúnta a fhorbairt agus tiomantais bheartais agus chláir mhéadaithe do na teaghlaigh is boichte a chinntiú. Bíonn teaghlaigh faoin tuath, nach bhfuil aon ioncam rialta acu, fíorbhocht go minic. Cuireadh síneadh in 2017 ar chláir um chosaint shóisialta, a chuireann aistrithe airgid rialta ar fáil don 10% is boichte de theaghlaigh, chuig gach dúiche. Ag cur leis an gclár náisiúnta seo, thug Cúnamh Éireann tacaíocht dhíreach d'íocaíochtaí airgid leictreonacha míosúla d'os cionn 8,300 teaghlach in 2017.

Ag cur cuntasacht phoiblí níos mó chun cinn, le tacaíocht na hÉireann, cuireadh an Córas Náisiúnta Clárúcháin agus Aitheantais ar fáil do 9 milliún saoránach in 2017. Táthar ag súil go bhfaighfear éifeachtúlachtaí níos mó sna seirbhísí poiblí amach anseo mar gheall air seo.

CÁS-STAIDÉAR

### Seas an fód: Tionscadal Chóras Náisiúnta Clárúcháin agus Aitheantais na Maláive

Bhí i bhfad níos mó éilimh ná mar a bhíothas ag súil leis ar chlárú mar shaoránach agus chun aitheantas dlíthiúil a shannadh dóibh in 2017 nuair a chuir an Mhaláiv tús le hollchlárú 9 milliún as a 18 milliún saoránach i mí Bealtaine.

Ag machnamh ar luach an chárta clárúcháin, rinne foirne cur síos ar ionaid chlárúcháin mar 'mhaighnéad' a mheall baill an phobail na mílte ó bhaile – agus ar feadh laethanta as a chéile. Bhí foirne oilte d'oifigigh chlárúcháin in ainm agus trí seachtaine a chaitheamh i ngach ionad agus clárú bithmhéadrach á chur ar fáil acu ó 7am go 4pm. Chuathas i gcion chomh mór ar fhoirne, cosúil leis an gceann a sannadh do Kachere i nDúiche Dedza mar gheall ar an iarracht a rinne baill an phobail iarratas a dhéanamh ar chártaí, d'fhráil siad síneadh a chur ní hamháin lena lá oibre ach i gcásanna áirithe leis an achar a d'fhan siad chun an t-éileamh a shásamh.

Tosaíodh an scuaine i gcomhair cártaí chomh luath le 4am roinnt laethanta, agus daoine ag teacht go dtí 8pm san oíche.

Má choinnítear clár beacht de na saoránaigh tacóidh sé le hiarrachtaí na Maláive an ceart bunúsach le haitheantas, teidlíocht, agus tairbhe iomlán a bhaint as saoránacht a dhearbhú. Beidh deiseanna níos fearr ag saoránaigh chláraithe rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte, oideachais agus cuimsithe sóisialta bunúsacha – lena n-áirítear bia faoisimh nó airgead i rith géarchéimeanna.

Céim lárnach is ea a bheith cláraithe ar an aistear amach as an mbochtaineacht – i measc nithe eile cuirfidh sé ar chumas daoine cuntais bhainc a oscailt, creidmheas a fháil, clárú le vótáil nó fostaíocht a fháil.

Cuireann tionscnaimh NRIS le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 – sochaithe síochánta, cuimsitheacha a chur chun cinn; rochtain ar cheartas do gach duine; agus institiúidí éifeachtacha, freagracha agus cuimsitheacha a thógáil ar gach leibhéal



# Mósaimbíc

DAONRA:
**27.9 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$1,098**

INNÉACS NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT DHAONNA:
**181** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**55.5 bliain**

TORTHAÍ 2017


**Mhéadaigh an ráta rollaithe do chailíní 6 bliana d'aois ó 71% in 2012 go 84.2% in 2017.**

**Mhéadaigh an céatadán ban i gcúige Niassa a thug leanaí ar an saol agus foireann sláinte oilte leo ó 75% in 2010 go 85% in 2016.**

**Mhéadaigh an líon teaghlach a bhí clúdaithe ag an gClár um Chosaint Dhíreach Shóisialta ó 310,305 in 2012 go dtí 372,249 in 2016.**

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Saulina Antonio Sumbane, a ghlacann páirt i dtionscadal Bia i gcomhair Sócmhainní in Magude, Cúige Maputo, Mósaimbíc.
Grianghraf: Guido Dingermans/WFP

An Chéad Leathanach eile:
Dúiche Gorongosa, baile Piro. Ceathrar cairde ag gáire i rith leithdháileadh ICRC d'earraí tí riachtanacha, síolta agus uirlisí feirmeoireachta.
Grianghraf: Mark Kamau/ ICRC



## Mósaimbíc






# Teacht aniar an duine in ainneoin dúshlán

Cé go bhfuil Mósaimbíc leochaileach, agus go bhfuil sé lagaithe ag géarchéimeanna le déanaí, ní stát loicthe í an tír. San Innéacs is déanaí de Stáit Leochaileacha, bhí sé sa 40ú háit (as 178 tír), chun tosaigh ar Shiarra Leon agus an Nigéir, agus taobh leis an mBanglaidéis. Bhí Mósaimbíc ar an 23ú (as 54 tír) in innéacs 2017 Mo Ibrahim ar Rialachas na hAfraice – lár an tábla in ainneoin go leor dúshlán eacnamaíoch, polaitiúil agus comhshaoil.

Chuir praghsanna tráchtearraí a bhí ag titim, dímheas airgeadra, nochtadh fiacha US$2bn in 2016 agus triomach El Niño le laghdú san fhás eacnamaíoch i Mósaimbíc in 2017. Sa mheántéarma, leanfaidh an Rialtas ag tabhairt aghaidh ar dheacrachtaí móra chun a bhuiséad a chothromú agus brú gaolmhar ar sheirbhísí poiblí a mhaoiniú.

Ó thaobh na polaitíochta, cuireadh tús le 2017 le dóchas ar éigean, mar gur cuireadh síneadh faoi dhó le sos cogaidh Nollag idir fórsaí Renamo agus an Rialtais i rith na bliana agus tá sé fós ag dul ar aghaidh, le margadh síochána éiginnte i bhfeidhm.

Bhí tionchar suntasach ag an triomach, a chuaigh in olcas de bharr El Niño ar chodanna den tír in 2017 freisin. Bhuail cioclón trópaiceach (DINEO) Inhambane, cúige a dtugann Éire tacaíocht de go díreach, i mí Feabhra 2017 agus bhí tionchar aige ar timpeall 112,513 teaghlach, scrios sé os cionn 2,000 seomra ranga scoile agus bhí tionchar aige ar 160,000 dalta agus rinne sé damáiste do 70 struchtúr sláinte.

Tar éis na ngéarchéimeanna seo, bhí ról lárnach ag Éirinn chun acmhainní airgeadais a chur ar fáil (€475,000) chun faoiseamh a thabhairt don chás in Inhambane, fad is a bhíothas ag obair go dlúth leis an Rialtas ag tabhairt comhairle ar chuir chuige a ghlacfaí, mar aon le gníomhairí forbartha eile a chur ag obair ar leibhéal náisiúnta chun tacú leis an gCúige.

Agus an bhliain ag teacht chun críche, bhí comhpháirteanna de straitéis Misin nua á gcur i gcrích ag an Ambasáid agus ba cheart go mbeadh sí faofa i rith 2018 agus ansin tosóidh an chéim forfheidhmithe.

CÁS-STAIDÉAR

### I dTailte Tirime Mhósaimbíc, Teacht Aniar a Thógáil Baile ar Bhaile

Bean 24 bliain d'aois í Saulina Sumbane a chónaíonn i mbaile Maholele, Chichachanduco i gcúige Maputo, talamh a bualadh go dona in 2016 leis an triomach a bhí ann le 35 bliain, a d'éirigh níos measa de bharr feiniméan El Niño. Cailleadh dhá fhómhar agus fágadh daoine ar an ngannchuid chun a dteaghlaigh a bheathú. *"Mharaigh an triomach ár mbeostoc agus scrios sé ár mbarra. Ní rabhamar in ann teacht ar uisce le hól fiú"* a deir Saulina.

I gcás Saulina agus a pobal, tháinig dóchas i bhfoirm an chláir Bia ar Shócmhainní, comhpháirtíocht idir clár cúnaimh na hÉireann, an Clár Bia Domhanda, NGOanna agus pobail áitiúla, faoi threoir rialtas Mhósaimbíc agus iad comhtháthaithe san fhreagairt náisiúnta don triomach in 2016/17.

Chuir an clár bia ar fáil do dhaoine a bhí in ann obair a dhéanamh ach a bhí 'éiginnte ó thaobh bia' in ionad fostaíochta in earnáil na tógála agus athshlánú an bhonneagair a chuireann le slándáil bia feabhsaithe. Fuair an pobal síolta prátaí milse agus casabhaigh a fhásann níos fearr sa triomach lena gcur sa bplota pobail. Nuair a tháinig na síolta in aibíocht, roinneadh le baill an phobail iad le húsáid ina bpáirceanna féin. Coinníodh roinnt don phlota pobail lena gcur arís, chun na deiseanna d'fhómhair níos fearr sa todhchaí a fheabhsú. Comhtháthaíodh timpeall 700,000 duine in áiteanna a bualadh le triomach sa chlár Bia ar Shócmhainní lenar íoc clár cúnaimh na hÉireann €1,500,000 don tréimhse 2016-17. Do phobal Maholele, ní hamháin gur thug an clár deis mhaith dóibh an ceann is fearr a fháil ar an triomach agus a dteaghlaigh a bheathú, ach thug sé ionchais níos fearr dóibh don todhchaí chomh maith.



# Siarra Leon agus an Libéir

TORTHAÍ 2017

- I Siarra Leon, d'fhill 8,410 cailín sna déaga a bhí ag iompair clainne agus nach raibh ar scoil a fuair tacaíocht ón tionscadal 'Rochtain ar Oideachas' arna mhaoiniú ag Cúnamh Éireann ar an scoil phríomhshrutha.
- Mar chuid de chórais sláinte rialtais a láidriú do ghníomh cothaithe ríthábhachtach, tá 595 Aonad Sláinte Imeallach (PHUnna) anois ag cur clár cuairteanna teagmhála sé mhí i bhfeidhm do mháithreacha i Siarra Leon.
- Sa Libéir, fuair os cionn 1,000 bean agus leanbh a d'fhulaing de bharr foréigean gnéasach cóireáil leighis, cúram síceasóisialta agus rochtain ar sheirbhísí dlí.


Príomhphictiúr:
Mná ó Ghrúpa Ban Tawopaneh ag obair ar a ngairdín glasraí.
Grianghraf: Jennifer Nolan/Concern Worldwide

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Coicís tar éis aistriú airgid coinníollach a fháil ó Action Against Hunger, fuair Ibrahim agus a ghrúpa plota mór talún agus thosaigh siad ag leagan ceapacha.
Grianghraf: Jammie Victory Sankoh,
ACF Siarra Leon

## Siarra Leon agus an Libéir



# Tacú le daonlathas, riail an dlí agus mná a chumhachtú



I rith 2017, bhí Éire ag gabháil go tréan d'ullmhúcháin an rialtais i gcomhair olltoghcháin náisiúnta 2018 i Siarra Leon. Léiríonn na toghcháin seo, na chéad toghcháin atá á mbainistiú go neamhspleách ag Rialtas Siarra Leon tar éis an chogaidh cathartha, cloch mhíle mhór don daonlathas agus don chobhsaíocht.

Lean Éire ag troid ar son comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus ag tacú le feabhsúcháin i stádas cothaitheach ban agus leanaí i Siarra Leon. Chuir cúram sláinte agus tacaíocht shíceasóisialta do scoláirí atá ag iompar clainne i sprioc-ionaid foghlama ar fud an chontae lenár dtroid ar son cearta do chailíní sna déaga atá ag iompar clainne chun a gcuid oideachais a chur i gcrích. Rinneamar infheistíocht freisin i straitéisí náisiúnta chun toircheas a laghdú i measc déagóirí, agus chinntíomar go raibh cúram sláinte d'ardchaighdeán, saor in aisce fós ar fáil do mharthanóirí SGBV.

Thacaigh Éire le tosaíochtaí náisiúnta le míchothú a chóireáil agus a chosc agus chun cleachtais chothaithe a fheabhsú i Siarra Leon trí éagsúlacht aiste bia níos fearr a spreagadh agus dul i ngleic le heaspaí micreachothaitheacha.

Bhainistigh Ambasáid na hÉireann in Freetown clár comhoibrithe forbartha na hÉireann sa Libéir i rith 2017, nuair a reáchtáladh toghchán Uachtaránachta agus aistríodh cumhacht go síochánta ó Uachtarán amháin a toghadh go daonlathach go ceann eile den chéad uair leis na scórtha bliain.

Lean Éire lena comhpháirtíocht fhada san earnáil sláinte, agus, trí chuibhreannas NGOanna, thacaigh Éire le hiarrachtaí chun uisce, sláintíocht agus sláinteachas a fheabhsú ar fud na Libéire, lena n-áirítear i roinnt pobal an-iargúlta. Ní hamháin gur thug an obair seo uisce óil sábháilte chuig pobail, d'fhorbair sé freisin cumas laistigh de phobail lena chinntiú go mbíonn daoine sa cheantar cumhachtaithe chun an bonneagar a chothú sna blianta atá le teacht.

CÁS-STAIDÉAR

### Saothrú glasraí i gcomhair aistí bia feabhsaithe

Creidtear go ginearálta i Siarra Leon gurb iad na haithreacha a "shaothraíonn an crústa", a leagann béim ar an aitheantas don ról atá ag fir chun stádas cothaitheach an teaghlaigh a chinntiú.

Mar gheall air seo, thosaigh Action Against Hunger ag obair le 198 athair atá in 20 Grúpa Tacaíochta d'Aithreacha (FSGanna) i Siarra Leon Thiar. Tugadh tacaíocht do na grúpaí chun gníomhaíochtaí a chruthaíonn ioncam a chur ar bun chun éagsúlacht aiste bia a dteaghlaigh a fheabhsú. Tá Ibrahim Kabbia, a chónaíonn in Newtown, Ceantar Tuaithe san Iarthar, ina bhall de FSG "Sorbeh". Fuair a ghrúpa tacaíocht airgeadais chun cur ar a gcumas tabhairt faoi tháirgeadh agus margaíocht glasraí chun ioncam a ghiniúint.

"Rinneamar cinneadh glasraí a tháirgeadh mar go mbínn ag cur glasraí cheana. Ach, roimhe seo ní raibh mo phlota féin talún agam le feirmeoireacht a dhéanamh air, chabhróinn le húinéirí talún ar a bhfeirmeacha nuair a bhí glasraí le cur agus le baint. Pé rud a thabharfaí dom mar luach saothair, dhíolfainn é agus d'úsáidfinn an t-airgead chun mo theaghlach a bheathú", a deir Ibrahim.

Le tacaíocht ón tionscadal, bhí an Grúpa Tacaíochta d'Aithreacha in ann plota talún a fháil ar a bhfuil sé i gceist acu tabhairt faoi tháirgeadh glasraí ar scála níos mó. Cé nach bhfuil Ibrahim agus a ghrúpa ach díreach tosaithe ag leagan amach ceapacha, creideann sé go gcabhróidh sé seo go mór lena theaghlach. "Is athrú mór é seo ann féin domsa agus do mo theaghlach. D'fhoghlaim mé le ceapacha a leagan agus cén uair le glasraí a chur. Creidim ag deireadh an tséasúir curadóireachta go bhfaighidh mé glasraí éagsúla a bheidh mé in ann a dhíol nó a thabhairt abhaile. Níl mé ag brath ar thalamh duine eile", a deir Ibrahim.

# An Tansáin

DAONRA:
**53.4 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$2,467**

INNÉACS NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT DHAONNA:
**151** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**65.5 bliain**




TORTHAÍ 2017

**Chuaigh clár cúnaimh na hÉireann i gcion ar beagnach 50,000 feirmeoir ar fud na tíre, agus rochtain á tabhairt dóibh ar shíolta níos fearr agus conarthaí chun a dtáirgí a dhíol.**

**Tugadh tacaíocht airgeadais d'os cionn 70 ospidéal Dúiche, 490 Ionad Sláinte agus 4,554 íoclann leighis ar fud na tíre.**

**Tugadh tacaíocht do na meáin neamhspleácha chun 298 clár meán agus alt maidir le sláinte, oideachas agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a dhéanamh.**

Pictiúr ón gCás-staidéar:
An tUas. Attu Lamaz (Meantóir), agus Mariam Sanga (Feirmeoir) i mBaile Kisyosyo, dúiche Kyela.
Grianghraf: Heidi Graves

An Chéad Leathanach eile:
An tAire Stáit Ciarán Cannon T.D. ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, le leanaí sa Tansáin i rith a chuairt stáit.
Grianghraf: Cúnamh Éireann






# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur ag obair!

In Eanáir 2017, rinneadh ceiliúradh ar thús Straitéis Misin 5 bliana nua na hÉireann don Tansáin. De réir Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2 agus 3, bhí sláinte agus cothú fós ina gcodanna lárnacha de chlár cúnaimh na hÉireann.

Chuir Cúnamh Éireann le tacaíocht airgeadais d'os cionn 70 ospidéal Dúiche, 490 Ionad Sláinte agus 4,554 íoclann leighis ar fud na tíre. Chuir sé seo leis an méadú ar líon na mban a thug a leanaí ar an saol in áiseanna sláinte, ó 65% in 2016 go dtí 70% in 2017. Anuas air sin, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann le bainistíocht fheabhsaithe ar thoirchis ardriosca in 22 áis sláinte agus mar gheall air sin tháinig 84,625 naíonán ar an saol slán.

Trí thacaíocht a cuireadh ar fáil do UNICEF, síneadh clúdach cothaithe chuig 75% de na bailte beaga thar thrí réigiún. Ag teacht le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 8, mhéadaigh Éire a tacaíocht d'fheirmeoirí bochta, go háirithe mná, chun a n-ioncaim a mhéadú. Trínár gcomhpháirtithe, shroich tacaíocht ó chlár cúnaimh na hÉireann beagnach 50,000 feirmeoir ar fud na tíre, agus rochtain á tabhairt dóibh ar shíolta níos fearr agus conarthaí chun a dtáirgí a dhíol. Thacaigh clár cúnaimh na hÉireann freisin le feirmeoirí bochta chun oiliúint a fháil maidir le monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar fhorfheidhmiú beartais talmhaíochta an rialtais, buiséid agus rialacháin i sé dhúiche.

Anuas air sin, thacaigh Éire le leagan amach clár píolótach nuálach in dhá réigiún a thacaigh le cailíní sna déaga ó na teaghlaigh is boichte chun a mbunscileanna saoil a fhorbairt agus chun aistriú sábháilte agus bisiúil a dhéanamh tríd an saol.

Ag leanúint tiomantas na hÉireann chun dul chun cinn a bhaint amach ar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16, in 2017 leanadh den tacaíocht do chearta ban a láidriú agus tacú le hinstitiúidí daonlathacha a bheith níos cuimsithí agus éifeachtaí. Go háirithe, tugadh tacaíocht do na meáin neamhspleácha chun 298 clár meán agus alt maidir le sláinte, oideachas agus cumhachtú eacnamaíoch na mban a dhéanamh. In 2017, thacaigh Éire freisin le leagan amach tionscnamh nua de chuir chuige tiomanta ag an bpobal chun foréigean bunaithe ar inscne a chosc.

CÁS-STAIDÉAR

## Rath ar an Smaoineamh

Nuair a chuala Mariam go mbeadh TechnoServe ag cur deiseanna ar fáil do mhná le bheith páirteach i slabhra luacha cócó agus tairbhe a bhaint as, bhí suim aice ann cé gur cheap a cairde gur cur amú ama a bheadh ann. Ach, bhí tuairimí difriúla ag Mariam ná mar a bhí ag na mná óga eile ina pobal, "Is cuimhin liom ag smaoineamh gur deis a d'fhéadfadh a bheith anseo dom foghlaim agus brabús a dhéanamh," a dúirt sí.

Deis a bhí sa Chomórtas i gcomhair Smaoineamh Gnó do mhná amháin chun na scileanna a bhain siad as an oiliúint a úsáid chun smaoineamh gnó a bhain le slabhra luacha cócó a chur os comhair painéal moltóirí. Roimh an gcomórtas, fuair na mná seo cóitseáil ó chomhairleoirí gnó TechnoServe, ar oiliúnóirí atá lonnaithe go háitiúil iad chun a bpleananna gnó a réiteach. Roghnaíodh Mariam mar bhuaiteoir óna Grúpa Gnó Feirmeoireachta. Fuair sí €390 mar chaipiteal tionscnaimh.

Le duais an chomórtais, cheannaigh Mariam na hionchuir riachtanacha chun a gnó plandlainne síolóige a thosú. Thosaigh sí le 400 síológ ach anois tá 900 síológ aici ag fás ina gairdín cúil. Tá sé i gceist aici gach síológ a dhíol ar TZS 250 €0.08 an ceann – agus tá sí tosaithe cheana féin ag cur a gnó chun cinn ag imeachtaí pobail, ag an séipéal nó ag cruinnithe óige, mar shampla.

Le €39, thosaigh Mariam ag ceannach cócó neamhphróiseáilte ó fheirmeacha in aice láimhe agus á iompar agus á dhíol ar an mórchóir do ghrúpa gnó feirmeoirí ag praghas níos airde. Ansin próiseálann an grúpa na síolta a thagann amach as an bpónaire cócó.

Dúirt Mariam, "*Tá sé de mhisneach agam anois gnó a dhéanamh. Sin é an fáth ar thosaigh mé ag bailiú cócó. Ní raibh daoine sa cheantar seo ag súil go mbeadh bean óg cosúil liomsa i mbun gnó, ach tá mé ag taispeáint dóibh gur féidir é a dhéanamh*".



# Uganda

DAONRA:
**39 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$1,670**

INNÉACS UM FHORBAIRT DHAONNA NA NÁISIÚN AONTAITHE:
**163** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**59.2 bliain**

TORTHAÍ 2017


**Inár gclár sparánachta suaitheanta in 2017, fuair 897 scoláire ó réigiún Karamoja scoláireachtaí iomlána le rochtain a fháil ar oideachas iarbhunscoile; 648 ag an dara leibhéal, 100 ag leibhéal treasach i gcomhair teastas nó dioplóma agus 149 ag leibhéal céimí Ollscoile.**

**Le tacaíocht na hÉireann in 2017 leis an gClár um Chosaint Shóisialta in Uganda, fuair 27,423 duine scothaosta os cionn 60 bliain d'aois i seacht ndúiche de réigiún Karamoja íocaíochtaí deontais rialta do shaoránaigh scothaosta.**

**Mar aon le deontóirí eile, thacaigh Cúnamh Éireann le 1,037,898 dídeanaí sa tSúdáin Theas i réigiún na Níle Thiar, le go mbeadh rochtain acu ar sheirbhísí sláinte agus slándáil bia acu.**

Príomhphictiúr:
Dídeanaí ón tSúdáin Theas Tabu Ruth ag tabhairt uisce chuig a hathair, Malis Justin, 30, taobh amuigh de bhaile nua an teaghlaigh i gcampa Bidi Bidi.
Grianghraf: Trócaire/ Tommy Trenchard

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Kamuyati Namuligi as Nakatu Main, Seansráid an Mhargaidh, Dúiche Iganga.
Grianghraf: Cúnamh Éireann



## Uganda

# Chomh tábhachtach is atá oideachas chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhain amach in Karamoja, Uganda



De réir Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 Oideachas d'Ardchaighdeán a chur chun cinn, lean clár cúnaimh na hÉireann ag láidriú rochtana ar oideachas cáilíochta agus cothrom do leanaí in Karamoja. Cuireann UNICEF agus a chomhpháirtithe an clár oideachais cáilíochta ar fáil lena n-áirítear 3 NGO, oifigí oideachais dúiche an Rialtais Áitiúil agus an Aireacht Oideachais agus Spóirt. Díríonn an clár seo ar Karamoja in oirthuaisceart Uganda, an réigiún is boichte agus is imeallaithe den tír.

Tá daonra iomlán de thimpeall milliún duine i seacht ndúiche Karamoja agus tá tairbhe bainte acu as an tacaíocht oideachais a chuir clár cúnaimh na hÉireann ar fáil ag 283 bunscoil agus 28 iarbhunscoil i réimsí cháilíocht an oideachais a fhorbairt, dul i ngleic le neamhionannas inscne agus dul i ngleic le foréigean in aghaidh leanaí i scoileanna.

Lean ár gcomhpháirtí áitiúil, Straight Talk Foundation Uganda ag cur clár Sparánachta suaitheanta i bhfeidhm, agus scoláireacht iomlán á cur ar fáil do 897 scoláire: 648 ag an dara leibhéal, 100 ag leibhéal treasach i gcomhair teastas nó dioplóma agus 149 ag leibhéal céimí Ollscoile.

Tá clár Forbairt Scileanna Karamoja, a dtacaíonn clár cúnaimh na hÉireann leis a thosaigh in 2017, ag cur tacaíochta ar fáil do dhá institiúid gairmoiliúna. Sa chlár nua seo, tabharfar scileanna do dhaoine óga a mheaitseálann riachtanais an gheilleagair áitiúil cosúil le fearachas ainmhí, tógáil agus ceirdeanna eile.

Tá clár oideachais Karamoja ag cur Sprioc 4 maidir le hoideachas cáilíochta i bhfeidhm, fad is atáthar ag cur le Sprioc 1 chun deireadh a chur le bochtaineacht agus Sprioc 5 a bhaineann le comhionannas inscne.

CÁS-STAIDÉAR

### Tacaíonn cúirteanna Khadi le rochtain na mban ar cheartas

Dhírigh clár cúnaimh na hÉireann le fada an lá ar chumhacht a thabhairt do mhná agus do chailíní. In 2017, trí thacaíocht na hÉireann, láidrigh Inter Religious Council of Uganda (IRCU) meas ar chearta na mban sa chóras cúirte Ioslamach áitiúil, cúirt Khadi.

Chuir ICRU oiliúint ar fáil ar chearta na mban do 45 Iomám a fheidhmíonn mar mholtóirí i gcúirteanna Khadi, ag cumhdach topaicí mar foréigean baile, oidhreacht agus cothabháil leanaí. Ansin, roinn na hIomámaí seo an t-eolas sin le beagnach trí chéad ceannaire reiligiúnach Ioslamach a threoraíonn cúirteanna Khadi ag leibhéal an phobail.

Nuair a rinneadh baintreach de Kamuyati Namuligi i ndúiche Iganga in oirthear Uganda, dhiúltaigh teaghlach a fir chéile a chuid den mhaoin di. Tá dlíthe oidhreachta in Uganda ach ní chuirtear an dlí i bhfeidhm i gcónaí, go háirithe do mhná. D'fhéadfaí Kamuyati a fhágáil gan aon talamh gan tacaíocht na cúirte Khadi áitiúil a d'aithin cearta na mban chun maoin a fháil trí oidhreacht.

Chuaigh Kamuyati chuig dúiche Khadi chun a scéal a insint. D'éist an Khadi, thionóil siad an chúirt chun an cheist a éisteacht agus ghlaoigh siad ar theaghlach a fhir chéile chun rudaí a phlé. Ba é toradh an scéil go mbronnfaí sciar den mhaoin ar gach páirtí – sampla maith den chaoi ar féidir linn cur le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 5 Comhionannas inscne a bhaint amach agus gach bean agus cailín a chumhachtú.



# An tSaimbia

DAONRA:
**16.2 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$3,464**

INNÉACS NA NÁISIÚN AONTAITHE UM FHORBAIRT DHAONNA:
**139** AS 188 TÍR

IONCHAS SAOIL:
**60.8 bliain**

TORTHAÍ 2017

**Trí Camfed, thacaigh clár cúnaimh na hÉireann le soláthar 800 sparánacht do chailíní faoin tuath sa tSaimbia freastal ar an scoil.**

**Rinne Zambian Open Community Schools, le tacaíocht ón Ambasáid, urraíocht ar 218 cailín agus buachaill leochaileach a bhí ina ndílleachtaí le fanacht ar scoil.**

**Rinneadh aistrithe airgid démhíosúla le 551,000 teaghlach rollaithe thar 105 dúiche faoi dheireadh 2017, méadú ó 271,000 teaghlach in 75 dúiche in 2016.**

Príomhphictiúr:
Margadh Bardasach Mbala, a thóg an Chomhairle Bardasach le tacaíocht ó Ambasáid na hÉireann trí Chlár Forbartha Áitiúil i gCúige an Tuaiscirt.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Mwiya (an dara duine ó chlé, chun tosaigh) ag leagan brící.
Grianghraf: Camfed



## An tSaimbia

# Todhchaí níos fearr a thabhairt do chailíní na Siombáibe



Tá ról lárnach ag cosaint shóisialta chun dul i ngleic le bochtaineacht agus leochaileacht sa tSaimbia. Rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil le cláir um chosaint shóisialta a mhéadú ar Leibhéal Náisiúnta, agus leithdháileadh buiséad um chosaint sóisialta 2017 méadaithe ó ZMW 1.3 billiún (€107m) in 2016 go MW 2.7 billiún (€223m) in 2017.

Mhéadaigh Éire an méid a chuir sí leis an gclár um Aistriú Airgid Shóisialta (SCT) freisin ó €1m go €3m in 2017. Méadaíodh an clár SCT ar fud na tíre le córas clárúcháin agus deimhnithe dian le díriú ar thairbhithe nua.

Tacaíonn clár cúnaimh na hÉireann freisin le comhpháirtithe sochaí sibhialta a oibríonn in earnáil an oideachais. Cuireann an Feachtas d'Oideachas na mBan (Camfed) sparánachtaí ar fáil do 800 cailín faoin tuath sa tSaimbia chun freastal ar an meánscoil, a chlúdaíonn táillí scoile, éide scoile, soláthairtí agus áiseanna cónaithe i gcás go mbíonn scoileanna i bhfad ó bhaile i gceantair thuaithe. Le deontas ón Ambasáid, rinne Zambia Open Community Schools (ZOCS) urraíocht ar 218 cailín agus buachaill leochaileacha ar dílleachtaí iad le tacaíochtaí d'éide scoile, téacsleabhair, soláthairtí scoile agus bia le cabhrú lena dteaghlaigh iad a choinneáil ar scoil.

In 2017, seoladh 7ú Plean Forbartha Náisiúnta Rialtas na Saimbia agus ailíneofar straitéis tíre nua na hÉireann (2018-2022), atá le foilsiú ag deireadh 2018 leis an bPlean Forbartha Náisiúnta. Áiríodh sa straitéis na, fócas ar infhaighteacht mhéadaithe bia a tháirgtear go háitiúil agus forfheidhmeofar é trí fheirmeoirí le gabháltais bheaga a nascadh le próiseálaithe bia. Díreofar freisin ar thionchar a imirt ar an gcreat rialála don earnáil bhia chothaitheach agus d'fhéadfadh na hidirghabhálacha seo deis a chruthú le dul i ngleic leis an earnáil phríobháideach, a d'fhéadfadh bealaí a oscailt d'infheisteoirí na hÉireann.

CÁS-STAIDÉAR

### Mwiya, Scoláire Treasach, Dúiche Shangombo

Céim ríthábhachtach is ea tosaíocht a dhéanamh de chlárú agus coinneáil cailíní ar scoil chun deiseanna comhionanna a chur chun cinn sa tSaimbia. Tuairiscítear i Staitisticí Oideachais na Saimbia rátaí titim amach 1.9% i measc cailíní i nGráid 1-7 i gcomparáid le 1.3% do bhuachaillí sa chohórt céanna. Léiríodh i roinnt staidéar na tairbhí a bhaineann le rochtain mhéadaithe ar oideachas do chailíní lena n-áirítear rátaí toirchis níos ísle, iad níos sine ag pósadh den chéad uair agus níos mó deiseanna d'fhostaíocht bhríoch.

Trí thacaíocht cúnaimh na hÉireann do Camfed, fuair Mwiya as Shangombo, ceann de na dúichí is boichte agus is iargúlta sa tSaimbia, tacaíocht sparánachta chun an meánscoil a chríochnú, oiliúint theicniúil a fháil agus gnó a thosú.

*Is mise Mwiya agus rugadh i 1992 mé. Bhásaigh m'athair in 2002 nuair a bhí mé i nGrád 3. Bhásaigh mo mháthair freisin in 2008 tar éis tinnis. Fágadh le mo sheanmháthair mé agus bhí an saol deacair. Nuair a bhí mé i nGrád 8 i nDúiche Shangombo, roghnaíodh mé i gcomhair urraíochta ar chlár Camfed.*

*Roghnaíodh mé le dul go Grád 10 i nDúiche Sangombo. Thacaigh Camfed leis na táillí scoile, earraí grósaeireachta mar aon le cúrsaí iompair le dul abhaile i rith saoire scoile. In 2010, chríochnaigh mé oideachas dara leibhéal agus chuaigh mé isteach i gCumann Camfed (CAMA), áit ar múineadh scileanna gnó dom.*

*Trí CAMA, chláraigh mé ar chúrsa leagan brící ag Ionad Tógála Páirc Thorn atá sa phríomhchathair, Lusaka, agus bronnadh teastas orm i leagan brící. Nuair a d'fhill mé ar Shangombo, bronnadh conradh orm chun dhá bhloc seomraí ranga a thógáil ag an mBunscoil Áitiúil ónar thuill mé K4,500 (€375). Ó shin, tá deiseanna eile tagtha chugam, agus tá sceitimíní orm mar gur gearr go mbeidh conradh K1 mhilliún (€83,000) á shíniú agam!*

# An Afraic Theas agus an tSiombáib



TORTHAÍ 2017


**San Afraic Theas, chríochnaigh 14 scoláire a staidéar iarchéime in Éirinn faoi Chlár Comhaltachta Kader Asmal na hAmbasáide.**

**Sa tSiombáib, chuaigh eagraíochtaí sochaí sibhialta i ngleic le 22,500 cás a bhaineann le mí-úsáidí ar chearta an duine le tacaíocht ó Éirinn.**

**Sa tSiombáib, cuireadh cóir leighis ar 21,687 leanbh de bharr míchothú, tríd an gCiste Forbartha Sláinte a dtacaíonn clár cúnaimh na hÉireann leis.**

Príomhphictiúr:
Is iad na mná is mó a iompraíonn fadhbanna na géarchéime uisce san Afraic Theas. Go minic bíonn ar mhná go leor siúil a dhéanamh trí cheantair chontúirteacha chun dóthain uisce a fháil le haire a thabhairt dá dteaghlaigh.
Grianghraf: Gallo Images/Getty Images

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Sarah Kachingwe, an bhean 57 bliain d'aois ar éirigh léi ina dúshlán in aghaidh Choimisiún Toghcháin na Siombáibe (ZEC) chun ceadú do 'coimhthígh' clárú le vótáil.
Grianghraf: Kumbirai Mafunda (ZLHR)



## An Afraic Theas agus an tSiombáib



# Mná a Chosaint

**Díríonn clár comhoibrithe forbartha na hÉireann san Afraic Theas ar dhul i ngleic le foréigean bunaithe ar inscne agus deiseanna a fheabhsú don óige dífhostaithe.**

Fuair géarchéim uisce Cape Town aird dhomhanda i rith 2017. Dár n-ambasáid in Pretoria, sampla eile a bhí ann den chaoi a léiríonn géarchéim cosúil leis seo neamhionannas agus an chaoi go bhféadfaidh sé foréigean bunaithe ar inscne a dhéanamh níos measa i bpobail níos boichte.

Go traidisiúnta, cuirtear de chúram ar chailíní agus ar mhná san Afraic Theas (mar aon le háiteanna eile san Afraic) uisce a fháil. Mar gheall ar an ngéarchéim uisce sa Cheann Thiar b'éigean do mhná sna lonnaíochtaí agus bailecheantair níos boichte siúl níos faide chun uisce a fháil agus turais níos minice a dhéanamh chuig pointí uisce – á gcur i gcontúirt bagairtí mugálacha agus ionsaithe. D'oibrigh Ceartas Inscne Sonke, comhpháirtí tábhachtach d'Éirinn le dul i ngleic le Foréigean Bunaithe ar Inscne san Afraic Theas, le stocaireacht a dhéanamh agus feasacht a ardú ar an gcaoi a ndeachaigh an ghéarchéim uisce in Cape Town i bhfeidhm ar mhná agus ar chailíní i bpobail níos boichte.

Tharla athrú polaitiúil stairiúil sa tSiombáib i rith 2017 nuair a tháinig deireadh le réimeas 37 bliain an Uachtaráin Mugabe. Nuair a ghlac Emmerson Mnangagwa le mionn na hUachtaránachta chonacthas cor cinniúnach don tSiombáib.

I rith na bliana, tháinig torthaí láidre as clár na hÉireann le tacú le cúram sláinte, dul i ngleic le foréigean bunaithe ar inscne agus chun cuntasacht a fheabhsú. Oibríonn Éire le deontóirí eile chun tacú le heagraíochtaí sochaí sibhialta atá ag obair le dul i ngleic le mí-úsáidí ar chearta an duine sa tSiombáib. I rithe na bliana, chuala eagraíochtaí pobalbhunaithe agus a bhfoirne paraidhlíthiúla 22,500 cás ó dhaoine aonair agus pobail ar sáraíodh a gcearta daonna.

Trí chlár tacaíochta na hÉireann chun sláinte máthar agus linbh a fheabhsú, fuair 21,687 cóireáil de bharr míchothú. D'fhonn dul i ngleic le hardrátaí leanúnacha báis i measc máithreacha, sainaithníodh 303,111 bean mar mhná a bhféadfadh toircheas ardriosca a bheith acu agus atreoraíodh iad lena n-athbhreithniú ag gairmithe cúram sláinte gairmiúla.

CÁS-STAIDÉAR

### Vótálaithe Céaduaire, de chineál éagsúil

Mhothaigh Sarah Kachingwe agus Ignatius Veremu riamh, cé gur saoránaigh Siombábacha iad mar gur rugadh ann iad, gur chaith an rialtas go drochmheasúil leo. Agus iad ar roinnt de na Siombábaigh a lean a bhfréamhacha chuig tíortha in aice láimhe agus a rangaíodh mar 'choimhthígh', diúltaíodh ceart vótála dóibh le blianta. **Den chéad uair, bhí siad in ann vóta a chaitheamh,** a bhuíochas d'idirghabháil Zimbabwe Lawyers for Human Rights (ZLHR) arna mhaoiniú ag Cúnamh Éireann. Cuibhreannas faoi threoir Trócaire is ea ZLHR agus tacaíonn Transparency Accountability and Citizen Engagement (TRACE) leo, clár arna mhaoiniú ag clár cúnaimh na hÉireann agus ceathrar comhpháirtithe deonaithe eile. Ba fhaoiseamh mór a bhí sa rialú Ard-Chúirte a tháinig tar éis deich mbliana stocaireachta, agóidí agus dlíthíochta do Sarah, Ignatius agus go leor eile a raibh an fhadhb chéanna acu. 'Níor vótáil mé in 2008. In 2013, níor tugadh cead isteach chuig an stáisiún vótála dom,' a deir Ignatius. 'Chuir sé isteach orm mar nach bhfuil aon bhaile eile agam seachas an tSiombáib. Is é seo mo bhaile, ach nuair a tháinig sé chomh fada le vótáil ba choimhthíoch mé.'

Rugadh Sarah (57) sa tSiombáib, le máthair Siombábach, cé gur as an Mhaláiv a hathair. Nuair a diúltaíodh di clárú mar vótálaí, ghlac ZLHR lena cás agus thug siad aghaidh ar an Ard-Chúirt ar a son. Rinne siad an argóint go raibh gníomhartha ZEC mídhleathach agus gur sáraíodh cearta Sarah mar Shiombábach. Rinne an Breitheamh cinneadh i bhfabhar Sarah. Níl anseo ach cás amháin i measc go leor cásanna a ndéileálann cláir tacaíochta Rialtas na hÉireann leo. Táthar ag súil go mbeidh ré nua i bhfeidhm mar gheall ar an athrú ceannaireachta sa rialtas ina mbeidh meas ar chearta an duine, i measc ardaidhmeanna eile.



# An Chéinia

DAONRA:
**50 milliún**

OLLIONCAM NÁISIÚNTA (OIN) PER CAPITA:
**$1,440**

INNÉACS NA NA UM FHORBAIRT DHAONNA:
**146** AS 188 TÍR


IONCHAS SAOIL:
**67.3 bliain**


TORTHAÍ 2017

- **An Tánaiste ag oscailt na hAmbasáide go hoifigiúil**
- **Seoladh Thionscnamh Eolaí Óg na Céinia**
- **Comhaontuithe Gnó – Síníodh 6 Meabhrán Tuisceana Gnó agus Rialtais; Gnó talmhaíochta: cuireadh oiliúint ar 2,400 feirmeoir agus tógadh 15 áis stórála prátaí ar chostas íseal**

Príomhphictiúr:
Príomhoide ó Bhunscoil Maikona ag labhair lena rang agus ag dáileadh pacáistí um fhilleadh ar an scoil, gallúnach, lampaí gréine, éide scoile, bróga, soláthairtí scoile agus pillíní sláintíochta ó Concern Worldwide, Bunscoil Maikona, Maikona, An Chéinia.
Grianghraf: Jennifer K Nolan/Concern Worldwide

Pictiúr ón gCás-staidéar:
Damhsóirí ó Mheánscoil San Proinsias Assisi, Korogocho, Nairobi ag seoladh Eolaí Óg na Céinia, Iúil 2017.
Grianghraf: DFAT





## An Chéinia

# Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe




4 QUALITY EDUCATION

Bliain chorrach a bhí in 2017 do pholaitíocht na Céinia, lena n-áirítear toghchán Uachtaránachta, a reáchtáladh i mí Lúnasa. D'fhógair Cúirt Uachtarach na Céinia go raibh toradh an toghcháin Uachtaránachta ar neamhní go hiomlán agus b'éigean toghchán Uachtaránachta eile a reáchtáil i mí Dheireadh Fómhair dá bharr. Mar thoradh air sin méadaíodh an teannas agus bhris foréigean idir-eitneach amach in áiteanna sa tír.

D'óstáil an Ambasáid cuairt an Tánaiste i mí na Samhna nuair a bhí deis aige bualadh leis an Uachtarán Uhuru Kenyatta agus plé a dhéanamh ar réimsí ina bhféadfadh Éire agus an Chéinia oibriú le chéile, go háirithe i réimsí an Agraibhia agus an gheilleagair ghoirm.

D'oscail an Tánaiste an Ambasáid go hoifigiúil an 8 Samhain i gcomhar le Rúnaí na Comh-aireachta, an Dr Amina Mohamed, An Aireacht Gnóthaí Eachtracha, an Chéinia.

Seoladh Straitéis Agraibhia na hAmbasáide 2017-2021 chomh maith i rith chuairt an Taoisigh. Moladh sa Straitéis leanúint le tacaíocht d'earnáil agraibhia na Céinia agus í a láidriú agus chun deiseanna a fhairsingiú do chuideachtaí agraibhia agus gnó talmhaíochta na hÉireann. Tacóidh sé le forfheidhmiú na dtrí sprioc in Domhan Amháin, Todhchaí Amháin, eadhon: ocras laghdaithe, forbairt inbhuanaithe agus rialachas níos fearr. Chuige seo, tá sé ag teacht go hiomlán le beartas foriomlán na hÉireann don fhorbairt idirnáisiúnta agus dár straitéis trádála idirnáisiúnta. Anuas air sin, beidh sé mar mhúnla is féidir a mhacasamhlú i dtíortha comhpháirtíochta in áiteanna eile san Afraic.

Seoladh Eolaithe Óga na Céinia (YSK) i mí Iúil 2017. Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Thaispeántas Eolaí agus Teicneolaí Óg BT na hÉireann (BT-YTSE). Tá sé mar aidhm le YSK daltaí óga sa Chéinia a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic agus chun cáilíocht theagasc na heolaíochta i meánscoileanna a fheabhsú.

CÁS-STAIDÉAR

### Eolaí Óg na Céinia

Sheol Ambasáid na hÉireann in Nairobi, i gcomhar leis an Aireacht Oideachais sa Chéinia, tionscnamh Eolaí Óg na Céinia i mí Iúil 2017. Tá an tionscnamh seo bunaithe ar Thaispeántas Eolaí agus Teicneolaí Óg BT na hÉireann (BT-YTSE) a bhunaigh an Dr Tony Scott agus an tAthair Tom Burke nach maireann ag deireadh na 1960idí.

Tá sé mar aidhm le hEolaí Óg na Céinia, nó YSK, daltaí óga sa Chéinia a spreagadh agus inspioráid a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic agus chun cáilíocht theagasc na heolaíochta i meánscoileanna a fheabhsú.

Tá sé mar aidhm le YSK a bheith mar phríomhchomórtas eolaíochta na Céinia a thógann ar cheachtanna a foghlaimíodh ó BTYSTE ar éirigh go hiontach leis, agus a choinníonn naisc foirmiúla láidre leis an tionscnamh Éireannach. Cuirfidh sé le cáilíocht fheabhsaithe an oideachais san eolaíocht ag an dara leibhéal agus fórsa oibre níos nuálaí agus oilte a thacóidh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

Tacaíonn Rialtas na Céinia go hiomlán leis agus cuirtear YSK i bhfeidhm trí chomhpháirtíocht uathúil phoiblí phríobháideach le maoiniú ó Chúnamh Éireann agus urraíocht ón earnáil phríobháideach.

Seoladh YSK in Nairobi i mí Iúil 2017 i rith searmanas ar ar fhreastail Rúnaí na Comh-aireachta don Oideachas agus comhbhunaitheoir na nEolaithe Óga Tony Scott. Cuireadh tús go gairid ina dhiaidh sin le for-rochtain chuig scoileanna páirteacha i ndeich gcontae, agus pleananna chun é a fhairsingiú ar fud na tíre sna blianta ina dhiaidh sin. Táthar ag tacú le daltaí agus múinteoirí nascadh le saineolaithe agus meantóirí idir acadóirí agus an tionscal agus taispeánfaidh siad a dtionscadail ag an gcéad Taispeántas Eolaithe Óga na Céinia i mí Iúil 2018; a bhfuiltear ag súil go mbeidh Uachtarán na Céinia i láthair aige.




Stát Borno, Maiduguri. Foireann agus oibrí deonach ICRC ó Chumann Croise Deirge na Nigéire ag labhairt le baintreach a tháinig chun cúnamh airgid a fháil ón ICRC. Grianghraf: Umar Sadiq/ICRC

Mar gheall ar dhaonra mór na Nigéire a mheastar atá os cionn 180 milliún agus méid ollmhór a geilleagair $405.1 billiún, tugtar "Fathach na hAfraice" mar leasainm uirthi. Tá OIN per capita réasúnta ard de $ 5,740 ag an tír seo; ach, ní rangaíonn sé ach 152 as 188 tír ar Innéacs Forbartha Daonna UNDP.

Tá Éire fós an-tiomanta do shaol na ndaoine is leochailí san Oirthuaisceart a fheabhsú – réigiún a scriosadh mar gheall ar éirí amach Boko Haram. Meastar gur maraíodh timpeall 20,000 duine ó thosaigh an ghéarchéim in 2009 in Oirthuaisceart na Nigéire, áit ina bhfuil cúrsaí an-mhíshocair. Tá 1.3 milliún duine eile fós aslonnaithe go hinmheánach agus os cionn 400,000 dídeanaí scaipthe ar fud réigiún Loch Shead. In 2018, táthar ag tuar go mbeidh timpeall 10 milliún duine ann a dteastóidh cúnamh daonnúil go géar uathu.

Tá os cionn €17 milliún curtha ar fáil ag Éirinn i gcúnamh daonnúil do ghéarchéim Loch Shead ó 2015. Áirítear anseo os cionn €5.7 milliún a cuireadh ar fáil in 2017.

Tá Éire fós ag cur tacaíochta ábhartha agus airgeadais ar fáil do chomhpháirtithe NGO éagsúla agus do ghníomhaireachtaí forbartha idirnáisiúnta a fheidhmíonn sa réigiún, go háirithe i gceantair atá deacair le dul chomh fada leo trína chinntiú go sroicheann cúnamh iad a shábhálann saol daoine a bhfuil géarghá acu leis. D'oibrigh Ambasadóir na hÉireann chuig an Nigéir go tréan chun aird a choinneáil ar an gcás san Oirthuaisceart trí gheallsealbhóirí éagsúla a spreagadh cosúil le hAire Talmhaíochta na Nigéire agus Ard-Stiúrthóir an FAO cuairt a thabhairt ar an réigiún agus lena chinntiú go sásaítear riachtanais dhaonnúla. Trí chomhordú agus pleanáil éifeachtach lenár gcomhpháirtithe, táimid ag feiceáil daoine a theith óna dtithe féin ag filleadh dá dtoil féin ach tá tuilleadh gníomhartha fós ag teastáil ag leibhéal polaitiúil le dul i ngleic le cúiseanna bunúsacha na géarchéime.

In 2017, bhreisigh an Ambasáid a cumas do fhreagairt dhaonnúil trí Oifigeach Forbartha Daonnúil a earcú chun tacaíocht dhaonnúil na hÉireann chuig an réigiún a mhaoirsiú agus a fhaire.

Anuas air sin ar fad, thacaigh an Ambasáid le NGOanna áitiúla le beagnach €70,000 tríd an Scéim Mhion-Tionscadail Intíre (ICMPS). Cheadaigh sé seo dúinn tionscadail forbartha inbhuanaithe a mhéadú i bpobail thuaithe in áiteanna eile den tír freisin. Díríonn na tionscadail ar na réimsí seo a leanas (fuinneamh in-athnuaite, sláinte, oideachas agus talmhaíocht) a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don Ambasáid.

# An Phalaistín



Bhuail an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Coveney, T.D, le Comhordaitheoir Daonnúil na NA i gCríoch faoi fhorghabháil na Palaistíne, Robert Piper, agus foireann Oifig na Náisiún Aontaithe i gcomhair Gnóthaí Daonnúla a Chomhordú (OCHA) i rith cruinniú faisnéise agus turas ar Oirthear Iarúsailéim. Grianghraf Malachy Harty

Níor tharla aon athrú in 2017 ar mhórthiománaithe na leochaileachta daonnúla i gcríoch faoi fhorghabháil na Palaistíne (oPt). Tharla sáruithe leanúnacha agus athfhillteacha ar chearta an duine den chaogadú bliain d'fhorghabháil chríoch na Palaistíne. Mar gheall ar an meath leanúnach ar an gcás ar an talamh ceal próiseas síochána bhí brú méadaithe ar na Palaistínigh, go háirithe in Gaza, áit a ndeachaigh dálaí maireachtála chun donais go mór i rith na bliana.

Tá sé i gceist go gcuirfidh clár tacaíochta na hÉireann do mhuintir na Palaistíne le feabhas inbhuanaithe i gcáilíocht shaoil na bPalaistíneach is leochailí. Dírítear go mór ar oideachas inár gcuid oibre, rud atá ríthábhachtach d'inmharthanacht eacnamaíoch fhadtéarmach na Palaistíne. In 2017, chuir Éire €2.35 milliún ar fáil d'Aireacht Oideachais agus Ardoideachais na Palaistíne le tacú lena gcuid oibre chun seirbhísí oideachais ar cháilíocht níos fearr a chur ar fáil do bhreis leanaí Palaistíneacha. Cuireadh €280,000 breise ar fáil don Údarás Palaistíneach le tacú le teaghlaigh leochaileacha Palaistíneacha a chónaíonn i bhfíor-bhochtaineacht trí liúntais shóisialta a sholáthar.

Thug Éire €4 mhilliún do Ghníomhaireacht Faoisimh agus Oibreacha na Náisiún Aontaithe (UNRWA) do Dhídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear le cabhrú leo croí-seirbhísí a sheachadadh, go háirithe san oideachas agus sláinte chuig daonra 5 mhilliún dídeanaí Palaistíneacha cláraithe san Iordáin, sa Liobáin, sa tSiria agus sa Bhruach Thiar agus Gaza. Mar fhreagairt ar ghéar-riachtanais dhaonnúla in Gaza, á ngéarú tuilleadh ag géarchéim mhór uisce agus fuinnimh, thug Éire freisin €500,000 breise do UNRWA in 2017 le tacú le clár éigeandála na Gníomhaireachta in Gaza.

Tá an cás daonnúil ar an mBruach Thiar fós go dona. Bhí tionchar diúltach ag leagan tithe agus srianta ar shaoirse gluaiseachta agus ar rochtain ar sheirbhísí ríthábhachtacha ar phobail leochaileacha na Palaistíne. Mar bhunús lenár dtiomantas le leochaileacht na bpobal Palaistíneach a chónaíonn i Limistéar C den Bhruach Thiar a laghdú, chuaigh Éire isteach i gCuibhreannas Cosanta an Bhruach Thiar in 2017. Bhí ról ceannasach ag an gCuibhreannas ag tacú le pobail faoi bhagairt agus chun soláthar seirbhísí ríthábhachtacha a chomhordú, lena n-áirítear cúnamh ábhartha agus cúnamh dlí.

Cuireadh tacaíocht ar fail freisin d'Oifig na Náisiún Aontaithe i gcomhair Gnóthaí Daonnúla a Chomhordú mar aon le heagraíochtaí sochaí sibhialta Palaistíneacha agus Iosraelacha atá ag obair ar son an cheartais agus chearta an duine mar aon leis na NGOanna atá bainteach i gcláir um chothú síochána.

B'ionann maoiniú iomlán na hÉireann do mhuintir na Palaistíne in 2017 agus os cionn €11 milliún.

TORTHAÍ 2017

- Laghdaíodh leochaileacht i measc 66% de phobail ar dhírigh Cuibhreannas Cosanta an Bhruach Thiar le maoiniú Éireannach orthu in 2017.
- Idir 2010 agus tús 2017, chómhaoinigh Éire athchóiriú agus síneadh 322 scoil sa Phalaistín.
- Thacaigh Éire le soláthar cúnamh bia éigeandála in 2017 do 993,000 dídeanaí Palaistíneacha in Gaza.

# Freagairt na hÉireann ar Ghéarchéimeanna Daonnúla ar fud an domhain

*Saol daoine a shábháil agus a chosaint, fulaingt a mhaolú agus dínit an duine a chothú roimh géarchéimeanna, lena linn agus ina ndiaidh.*

Tá scála riachtanas an duine sa domhan inniu ar leibhéil nach bhfacthas riamh cheana agus tá sé fós ag fás. Tá tacaíocht agus cosaint dhaonnúil ag teastáil ó os cionn 128 milliún duine ar fud an domhain. Ba é achainí dhaonnúil dhomhanda 2017 na NA an ceann ba mhó ina stair ag USD 2.2 billiún.

Is í an choimhlint ba mhó ba shiocair fós leis an ngátar in 2017; tá na hiarmhairtí daonnúla a bhaineann leis millteanach agus maireann siad i bhfad. Chomh maith le bás, gortú agus imirce éigeantach, déantar damáiste do bhonneagar ríthábhachtach cosúil le háiseanna sláinte agus scoileanna, ag scriosadh slite maireachtála agus ag cur fad le téarnamh.

Táthar ag díriú in aon turas anois ar shibhialtaigh, rud a sháraíonn dlí daonnúil idirnáisiúnta. Déantar bagairt ar shábháilteacht oibrithe cúnaimh go minic agus diúltaítear rochtain dhaonnúil, rud a chuireann bac ar chúnamh ríthábhachtach a sheachadadh. Tá aslonnú níos mó timpeall an domhain inniu ná mar a bhí ag aon am ón Dara Cogadh Domhanda, agus os cionn 65 milliún duine díbeartha óna dtithe de bharr foréigin agus coimhlinte. Tá dídean á fáil ag formhór daoine aslonnaithe i dtíortha óstach ina bhfuil ardleibhéil leochaileachta agus bochtaineachta cheana féin, agus tá brú á chur ar na hacmhainní teoranta atá acu.

Chruthaigh tubaistí nádúrtha cosúil le creathanna talún agus hairicíní, mar aon le triomach agus tuile a bhaineann le hathrú aeráide, géarchéimeanna nua nó rinne siad géarchéimeanna eile níos measa.

## Cúnamh Daonnúil na hÉireann

Treoraíonn clár daonnúil na hÉireann ár bhfreagraí ar ghéarchéimeanna daonnúla ar fud na cruinne. Tá tiomantas láidir do dhlí daonnúil idirnáisiúnta agus soláthar maoiniú solúbtha, tráthúil bunaithe ar phrionsabail an neamhspleáchais, na neodrachta, na neamhchlaontachta agus an daonnúlachais mar bhun taca lenár gcur chuige. Áirítear lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta forfheidhmithe atá ag obair ar an talamh na Náisiúin Aontaithe, Gluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Is iad na gníomhairí áitiúla na chéad fhreagróirí in go leor géarchéimeanna agus is páirtithe lárnacha iad freisin. Thiomnaigh Éire ar a laghad 25% de mhaoiniú a thabhairt do ghníomhairí áitiúla faoi 2020 ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla in 2016.

In 2017, chuireamar os cionn €180 milliún ar fáil i gcúnamh daonnúil mar fhreagra ar achainithe ardphróifíle, géarchéimeanna dearmadta agus tubaistí a tharlaíonn go tobann. Chuireamar cúnamh €25 milliún ar fáil don ghéarchéim dhaonnúil mar thoradh ar choimhlint na Siria, ag cabhrú le daoine i Siria, agus dídeanaithe as Siria sa réigiún. D'fhreagraíomar gairm chun gnímh na NA chun gorta a bhí roimh bhreis is 20 milliún duine i gceithre thír – an tSúdáin Theas, an tSomáil, an Nigéir agus Éimin – a sheachaint. Chuireamar le freagra daonnúil sa Bhanglaidéis agus i Maenmar do Mhoslamaigh Rohingya a díbríodh as Stát Rakhine Maenmar. D'fhreagair Éire go tapa do thubaistí nádúrtha cosúil le sciorradh talún mar gheall ar bháisteach throm i Siarra Leon. Agus leanamar ag cur tacaíochta ar fáil do ghéarchéimeanna a ndearnadh faillí agus dearmad orthu i roinnt de na stáit is leochailí an domhain cosúil le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Poblacht na hAfraice Láir, an tSúdáin agus Eiritré.

Grianghraf daonnúil 1: Maenmar, Stát Rakhine, Bailecheantar Buthidaung. Bean agus leanbh ag fáil táille don bhád le filleadh abhaile agus deireadh tagtha leis an bhforéigean. Lúnasa 2017. Grianghraf: Hla Yamin Eain/ICRC.



**Maennmar, Stát Rakhine, Bailecheantar Buthidaung.**
Bean agus leanbh ag fáil táille don bhád le filleadh abhaile agus deireadh tagtha leis an bhforéigean. Lúnasa 2017.
Grianghraf: Hla Yamin Eain/ICRC.

## Comhpháirtíochtaí níos Láidre, i gcomhthéacs ár dtiomantais WHS

I rith 2017, láidrigh Éire a comhpháirtíochtaí le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) agus Oifig na Náisiún Aontaithe i gcomhair Gnóthaí Daonnúla a Chomhordú (OCHA), ag cur comhaontuithe ilbhliantúla croí-mhaoinithe i bhfeidhm de réir ár dtiomantais WHS 2016 chun solúbthacht agus intuarthacht ár maoiniú daonnúil a mhéadú agus lena chinntiú go mbaineann Éire amach a tiomantais i ndáil le Clár 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

**Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC)**

Comhpháirtí tábhachtach d'Éirinn is ea Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC). Tá cuntas teiste iontach ag ICRC ag tabhairt cosaint agus cúnamh daonnúil d'íospartaigh cogaidh agus foréigean armtha. Cuireann sé cúnamh neamhchlaonta ar fáil do phríosúnaigh, do dhaoine gortaithe agus do dhaoine tinn agus do shibhialtaigh a bhfuil tionchar ag coimhlint orthu. Feidhmíonn an fhoireann i roinnt de na háiteanna is dúshlánaí agus is contúirtí ar domhan ina n-iarrachtaí chun cúnamh a chur ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu. Tugann an ICRC faoi obair ríthábhachtach chun comhlíonadh le Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a láidriú, agus déanann siad iarracht cosaint a chinntiú d'oibrithe daonnúla i gcoimhlintí armtha.

Thug Éire os cionn €13 milliún don ICRC in 2017, ag tabhairt ár maoiniú iomlán ó 2006 go dtí os cionn €100 milliún. Thaisteal Ard-Stiúrthóir ICRC Yves Daccord go hÉirinn i mí na Samhna 2017, don chéad chruinniú faoin gcomhaontú nua ilbhliantúil, agus bhuail Uachtarán ICRC Peter Maurer leis an Aire Stáit Cannon ag Comhthionól na NA i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2017.

Téann Éire i ngleic go straitéiseach freisin leis an ICRC trínár gcomhaltacht sa Ghrúpa Tacaíochta Deontóra. Mar chuid den ghrúpáil seo, ghlac Éire páirt i misean deontóra chuig an Liobáin in 2017, ag tabhairt cuairt ar chláir ICRC ar an talamh.

## Oifig na Náisiún Aontaithe i gcomhair Gnóthaí Daonnúla a Chomhordú (OCHA)/Grúpa Tacaíochta Deontóra (ODSG)

Ag tráth a bhfuil cúnamh daonnúil thar cuimse ag teastáil is comhpháirtí tábhachtach é Oifig na Náisiún Aontaithe i gcomhair Gnóthaí Daonnúla a Chomhordú (OCHA) d'Éirinn. I ngéarchéimeanna daonnúla, treoraíonn agus comhordaíonn OCHA an fhreagairt idirnáisiúnta, ag tabhairt gníomhairí daonnúla le chéile d'fhonn gníomh daonnúil tapa a shábhálann beatha a éascú chun tacú le daoine a bhfuil géarchéim ag cur isteach orthu. Méadaíonn OCHA guthanna na ndaoine sin a bhfuil tionchar orthu, seasann sé do phrionsabail agus gníomh daonnúil, agus cuireann sé réitigh chun cinn chun riachtanas, riosca agus leochaileacht dhaonnúil a laghdú.

Agus riachtanas daonnúil ag fás, tá ról OCHA chun maoiniú riachtanach a chur ag gluaiseacht sa chóras daonnúil domhanda ríthábhachtach. Bainistíonn OCHA an Lárchiste Freagartha Éigeandála (CERF), a scaoileann maoiniú go tapa chun tús a chur le gníomh daonnúil nuair a bhuaileann tubaiste agus chun tacú leo siúd a bhíonn gafa i ngéarchéimeanna 'dearmadta'. Bainistíonn OCHA 18 Ciste



**Ganyiel, ospidéal allamuigh an ICRC.**
Tá an fisiteiripeoir seo ón Ísiltír ag obair leis an ICRC le sé bliana anuas. Is é seo an dara huair aige ag obair sa tSúdáin Theas.
Grianghraf: Mari Mortvedt/ICRC

Comhthiomsaithe Tírbhunaithe (CBPF) a chumasaíonn comhpháirtithe daonnúla i dtíortha ina bhfuil tionchar ag tubaistí nádúrtha agus coimhlint armtha chun cúnamh tarrthála a sheachadadh do na daoine is mó i ngátar. Tacaíonn Éire go láidir le CERF agus CBPFanna araon.

Tá Éire ina ball gníomhach de Ghrúpa Tacaíochta Deontóra OCHA (ODSG), a chuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil do ról ceannaireachta daonnúil OCHA. Mar bhall de ODSG, ghlac Éire páirt i gcuairt ar Maenmar in 2017, agus chonacthas an ról tábhachtach a bhíonn ag OCHA mar fhreagairt do ghéarchéimeanna daonnúla.

In 2018, beidh Éire ina Cathaoirleach ar ODSG – príomhról straitéiseach atá anseo, a chuirfidh ar chumas Éire oibriú i gcomhpháirtíocht le OCHA agus deontóirí ar fud an domhain chun éifeachtúlacht na freagartha daonnúla domhanda a fheabhsú.

Grianghraf daonnúil 2: Ganyiel, Ospidéal Machaire ICRC. Tá an fisiteiripeoir seo ón Ísiltír ag obair leis an ICRC le sé bliana anuas. Is é seo an dara huair aige ag obair sa tSúdáin Theas. Grianghraf: Mari Mortvedt/ICRC

## Ár gComhpháirtíochtaí Daonnúla NGO

Tá Eagraíochtaí Neamhrialtasacha Daonnúla ina gcomhpháirtithe ríthábhachtacha chun beartas na hÉireann maidir le forbairt beartais idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú. Nuair a bhuaileann géarchéimeanna, tugann NGOanna cumas, saineolas agus líonraí pobail a chabhraíonn chun gníomh a dhéanamh dár dtiomantas gan aon duine a fhágáil ar gcúl.

In 2017, de réir ár dtiomantais ó Chruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, chuir Éire maoiniú ilbhliantúil ar fáil do NGOanna daonnúla tríd an bPlean don Chlár Daonnúil (HPP). Dearadh an plean seo chun maoiniú intuartha a chur ar fáil d’idirghabhálacha daonnúla i gcásanna géarchéimeanna leanúnacha agus athfhillteacha. Is é aidhm an HPP pleanáil fhadtéarmach, níos mó rannpháirtíochta straitéisí le comhpháirtithe agus geallsealbhóirí, agus solúbthacht níos mó a éascú le freagairt go cuí do dhálaí atá ag athrú.

Trínár maoiniú do chomhpháirtithe NGO Éireannacha in 2017, chuir Éire cúnamh daonnúil ar fáil chun beatha a shábháil, fulaingt a laghdú agus dínit a chothabháil d’os cionn 1.5 milliún duine a bhfuil tionchar ag éigeandálaí orthu in 28 tír.

Anuas air sin, tríd an gCiste Tosaigh, tá Éire ag cabhrú le NGOanna an chaoi a gcuirtear cúnamh daonnúil ar fáil a athrú trí idirghabhálacha níos tapúla, níos áitiúla a chur chun cinn; d’fhreagair an Ciste Tosaigh do 132 géarchéim in 55 tír ó 2016.

CÁS-STAIDÉAR

## Plean don Chlár Daonnúil HPP

Ba mhaith le Falmata a bheith ina haltra nuair a éiríonn sí aníos Maoiníonn Éire Plean Idirnáisiúnta na hÉireann chun oideachas agus cosaint a chur ar fáil do leanaí i ngéarchéimeanna i gcúig thír. I Stát Borno, in Oirthuaisceart na Nigéire, freastalaíonn sé ar 3,000 leanbh.

Chaill Falmata (9) agus a dearthár Babagana (12) a máthair i rith ionsaí ceannairceach in 2015, agus ní raibh a n-athair in ann slí mhaireachtála a bhaint amach a thuilleadh. Ní raibh sé in acmhainn a thuilleadh Babagana a chur ar scoil agus níor tugadh an deis do Falmata riamh dul ann. Roghnaigh oibrithe deonacha pobail an deirfiúr agus deartháir le rollú i gClár Oideachais Luathaithe an Phlean i mbunscoil Mianiok. Fuair siad tacaíocht ó ábhair foghlama agus ath-chomhtháthaíodh iad san oideachas foirmiúil i Meán Fómhair 2017. Tá dul chun cinn iontach déanta ag Falmata agus measann a múinteoirí go bhfuil sí ar dhuine de na daltaí is fearr ina rang. Tá sí go maith ag scríobh agus níor chaill sí rang riamh. Tá Falmata an-sásta a bheith ar scoil agus ba bhreá léi a bheith ina haltra. Nuair a cuireadh an cheist "cén fáth" uirthi, deir sí go dteastaíonn uaithi beatha daoine a shábháil.



Mainok, Kaga LGA, Stát Borno, an Nigéir. Falmata agus Babagana ar scoil. Tá culaith scoile faighte ag Falmata agus Babagana, rud a chuidigh leo a bheith lánpháirteach i saol na scoile.
Grianghraf: Gregory Okonofua

## An Tionscnamh Mearfhreagartha

In 2017, d'imlonnaigh an Roinn 7 aeraistriú ag iompar 356 tona soláthairtí faoisimh éigeandála chuig ár NGOanna comhpháirtíochta chun cabhrú le daoine a bhfuil tionchar ag na géarchéimeanna dídeanaí orthu sa tSúdáin Theas agus i Maenmar; ag an triomach sa tSomáil; agus ag tuilte agus sciorradh talún i Siarra Leon. Chabhraigh ár soláthairtí faoisimh, lenar áiríodh pubaill, pluideanna, fearais chócaireachta, fearais sláintíochta agus cannaí móra uisce le níos mó ná 50,000 duine a raibh riachtanais láithreacha acu in 2017.

D'imlonnaíomar freisin 31 saineolaí daonnúil mar 'chumas breise' le hoibríochtaí freagartha comhpháirtíochta na NA in 14 thír. Tá os cionn 80 saineolaí a bhfuil scileanna speisialta acu i lóistíocht, innealtóireacht, uisce agus sláinteachas, comhordú daonnúil, cosaint agus réimsí eile sa Chór Mearfhreagartha faoi láthair.

**Mearfhreagróir sa Bhanglaidéis**

Tá clár cúnaimh na hÉireann tiomanta tacú leis an tuairim is 700,000 de mhuintir Rohingya a d'éalaigh ó stát Rakhine i Maenmar, agus atá anois ag brath go mór ar chúnamh daonnúil, tar éis dóibh an teorainn a thrasnú chun dídean a lorg sa Bhanglaidéis.


Trí Chór Mearfhreagartha na hÉireann, cuirimid saineolaithe ar fáil i gcás go mbíonn bearnaí scileanna gearrthéarma sna NA d'fhonn a fhreagra d'éigeandálaí daonnúla ag leibhéal tíre a láidriú.


Mar shaineolaí um bainistiú faisnéise, chomhordaigh John Durcan dáileadh bia don Chlár Bia Domhanda laistigh de champaí dídeanaithe in Cox's Bazar, agus d'fhorbair sé freisin uirlisí faisnéise agus mapáil atá ríthábhachtach d'eagraíochtaí daonnúla ar an talamh chun seachadadh éifeachtach agus comhordaithe ar an gcúnamh daonnúil a chinntiú. Tá saineolas agus dúthracht Mearfhreagróirí, cosúil le John Durcan, ríthábhachtach do fhreagra na hÉireann ar ghéarchéimeanna daonnúla casta ar fud an domhain.



Ball den Chór Mearfhreagartha, John Durcan ag plé comhordú ar dháileacháin bia do theifigh leis an gClár Domhanda Bia.
Grianghraf: Cúnamh Éireann

# Cúnamh Daonnúil do Ghéarchéimeanna Móra 2017






## In 2017, bhí cúnamh daonnúil ag teastáil ó 128 milliún duine ar fud an domhain.

## Chuir Éire €181 milliún ar fáil in 2017.

Leis an maoiniú, cuireadh ar fáil **31 mearfhreagróir** agus **356 tona de stoc faoisimh éigeandála** don ghéarchéim seo agus do ghéarchéimeanna eile faoi Thionscnamh Mearfhreagartha na hÉireann

Cuireadh maoiniú **€26.75m** ar fáil do chomhpháirtithe áirithe daonnúla agus do Lárchiste Freagartha Éigeandála na NA in 2017

**Réimsí Tosaíochtaí do Riachtanais Dhaonnúla arna maoiniú ag Cúnamh Éireann**

- Glanadh mianach
- Sláinte
- Uisce, Sláintíocht & Sláinteachas
- Oideachas
- Slí bheatha
- Foréigean Inscne
- Cothú
- Cosaint
- Bia Slándáil
- Earraí nach bia iad
- Dídean
- Laghdú ar Riosca Tubaistí

# Freagra na hÉireann ar ghéarchéimeanna móra in 2017

## Maenmar

Ó mhí Lúnasa 2017, tá beagnach 700,000 Moslamach Rohingya brúite amach as Stát Rakhine i Maenmar mar gheall ar fhoréigean dírithe, a chruthaigh géarchéim dhaonnúil. Óstálann Cox's Bazar sa Bhanglaidéis an campa dídeanaithe is mó ar domhan, agus 1.3 milliún dídeanaí agus baill den phobal óstach ann, óna dteastaíonn cúnamh go géar. Níl na campaí móra, plódaithe in ann déileáil le scála na ndaoine a thagann isteach iontu – níl dóthain foscaidh, áiseanna sláinteachais, ná seirbhísí sláinte agus oideachais ann.

In 2017, chuir Éire €1.4m ar fáil le tacú le freagairt dhaonnúil sa Bhanglaidéis agus i Maenmar. Sa Bhanglaidéis, áiríodh anseo maoiniú le Christian Aid agus Plan International chun foscadh agus áiseanna sláinteachais bunúsacha a sheachadadh do theaghlaigh leochaileacha, mar aon le luach €240,000 de stoic éigeandála Chúnamh Éireann a sholáthar. Thacaigh beirt saineolaithe daonnúla ó Chór Mearfhreagartha na hÉireann le méadú chláir WFP agus UNHCR. Anuas air sin, mar dheontóir le Lárchiste Freagartha Éigeandála a riarann na NA, meastar gurb ionann an méid a thug Éire trí mhaoiniú comhthiomsaithe na NA agus €1m. I Maenmar, chuir Éire €540,000 ar fáil don ICRC i gcomhair idirghabhálacha a shábhálann beatha; an t-aon eagraíocht dhaonnúil a fuair cead oibriú i gceantair Stát Rakhine thuaidh a bhí buailte.

## Ceithre Ghorta

I mí Feabhra 2017, tar éis gorta a fhógairt sa tSúdáin Theas, d'eisigh Ard-Rúnaí na NA gairm chun gnímh don phobal idirnáisiúnta chun gorta a bhí ag bagairt ar níos mó ná 20 milliún duine i gceithre thír – **an tSúdáin Theas, an tSomáil, an Nigéir** agus **Éimin** – a sheachaint. Cé gur sheachain gníomh comhpháirteach de chuid an phobail idirnáisiúnta, Éire san áireamh, an bhagairt láithreach, tá coimhlintí agus riachtanais dhaonnúla dá mbarr fós sna ceithre thír. Tá Éire fós ag cur béim ar an ngá le réiteach coimhlinte, mar aon le cúnamh daonnúil.

Ó dheireadh 2013, tá ceann de na géarchéimeanna daonnúla is mó ar domhan feicthe sa **tSúdáin Theas** mar gheall ar chogadh cathartha, agus aslonnú mór go hinmheánach agus chuig tíortha in aice láimhe. Ó mhí Feabhra go mí Iúil 2017, fógraíodh gorta in dhá thír sa tSúdáin Theas. Cé nach bhfuil gorta foirmiúil i bhfeidhm a thuilleadh, tá an baol fós ann, agus tá cúnamh bia fós ag teastáil ó 6 mhilliún duine. Tá cúnamh daonnúil leanúnach tugtha ag Éirinn don tSúdáin Theas, agus cuireadh beagnach €12 mhilliún ar fáil in 2017, ag díriú ar na bunriachtanais láithreacha.

Tá triomach arís is arís eile sa **tSomáil**, tír a mheastar a bheith ar cheann de na stáit is leochailí ar domhan, ina bhfuil coimhlint le breis is scór bliain. Aslonnaíodh os cionn 2 mhilliún Somálach. Scrios drochthitim báistí barra agus beostoc, agus dá bharr bhí easpa bia forleathan agus míchothú géar ag dul i méid. Theastaigh cúnamh daonnúil ó 6.2 milliún Somálach in 2017 (timpeall leath den daonra), a raibh go leor díobh i gceantair nárbh fhéidir a rochtain go héasca. Thug Éire os cionn €6.7m i gcúnamh in 2017.

Bhí foréigean Boko Haram fós ina shiocair le géarchéim dhaonnúil sa **Nigéir thoir thuaidh**, agus theastaigh cúnamh daonnúil ó 8.5m duine. Lean sibhialtaigh ag fulaingt de bharr na coimhlinte agus aslonnú éigeantach fairsing, imní mhór faoi chosaint agus géarchéim bhia agus chothaithe ar scála mór mar thoradh air. Chuir Éire cúnamh daonnúil os cionn €2.8 milliún ar fáil don Nigéir in 2017 trínár ngníomhaireachtaí comhpháirtithe ar an talamh, ag cur bia, uisce, foscadh, oideachas agus cosaint ar fáil. Chuireamar €2.3 milliún ar fáil i dtreo freagairt dhaonnúil do ghéarchéim Loch Shead i gcoitinne (An Nigéir, Sead, Camarún agus An Nígir).

Mar thoradh ar bhlianta den bhochtaineacht, tearcfhorbairt, riail dlí lag agus coimhlint armtha, is é **Éimin** an ghéarchéim is mó ar domhan i dtéarmaí daoine a bhfuil riachtanais acu. Theastaigh cúnamh bia ó 17 milliún duine in 2017, agus idir 7 agus 10 milliún ag leibhéil neamhshláine bia éigeandála. Tá neamhshláine agus rochtain theoranta ar chalafoirt fós ag cur bac ar chúnamh daonnúil a sheachadadh. Mhéadaigh ár leibhéal maoinithe go suntasach ó 2015 mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ag éirí níos measa, agus in 2017 chuir Éire €5.3 milliún ar fáil.

## Géarchéimeanna atá ligthe i ndearmad

Fuair Éire aitheantas as a tacaíocht leanúnach do ghéarchéimeanna a ndearnadh faillí agus dearmad orthu i roinnt
de na stáit is leochailí ar domhan. Ní fhaigheann na géarchéimeanna seo mórán airde ó na meáin ná ón bpobal idirnáisiúnta, agus mar gheall air sin is minic nach bhfaigheann an fhreagairt dhaonnúil dóthain maoinithe.

Mar gheall ar na scórtha bliain de choimhlint armtha agus neamhshláine i **bPoblacht Dhaonlathach an Chongó** (DRC), tá ceann de na géarchéimeanna is casta agus is faide ar domhan. Tá 4.5 milliún Congólach aslonnaithe go hinmheánach, an líon is airde ar mhórthír na hAfraice, mar thoradh ar fhoréigean, neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus sáruithe agus mí-úsáidí ar chearta an duine. I mí Dheireadh Fómhair 2017, ghníomhaigh na NA Éigeandáil Leibhéal 3 ag gairm ar an gcóras daonnúil iomlán chun a fhreagairt a mhéadú. Deontóir daonnúil fadbhunaithe í Éire sa DRC agus mhéadaigh sí a tacaíocht mar fhreagra don mhéadú ar riachtanais in 2017, ag cur €6.9 milliún ar fáil mar thacaíocht do na NA agus do chomhpháirtithe NGO ag oibriú sa tír.

Lean foréigean agus neamhchobhsaíocht mharthanach i **Poblacht na hAfraice Láir** (CAR) ag cruthú géarchéim dhaonnúil níos measa, agus theastaigh cúnamh daonnúil ó 2.5 milliún duine, beagnach leath den daonra, in 2017. Rochtain dhaonnúil laghdaithe an phríomhdheacracht chun iad siúd atá i ngéarghá a shroicheadh, go háirithe in iarthuaisceart agus in oirdheisceart na tíre. Chuir Éire os cionn €5.5m ar fáil in 2017 i bhfreagairt dhaonnúil.

Leanann an ghéarchéim dhaonnúil fhada sa **tSúdáin** ag dul chun donais agus blianta de **choimhlint armtha** agus **foréigean** feicthe acu, agus mar thoradh air sin tá aslonnú ar scála mór, neamhshláine bia agus míchothú ag tarlú. Theastaigh cúnamh daonnúil ó 4.8 milliún in 2017, lena n-áirítear 3 mhilliún duine in Darfur. Tá a tiomantas chun dul i ngleic leis na riachtanais seo athdhearbhaithe ag Éirinn trí mhaoiniú €3.9 milliún a thabhairt in 2017.

Lean an cás san **Eiritré** ag fáil níos measa in 2017. Bhí tionchar tromchúiseach ag srianta rochtana ar iarrachtaí le daoine ónar theastaigh cúnamh daonnúil a shroicheadh. D'fhág triomach agus neamhdheimhneacht bia go bhfuil an líon daoine a bhfuil tionchar ag míchothú, easpa uisce agus galar orthu méadaithe, agus leanaí leochaileach go háirithe. Thug Éire €1 mhilliún de mhaoiniú d'Eiritré in 2017.

## Ag Féachaint do 2018

Tá Éire fós ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain in 2018. Déanfaimid sin de réir ár dtiomantas láidir do dhlí daonnúil idirnáisiúnta agus soláthar maoiniú solúbtha, tráthúil bunaithe ar phrionsabail na daonnachta. Go háirithe, táimid ag súil le Cathaoirleacht Ghrúpa Tacaíochta Deontóra OCHA a ghlacadh in 2018. Tabharfaidh ról Cathaoirleachta na hÉireann deis thábhachtach dúinn tacú le OCHA ina cheannaireacht ar fhreagairt dhaonnúil éifeachtach agus prionsabálta.



Foireann LÉ William Butler Yeats ag tarrtháil imircigh sa Mheánmhuir, Iúil, 2017. In 2017, rinneadh 2,505 fear, bean agus leanbh a tharrtháil a bhuí le hoibríochtaí cuardaigh agus tarrthála de chuid Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann. Grianghraf: Buíochas le hÓglaigh na hÉireann

# Páirtithe Iltaobhacha

## Na Náisiúin Aontaithe

Tá ról lárnach ag na NA i dtacú le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar fud an domhain. I rith 2017, lean Éire ag tacú le hiarrachtaí na NA chun síocháin a choinneáil, folláine daonna a fheabhsú agus cearta an duine agus riail an dlí a chur chun cinn. Cuireadh croí-mhaoiniú ar fáil do ghníomhaireachtaí na NA a bhfuil cuntas teiste láidir acu i dtacú le rialachas daonlathach (Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe), ag cur seirbhísí ríthábhachtacha cosúil le hoideachas agus sláinte do leanaí ar fáil (UNICEF), ag freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla (Gníomhaireacht Dídeanaithe na NA) agus ag cinntiú sláinte agus cearta atáirgthe (UNFPA).

Tar éis d'Éirinn Cruinniú Mullaigh na NA do Dhídeanaithe agus Imircigh 2016 a éascú i gcomhar, lean Éire in 2017 ag dul i ngleic go gníomhach le hiarrachtaí chun Comhshocruithe Domhanda a fhorbairt d'imirce agus do dhídeanaithe, a bhfuil sé mar aidhm leo tíortha a thabhairt le chéile le dul i ngleic leis na dúshláin agus na deiseanna don líon daoine atá ag gluaiseacht ag lorg sábháilteachta nó deiseanna. Fócas tábhachtach de rannpháirtíocht na hÉireann le gníomhaireachtaí NA i rith na bliana ba ea an tacaíocht do chlár oibre athchóirithe Ard-Rúnaí na NA agus rannpháirtíocht ann, a dearadh chun córas forbartha na NA a dhéanamh níos oiriúnaí dá fheidhm agus níos éifeachtaí. Sa chomhthéacs seo, d'oibrigh Éire le Ballstáit NA eile ar bhoird rialachais ghníomhaireachtaí na NA chun Pleananna Straitéiseacha nua a chomhaontú inar leagadh amach cosán i gcomhair obair na ngníomhaireachtaí seo suas go dtí 2021.

I rith na bliana, bhuail an tAire Stáit Ciarán Cannon T.D le ceannairí roinnt gníomhaireachtaí comhpháirtíochta NA na hÉireann, ag cur deiseanna ar fáil lena chinntiú go dtreoraítear maoiniú chun an éifeacht is fearr a bhaint as agus de réir na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuireadh tacaíocht ar fáil do na NA freisin i rith na bliana i dtíortha comhpháirtíochta na hÉireann i réimsí cosúil le cosaint shóisialta, cothú, oideachas agus HIV/SEIF.

**Torthaí na NA i nGníomh – UNICEF, le tacaíocht ó Éirinn agus tíortha eile in 2017**

- Tacaíodh le 15.7 milliún leanbh trí ábhair foghlama aonair arna gcur ar fáil ag UNICEF.
- Cuireadh ábhar oideachais ar fáil do níos mó ná 330,000 seomra ranga.
- Sroicheadh 11.7 milliún leanbh le tacaíocht oideachais i gcásanna daonnúla.
- Freagraíodh 344 cás daonnúil in 108 tír.
- Cabhraíodh chun níos mó ná 24 milliún leanbh a vacsaíniú in aghaidh na bruitíní.
- Cuireadh eangaí leapa a raibh cóireáil in aghaidh feithidicídí déanta orthu ar fáil do níos mó ná 1 mhilliún teaghlach.
- Glacadh isteach 3.4 milliún leanbh le míchothú géar i gcomhair cóireála, le ráta bisigh 89%.

## An tAontas Eorpach

Is é an tAontas Eorpach, mar aon lena Bhallstáit, an deontóir cúnaimh is mó ar domhan, agus 57% den COF domhanda á chur ar fáil aige in 2017. Lean Éire ag cur le hionstraimí comhoibrithe forbartha an AE ó bhuiséad chlár cúnaimh na hÉireann (go speisialta do Chiste Forbartha na hEorpa) agus trí ranníocaíocht na hÉireann le buiséad ginearálta AE.

Tar éis tréimhse idirbheartaíochtaí a thosaigh in 2016, glacadh le Comhaontú nua Eorpach ar Fhorbairt, a threoróidh cur chuige straitéiseach an AE maidir le comhar forbartha sna blianta romhainn, i mí Bealtaine 2017. Ó aontaíodh an Comhaontú roimhe sin in 2005, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs idirnáisiúnta ina seachadann an AE cúnamh forbartha, eadhon le glacadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe in 2015. Spreagann an Comhaontú nua comhordú agus comhtháthú níos fearr idir AE agus a Bhallstáit. D'athdheimhnigh *Straitéis nua Domhanda do Bheartas Eachtrach agus Slándála AE* príomhthosaíochtaí agus prionsabail ghníomhartha seachtracha an AE, agus leagadh amach treochlár i gcomhair AE a bheadh níos inchreidte, freagraí agus freagrúla.



**Noor Haba (11), ag teacht i dtír le grúpa teifeach ó Stát Rakhine, Maenmar.**
Tháinig sí i dtír ar thrá Shamlapur sa Bhanglaidéis tar éis di taisteal ar feadh 5 huaire ar muir i mBá Bheangál ag teitheadh ón gcoimhlint ina stát dúchais.
Grianghraf le: © UNICEF/ Brown

**Mar a léirítear i dTuarascáil Bhliantúil 2017 an AE maidir le forfheidhmiú a ionstraimí chun gníomhartha seachtracha a mhaoiniú, cruthaíodh go leor torthaí in 2016 ó chúnamh forbartha an AE, ar chuir Éire leis:**

— Fuair 200 000 duine scileanna agus oiliúint nua chun a n-ionchais eacnamaíocha agus poist a fheabhsú.

— Fuair os cionn 1 mhilliún duine rochtain ar fhuinneamh inbhuanaithe.

— Fuair os cionn 12 mhilliún heicteár dár n-oidhreacht agus bithéagsúlacht shaibhir nádúrtha cosaint níos fearr.

— Fuair 1 118 000 duine seirbhísí comhairleacha tuaithe le luach a chur lena dtáirgí agus chun na naisc idir feirmeoirí agus margaí a fheabhsú.

— Cuireadh oiliúint ar 84 000 múinteoir, chun bunchloch a thabhairt d'fhoghlaim agus scileanna sa todhchaí.

— Dáileadh 165 000 000 eangach leapa a raibh cóireáil feithidicíd déanta orthu, chun scaipeadh maláire a chosc.

— Tógadh, deisíodh nó cothaíodh 4 100 km de bhóithre chun rochtain níos fearr a chur ar fáil, go háirithe do na grúpaí is mó faoi mhíbhuntáiste.

Rachaidh Comhaontú Comhpháirtíochta Cotonou reatha idir an AE agus 79 tír san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACP) in éag in 2020. Ba é seo an comhaontú tíreolaíoch ba mhó agus ba chuimsithí agus is fad-mharthanaí ar domhan, ag cabhrú chun bochtaineacht a laghdú, cobhsaíocht a mhéadú agus na tíortha ACP a chomhtháthú sa gheilleagar domhanda. Cuireadh tús in 2017 le comhaontú comhpháirtíochta ionaid a ndéanfar idirbheartaíocht ina leith in 2018 agus 2019, agus tá ról gníomhach ag Éirinn anseo.

## Aid for Trade

Lean Éire ag tacú le réimse comhpháirtithe atá ag cabhrú le tíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe na tíortha is lú forbartha, le tógáil ar an gcumas agus an bonneagar a theastaíonn uathu chun tairbhe a bhaint as oscailt trádála. Rinneadh ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag an 6ú Athbhreithniú Domhanda ar Thrádáil ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO) sa Ghinéiv i mí Iúil 2017. Mar gheall ar an téama 'Trádáil a chur chun cinn, Cuimsitheacht agus Nascacht don Fhorbairt Inbhuanaithe' rinneadh breith speisialta ar an scoilt dhigiteach, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus cumhachtú eacnamaíoch na mban. Thacaigh Éire le rannpháirtíocht na dTíortha is Lú Forbartha ag 11ú Comhdháil Aireachta WTO i mí na Nollag 2017. Léiríodh ionchur na hÉireann freisin i *Straitéis Chomhpháirteach AE ar Chúnamh don Trádáil – Rathúnas Cuimsitheach agus Inbhuanaithe a Bhaint amach trí Thrádáil agus Infheistíocht,* a bhí tugtha chun dáta agus ar glacadh leis i mí na Nollag 2017.




**Mórchruinnithe Bliantúla an Bhainc Dhomhanda/ IMF 2017,**
Washington D.C.
Grianghraf le: An Banc Domhanda / Grant Ellis

## An Banc Domhanda

Aontaíodh 18ú Athshlánú chiste an Bhainc Dhomhanda do na tíortha is boichte i mí na Nollag 2016, agus choinnigh Éire a leibhéal ranníocaíochta ag €90 milliún. Tá fócas an chiste ailínithe go dlúth le tosaíochtaí forbartha na hÉireann, lena n-áirítear ár bhfócas ar an Afraic agus tacú leis na tíortha is lú forbartha le maoiniú, méadú idirghabhálacha forbartha a chumasú le dul i ngleic le coimhlint, leochaileacht agus foréigean, aslonnú éigeantach, athrú aeráide, agus neamhionannas inscne; agus tógáil rialachais agus institiúide a chur chun cinn, mar aon le poist agus athrú eacnamaíoch.

In 2017, lean Éire ag cur le dhá Chiste Iontaobhais an Bhainc Dhomhanda: FIAS (Facility For Investment Climate Advisory Services), seirbhís a chuireann comhairle ar thíortha i mbéal forbartha maidir lena dtimpeallachtaí gnó a fheabhsú chun gníomhaíocht san earnáil phríobháideach a mhéadú agus infheistíocht isteach agus dhúchasach a spreagadh; agus tionscnamh CASA (Conflict-Affected States in Africa), a spreagann forbairt fiontar príobháideach i stáit leochaileacha.

Áiríodh le torthaí a baineadh amach trí na cistí seo simpliú an bhailithe/chomhlíonta cánach agus próisis allmhairithe/onnmhairithe a éascú le hardán sonraí custaim gréasánbhunaithe sa tSaimbia; gnóthaí tionscnaimh níos éasca agus níos tapúla a éascú sa tSiombáib trí na próisis chlárúcháin agus cheadúnaithe a athchóiriú; athchóirithe a thabhairt isteach sa Mhaláiv chun na costais a bhaineann le ceadanna tógála a shlánú a laghdú de leath agus chun an próiseas dócmhainneachta a athchóiriú; seirbhísí agus athchóirithe comhairleacha gnó talmhaíochta (beostoc) a sheachadadh san Aetóip agus sa Tansáin; clár fáltais trádstórais a sheachadadh sa Mhaláiv chun bainistíocht lóistíochta a shruthlíniú; agus i Siarra Leon, seachadadh clár comhthaobhachta ríomhairithe a éascaíonn iasachtú agus clár píolótach d'ardán clárúcháin ghnó ar líne.

# Comhpháirtithe Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO)

Aithnítear Éire go hidirnáisiúnta as a tacaíocht don earnáil NGO, agus cuireann sí an líon is mó de Chúnamh Oifigiúil Forbartha déthaobhach ar fáil go comhsheasmhach trí NGOanna thar aon bhall eile den OECD. In 2017, dháil clár cúnaimh na hÉireann, trína scéimeanna maoinithe sochaí sibhialta, os cionn €83 milliún i dtreo cláir agus tionscadail forbartha Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta (CSO) in os cionn seachtó tír ar thrí mhórchríoch. Ní áirítear anseo maoiniú a cuireadh ar fáil do CSOnna ag obair ar bheartais agus maoiniú téamach ar leith a thugann ár Misin in Eochair Thíortha Comhpháirtíochta thar lear nó in áiteanna eile go díreach do CSOnna áitiúla.

Roghnaítear Eagraíochta Sochaí Sibhialta i gcomhair maoinithe, bunaithe ar a gcumas cur le baint amach ár spriocanna beartais agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear iarrachtaí lena chinntiú “nach bhfágtar aon duine ar gcúl”. Aithníonn Éire príomhról na CSOnna i dtacú le sochaithe cuntasacha a fheidhmíonn go maith, mar aon lena gcumas uathúil cúnamh a sheachadadh dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu. Cuireann siad le feabhsúcháin i rialachas agus cearta an duine (SDG 16) agus comhpháirtíochtaí éifeachtúla (SDG 17). Tacaíonn siad freisin le seachadadh seirbhísí tacaíochta i gcás nach bhfuil aon seirbhísí rialtais ann nó nach leor iad. Chuige seo, cuireann tacaíocht Chúnamh Éireann do chomhpháirtithe NGO le forfheidhmiú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe go ginearálta agus ocras, slándáil bhia, sláinte, oideachas, comhionannas inscne agus neamhionannais a laghdú go háirithe.

Is é an Deontas Cláir ár scéim maoinithe sochaí sibhialta is mó, scéim iomaíoch a chuireann maoiniú ilbhliantúil ar fáil do NGOanna Éireannacha i gcomhair cláir uaillmhianacha dírithe ar athrú socheacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach. Ba é 2017 an chéad bhliain ar forfheidhmíodh Clár Deontais II agus beagnach €53 milliún dáilte ar 13 eagraíocht. Bíonn idir €500,000 go €20 milliún i gceist leis na deontais.

Cuireann an dara sruth maoinithe, Ciste na Sochaí Sibhialta, deontas ar fáil ar bhonn bliantúil le tacú le NGOanna tionscadail forbartha a chur i gcrích a mhaireann idir bliain amháin agus trí bliana. Tá sé dírithe go príomha ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha forbartha na hÉireann ach tacaítear le líon teoranta NGOanna idirnáisiúnta freisin, a ndíríonn a bhformhór ar chearta an duine. Cuireadh €5.1 milliún ar an iomlán ar fáil in 2017, agus deontais éagsúla tugtha suas chuig uasmhéid €200,000 sa bhliain.

Tacaíonn an tríú sruth le beagnach 90 eagraíocht misinéireachta sa domhan i mbéal forbartha. In 2017, aontaíodh comhpháirtíocht straitéiseach trí bliana le gluaiseacht mhisinéireachta Misean Cara. Chuir clár cúnaimh na hÉireann €15.5 milliún ar fáil don eagraíocht in 2017 a thugann amach é mar fhodheontais dá líonra fairsing eagraíochtaí fadbhunaithe atá ag obair i réimse na sláinte, an oideachais, an chothaithe agus chearta an duine.



Duine de na daoine a gheobhaidh airgead tríd an tionscadal aistrithe airgid a chuirfidh Deoise Lodwar ag obair le tacaíocht Thrócaire na Céinia agus maoiniú ó Chúnamh Éireann. Tá an tionscadal dírithe ar 800 teaghlach i nDeisceart Turkana chun go mbeidh teacht ag teaghlaigh atá thíos leis an triomach ar bhia.
Grianghraf: Aidan O'Neill/Trócaire



**A bhuí le hobair Concern, tá uisce glan ar fáil do Mama Kabula (16) ina sráidbhaile dúchais.**
Tá Mama ag caitheamh níos lú ama ag iompar uisce agus níos mó ama ag déanamh a cuid obair bhaile. Críoch Manono, DRC.
Grianghraf: Kieran McConville/ Concern Wolrdwide

## Dóchas

Tá comhpháirtíocht fadbhunaithe ag clár Chúnamh Éireann le Dóchas, an scátheagraíocht d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hÉireann a oibríonn i bhforbairt thar lear agus i gcúnamh daonnúil.

Tá 43 ball iomlán agus 16 bhall comhlach ag Dóchas. Is é an misean atá aige a bheith mar ghuth náisiúnta earnáil Forbartha Idirnáisiúnta na hÉireann agus tionchar a imirt ar bheartais agus ar iompraíochtaí. Ag obair mar líonra, forfheidhmíonn Dóchas a ghníomhaíochtaí trí eagraíochtaí a nascadh chun cur le saineolas agus foghlaim a mhalartú chun tionchar níos mó a imirt; an earnáil a chomhordú chun tacaíocht a chinntiú don fhorbairt idirnáisiúnta; cur le comhghuaillíochtaí chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur chun cinn; agus éifeachtacht líonra Dhóchas a fheabhsú.

Príomhghné d'obair Dhóchas is ea cóid dea-chleachtais a chur chun cinn do NGOanna forbartha na hÉireann ina leagtar amach caighdeáin ghairmiúla sármhaitheasa i gcomhair obair fhorbartha agus dhaonnúil. Áirítear le samplaí de na cóid seo Cód Iompraíochta ar Íomhánna agus Teachtaireachtaí Dhóchas agus Cód um Rialachas Corparáideach NGOanna Forbartha na hÉireann. Cuireann Dóchas i dtoll a chéile agus scaipeann siad nuachtlitir gach seachtain ar foinse thábhachtach eolais san earnáil é. Is é príomhardán eile obair Dhóchas ionchur na mball a chomhordú chun tionchar a imirt ar idirphlé agus beartas forbartha idirnáisiúnta.

In 2017, bhí Dóchas gníomhach i roinnt príomhréimsí, lena n-áirítear an Fóram Ardleibhéil Beartais ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe; tacú le hOideachas Forbartha agus idirghníomhú leis an Rialálaí Carthanas. Ag tús 2018, bhunaigh Dóchas Meitheal Cumhdaithe nasctha le leanaí a chosaint.

# Oideachas Forbartha

## Croí-chomhpháirt de chlár cúnaimh na hÉireann is ea oideachas forbartha. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach cúiseanna agus iarmhairtí na bochtaineachta domhanda, an ocrais agus an neamhionannais a thuiscint.

Táthar ag leathnú na tuisceana air seo in Éirinn trínár gclár oideachais forbartha, faoi threoir Straitéis Oideachais Forbartha Chúnamh Éireann 2017-2023. Cuireann Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4.7 dúshlán orainn a chinntiú go bhfaigheann gach foghlaimeoir an t-eolas agus na scileanna chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn faoi 2030 agus cuireann ár gclár oideachais forbartha baint amach na sprice seo chun cinn.

Oibríonn clár cúnaimh na hÉireann go dlúth le roinnt comhpháirtithe straitéiseacha chun oideachas i suíomhanna bunscoile, iarbhunscoile agus tríú leibhéal a chur chun cinn. D'oibrigh sé freisin le 30 eagraíocht arna maoiniú trí scéim deontais bhliantúil 2017 – go príomha i réimsí an oideachais óige agus fásta agus pobail. Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin do ghníomhaíochtaí oideachais forbartha arna ndéanamh ag cúig NGO a fuair maoiniú Deontais Cláir do chláir forbartha fadtéarmacha – Concern, Trócaire, Gorta-Self Help Africa, Plan International agus Children in Crossfire.

Chuir Cúnamh Éireann €4.3 milliún ar an iomlán ar fáil don chlár oideachais forbartha in 2017, lena n-áirítear díreach os cionn €820,000 lenár gcomhpháirtithe Clár Deontais as a gcuid oibre san oideachas forbartha.

## IDEA

Is é an Irish Development Education Association (IDEA) an líonra náisiúnta don oideachas forbartha in Éirinn.

I rith 2017, lean IDEA ag tacú leo siúd a bhí bainteach leis an oideachas forbartha in Éirinn chun oibriú le chéile, chun feasacht a ardú ar thábhacht an oideachais forbartha agus le labhairt mar ghuth láidir don saoránacht dhomhanda agus don fhorbairt inbhuanaithe.

## Suas

Seachadann ár gcomhpháirtí Suas oideachas forbartha i sféar neamhfhoirmiúil na n-institiúidí ardoideachais. Labhair Suas le níos mó ná 20,000 duine óg ag a n-imeachtaí in 2017. Áiríodh orthu seo Féile 8x8, Cúrsaí Saincheisteanna Domhanda STAND, STAND.ie agus an Ideas Collective.

## Developmenteducation.ie

In 2017, d'fhoilsigh developmenteducation.ie *Learning to change the world: an audit of development education resources in Ireland 2013-2016*, ina ndéantar measúnú ar tháirgeadh acmhainní don oideachas forbartha in Éirinn le ceithre bliana anuas. Bhunaigh siad *The Energy Bandits* i gcomhar le Presentation College Bray, tionscadal spárála fuinnimh do 650 scoláire agus ball foirne sa scoil agus don chomhdháil bhliantúil maidir le hOideachas trí Chomhlacht Bainistíochta Comhpháirteach ar bhainistíocht scoile i bPáirc an Chrócaigh.



Scoil Bhríde Cailíní ag Babhtaí Ceannais Réigiúnach Bhaile Átha Cliath de Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan.
Grianghraf: Mark Maxwell



**Yasmin Sparkes, Loreto Leitir Ceanainn Niamh McElhinney Pobalscoil Bhun an Phobail ag Comhdháil Bhliantúil WWGS 2017**
Grianghraf: Stedman Photography Mark Maxwell

## Clár oideachais forbartha na hÉireann d'iarbhunscoileanna in Éirinn is ea World Wise Global Schools (WWGS).

Tá sé mar aidhm ag clár WWGS go mbeidh oideachas forbartha fite fuaite i ngach gné den teagasc agus foghlaim sa mheánoideachas trí mhaoiniú deontais, oiliúint, imeachtaí, acmhainní agus tacaíocht phearsantaithe a chur ar fáil. Tá WWGS á chur i bhfeidhm ag cuibhreannas na n-eagraíochtaí seo a leanas páirteach: Help Africa, Concern Worldwide agus Aonad Forbartha Curaclam Oideachais agus Oiliúna Chathair Bhaile Átha Cliath.



Diarmuid Curtin (ar chlé), Donal Enright, múinteoir (sa lár) agus Jack O'Connor (ar dheis) leis na feirmeoirí Memory Pemba agus Alick Bamusse i sráidbhaile Kwitanda, Balaka, an Mhaláiv.
Grianghraf: Féinchabhair san Afraic

San iomlán, cuireadh maoiniú deontais ar fáil do 156 scoil, agus 10 líonra scoile agus 12 NGOanna atá ag obair i meánscoileanna.

Trí WWGS, is féidir le scoileanna cur isteach ar an Global Passport Award in 2017, agus tá an duais sin faighte ag 106 scoil go dtí seo. Bronnadh na duaiseanna ag Comhdháil Bhliantúil WWGS 2017 i bPáirc an Chrócaigh: bhí 300 scoláire agus a múinteoirí i láthair, as 60 scoil ar fud na tíre, agus iad páirteach i gceardlanna idirghníomhacha, plé agus díospóireacht oscailte faoin athrú aeráide a chomhrac agus domhan níos inbhuanaithe a chinntiú do chách.



Balbirggan E.T.N.S ag Babhtaí Ceannais Réigiúnach Bhaile Átha Cliath de Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan. Grianghraf: Mark Maxwell

## An Duais 'An Eolaíocht ar son na Forbartha' ag Taispeántas Eolaí agus Teicneolaí Óg BT na hÉireann

Ba iad Diarmuid Curtain agus Jack O'Connor, scoláirí sa séú bliain ó Desmond College, sa Chaisleán Nua, Co. Luimnigh, a thug an duais leo in 2017 as plandóir eirgeanamaíochta nua a laghdaíonn dramhaíl ó shíolta agus plandaí agus a dhéanann táirgeacht a fheabhsú trí chomhsheasmhacht agus luas a chinntiú agus stangadh ar an droim a mhaolú ag an am céanna.

Ba é sin an dara bliain déag ag clár Chúnamh Éireann urraíocht a dhéanamh ar an Duais Eolaíochta ar son na Forbartha i gcomhar le Self Help Africa. Tugann an duais seo spreagadh do mhúinteoirí agus do scoláirí smaointe a fhorbairt le teicneolaíocht chuí, agus an bhochtaineacht a laghdú ar leibhéal an phobail i dtíortha i mbéal forbartha. Tá sparánacht taistil €5,000 le fáil le haghaidh cuairt bhailithe eolais/tástála allamuigh chuig tír san Afraic.

## Gradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan

Déanann clár Chúnamh Éireann oideachas forbartha a chur chun cinn i mbunscoileanna trí *Ghradaim Chúnamh Éireann Ár nDomhan*. Ba é *'Do dhaoine agus don phláinéad'* téama 2017. Cuidíonn na gradaim bhliantúla le daltaí bunscoile i scoileanna timpeall na hÉireann foghlaim faoin gcaoi ina bhfuil Éire ag obair chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach, an bhochtaineacht a chomhrac agus todhchaí níos fearr a chinntiú do leanaí agus dá muintir i dtíortha i mbéal forbartha.

Chláraigh breis agus 1,300 bunscoil in Éirinn le páirt a ghlacadh. Bhunaigh na daltaí tionscadail a bhaineann leis na spriocanna sin agus obair ár gclár cúnaimh, ach chomhroinn siad an méid a d'fhoghlaim siad leis an bpobal scoile agus áitiúil chomh maith. Cuireadh seasca scoil ar an ngearrliosta chun páirt a ghlacadh sa bhabhta ceannais réigiúnach i mBealtaine - i Luimneach, Corcaigh, Sligeach agus Baile Átha Cliath - áit a bhfuair siad gradaim dá scoileanna, agus a fuair 7 scoil teastais speisialta as barr feabhais leanúnach thar roinnt blianta. Ag an mbabhta ceannais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh, bronnadh corn ar 12 scoil sa bhabhta ceannais. Bronnadh an gradam foriomlán ar Ghlór na Mara, an Trá Mhór, Port Láirge, bronnadh an gradam don scoil nua is fearr ar St Mary's Convent Primary san Aonach, Tiobraid Árann agus bronnadh Múinteoir na Bliana ar Shane O'Neill, ó Christ the King NS, Cathair Dháibhín, Co. Luimnigh. Bhí na gradaim go mór sna meáin agus foilsíodh níos mó ná 140 alt ar líne agus i gcló agus bhí siad luaite faoi 200 sna meáin trí chéile.

## Ceardlanna Chúnamh Éireann do Scoileanna agus Coláistí

Ghlac breis agus 7,100 dalta bunscoile, meánscoile agus tríú leibhéal páirt i gceardlanna in 2017. Tháinig scoileanna ó cheann ceann na tíre chun Ionad Chúnamh Éireann i Sráid Chluain Meala, Baile Átha Cliath, chun páirt a ghlacadh i gceardlanna idirghníomhacha ar fhorbairt dhomhanda agus obair chlár Chúnamh Éireann. Chuir ár bhfoireann éascaitheoirí ceardlanna ar fáil do bhreis agus 1,500 múinteoirí faoi oiliúint i gcoláistí oideachais agus ag roinnt imeachtaí san earnáil oideachais.



Bronnadh plaic ar Scoil Náisiúnta Crecora ag Babhta Ceannais Réigiúnach Luimnigh le Vanessa Sheridan agus Okeremute Okeregha.
Grianghraf: Sean Curtain

# Dul i dteagmháil le Pobal na hÉireann

Bímid i dteagmháil leis an bpobal in Éirinn agus pobail níos faide i gcéin faoi obair thábhachtach an chláir agus ceisteanna forbartha domhanda trí bhealaí éagsúla ar nós an tsuímh Gréasáin [www.irishaid.ie] agus na meán shóisialta agus trí na meáin chlóite agus craolta agus ag ócáidí poiblí.

Tá ról tábhachtach ag an gcumarsáid ó mhisin taidhleoireachta na hÉireann thar lear (go háirithe iad siúd atá lonnaithe i dtíortha ar a bhfuil clár cúnamh Éireann dírithe).


Seo cuid de na buaicphointí ó thaobh cumarsáide de in 2017:

— Bhí ár bhfoireann preasa ag obair leis na meáin chlóite agus ar líne, Éireannach agus idirnáisiúnta, ag cur eolas ar fáil dóibh faoi chlár cúnaimh na hÉireann, fógraí faoi mhaoiniú, comhdhálacha agus ócáidí criticiúla ina measc.

Ar cheann de na hócáidí móra ar a raibh neart cainte sna meáin bhí an gealltanas ó Éirinn maoiniú daonnúil a chur ar fáil mar fhreagairt ar ghéarchéim na Siria, cuairt an Aire Coveney ar an gCéinia agus ar an Aetóip agus an Fóram Domhanda ar Acmhainní Daonna don tSláinte i mBaile Átha Cliath.



Tina Akinola (sa lár), moltóir an chomórtais dea-ghléasta leis na buaiteoirí, Prince Richard Oyewole, as Baile Átha Cliath 1 agus Vanessa Umeh, as Domhnach Míde, ag Lá na hAfraice de chuid Chúnamh Éireann ag Eastát Farmleigh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Conor Ó Mearáin



Teicneoirí ag obair ar RCO (Rúitín, Cos, Ortóis) ag Ospidéal Athshlánúcháin
Grianghraf: Lar Boland 2017

— Chuir an *Simon Cumbers Media Fund* [www. simoncumbersmediafund.ie] breis agus €90,000 ar fáil mar thacaíocht do 22 tionscadal sna meáin sna tíortha spéise d'Éirinn trí na meáin náisiúnta, áitiúla, chraolta,
ar líne agus clóite, *TheJournal.ie*, *The Irish Times, RTÉ Television, RTÉ Radio* agus *Clare FM* ina measc. Ar bhonn na dtionscadal sin, rinneadh tuarascálacha agus taispeántais i 12 mheán cumarsáide agus spás taispeántais agus bhí 21 tír i mbéal forbartha páirteach ann.




An-tóir ar sheastán Chúnamh Éireann ag an gComórtas Treabhdóireachta 2017.
Grianghraf: DFAT

Faoin Scéim Maoinithe do Mhic Léinn, bhí deis ag na mic léinn a raibh suim acu san iriseoireacht agus san fhorbairt tuairisciú a dhéanamh ó na príomhthíortha cúnaimh le Newstalk Radio agus *TheJournal.ie*.

— Bhain 83,437 duine úsáid as suíomh Gréasáin Chúnamh Éireann (www.irishaid.ie), sin 120,373 cuairt agus 320,687 amharc leathanaigh ar an iomlán.

— Leis an gcuntas Twitter (@irish_aid), tugadh léargas beo ar an méid a bhí ar siúl againn i rith na bliana, cúnamh daonnúil agus acmhainní eile a chur ar fáil, obair leanúnach ar thionscadail forbartha eile, léargas ar imeachtaí *Africa Day 2017* in Éirinn agus nuacht ó chomhpháirtithe NGO agus na Náisiúin Aontaithe.

Bhí 2.4 milliún amharc ar tvuíteanna Chúnamh Éireann in 2017, sin méadú 200% ón méid a bhí ann in 2016. Bhí 12,154 leantóir againn, agus leantóirí nua ab ea 2419 acu sin.

— Tháinig méadú 15% ar líon na leantóirí ar Facebook (facebook.com/IrishAidCentre), go dtí 10,471. Bhí 847,188 amharc ar ár bpostálacha in 2017, méadú faoi dhó ar líon na n-amharc anuraidh.

— Bhíomar páirteach in:
*Taispeántas Eolaí agus Teicneolaí Óg BT na hÉireann*
i mí Eanáir

*Africa Day*
i mí Bealtaine

an *Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta*
i mí Mheán Fómhair

an *Overseas Volunteering Fair*
i mí Deireadh Fómhair

San iomlán, tháinig 38,450 duine chuig seastáin eolais nó ghlac siad páirt in imeachtaí eagraithe ag Cúnamh Éireann in 2017.

# Clár Comhaltachta

Is é is aidhm don *Chlár Oiliúna Comhaltachta* acmhainn a fhorbairt i dtíortha áirithe trí scoláireachtaí a chur ar fáil do chúrsaí iarchéime in ollscoileanna Éireannacha agus réigiúnacha. Tá fostaithe de chuid ár gcomhpháirtithe forbartha ar an dream is mó a fhaigheann tairiscintí. Roghnaigh siad staidéar a dhéanamh i réimsí a bhaineann le tosaíochtaí forbartha a dtír féin.

I mí Mheán Fómhair 2017, tháinig 38 mac léinn as an Aetóip, an Chéinia, an Libéir, an Mhaláiv, Siarra Leon, Uganda, Vítneam, an tSaimbia, an tSiombáib chun staidéar a dhéanamh ag Institiúidí Ardoideachais i gCorcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach, Má Nuad agus Port Láirge. Shocraigh 23 mac léinn eile staidéar a dhéanamh ina dtíortha nó réigiúin dúchais. Tá na mic léinn sin ag tabhairt faoi réimse cúrsaí ar nós Forbairt Idirnáisiúnta, an tAthrú Aeráide, Eolaíocht Talmhaíochta, Léann na Síochána agus Cearta an Duine.

Sa bhreis ar na gradaim faoin FTP, tá deiseanna staidéir ar fáil do mhic léinn as Vítneam faoi chlár na hÉireann maidir le taithí a roinnt in earnáil na forbartha (IDEAS). Ghlac 29 mac léinn le háiteanna in institiúidí ardoideachais na hÉireann i mbliana. Déanann ambasáid na hÉireann in Hanáí bainistíocht ar an gclár agus leagann sí síos na réimsí ina ndéanfar acmhainní a fhorbairt. Clúdaítear faoin gclár an Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic.

San Afraic Theas, tá clár comhaltachta bunaithe ag an Ambasáid in ómós do Kadar Asmal, nach maireann. Cuirtear áiteanna ar fáil faoin gclár do mhic léinn ón Afraic Theas sa Bhainistíocht Ghnó, Sláinte Phoiblí, agus Eolaíocht Aeráide agus Talmhaíochta. Tá 17 mac léinn ag déanamh staidéar in Éirinn faoin gclár seo i láthair na huaire. Tá roinnt gradam eile le fáil faoi Chomhaltachtaí do thíortha faoi leith: bean ghnó as an gCéinia faoin scoláireacht Mwangi, mac léinn sa réimse cearta an duine faoin chomhaltacht Casement, mac léinn as an mBurúin i léann na síochána faoin gComhaltacht Courtney agus beirt mhac léinn Laosach sa bhainistíocht fáilteachais faoin scoláireacht LANITH.



An tAire Stáit ar a bhfuil freagracht ar leith as an Diaspóra agus Forbairt Idirnáisiúnta, Ciaran Cannon T.D., i dteannta Chomhaltaí Chúnamh Éireann ag Teach Uíbh Eachach.
Grianghraf: Phil Behan / DFAT

# Cuntasacht & Trédhearcacht

Tá an Rialtas tiomanta go n-úsáidfear an cúnamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun tabhairt faoi dhúshláin dhomhanda. Cuidíonn trédhearcacht cúnaimh chun é sin a chinntiú: cuirtear an t-eolas is gá ar fáil do rialtais agus saoránaigh chun go mbeidh cinnteoirí freagrach as acmhainní forbartha a úsáid ar bhealach éifeachtach.

Bíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag obair léi go dian diongbháilte i gcoinne na caimiléireachta agus tá beartais agus nósanna imeachta leagtha síos aici maidir le haon chalaois féideartha a chosc, a aithint agus a láimhseáil. Cuireann an Roinn maoiniú mór ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí agus comhlachtaí éagsúla (comhpháirtithe rialtais, eagraíochtaí iltaobhacha agus idirnáisiúnta, an tsochaí shibhialta agus comhlachtaí deonacha). Tá rioscaí ag baint leis na gníomhaíochtaí sin: aithníonn an Roinn na rioscaí sin, agus tá timpeallacht rialaithe riosca dian i bhfeidhm againn. Bímid ag obair go dlúth le heagraíochtaí comhpháirtíochta ag déanamh measúnú ar a gcórais inmheánacha rialachais, bainistíochta, agus rialaithe ar bhonn leanúnach.

Déanann foireann na Roinne measúnú críochnúil ar na cláir ar fad a bhfuil maoiniú á lorg acu i gcoinne critéir soiléire, áirítear éifeachtúlacht ó thaobh úsáid acmhainní de, agus cumas na n-eagraíochtaí sin torthaí a bhaint amach agus cuntas a choinneáil ar na hacmhainní a fhaightear. Déantar monatóireacht inmheánach agus seachtrach rialta ar na cláir dá dtugtar maoiniú agus measúnú ar cé acu an bhfuil na spriocanna á mbaint amach agus acmhainní á n-úsáid mar is cuí. Foireann saineolaithe cláir, iniúchóirí inmheánacha san Ambasáid, saineolaithe neamhspleácha agus Aonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a dhéanann an mheastóireacht sin. Is é an Ceann Meastóireachta agus Iniúchóireachta an chéad duine a fhaigheann tuairiscí maidir le cásanna calaoise féideartha, agus é freagrach as cinneadh a dhéanamh faoi na céimeanna imscrúdaithe is cuí. Déanann an Coiste Iniúchóireachta neamhspleách de chuid na Roinne seo athbhreithniú rialta ar obair an Aonaid Meastóireachta agus Iniúchóireachta. Lena chois sin, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cinnte de go bhfuil Cúnamh Oifigiúil Forbartha á chur ar fáil de réir dlí, á bhainistiú mar is ceart agus go gcoinnítear cuntais chuí ina dtaobh.

Tá Éire ina ball den Tionscnamh Idirnáisiúnta um Thrédhearcacht Cúnaimh (an Tionscnamh) agus tacaíonn sí leis an gcaighdeán trédhearcachta ar a bhfuil clú ar fud na cruinne, sin an chaoi is fearr chun trédhearcacht idirnáisiúnta a chinntiú. Leanfaimid orainn ag obair le baill eile den Tionscnamh chun trédhearcacht an chúnaimh idirnáisiúnta forbartha a dhaingniú agus a fheabhsú, agus de bheith páirteach i rialachais an Tionscnaimh sin.

Tá tuilleadh eolais ar an ábhar seo le fáil ar shuíomh Gréasáin Chúnamh Éireann: https://irishaid.ie/what-we-do/how-our-aid-works/evaluation-and-audit/



Cnoc Kabumba, cois abhann Kanyosha. Leis an bhfoinse uisce seo, arna athchóiriú ag an ICRC, cuirtear uisce óil ar fáil do dhaonra chnoc Kabumba, an Bhurúin.
Grianghraf: Vanessa Sharp/ ICRC




| | | |
|---|---|---|
| Iarscríbhinn 1 | Cúnamh Oifigiúil Forbartha (COF) na hÉireann | 60 |
| Iarscríbhinn 2 | COF mar % den OTI: 2000 – 2017 | 61 |
| Iarscríbhinn 3 | Méideanna COF 2000-2017 | 62 |
| Iarscríbhinn 4 | COF Glan mar Chéatadán OIN - Deontóirí DAC 2017 | 63 |
| Iarscríbhinn 5 | Iomlán COF de réir an Chainéil Seachadta – 2017 | 64 |
| Iarscríbhinn 6 | COF Iomlán de réir Earnála – 2017 | 65 |
| Iarscríbhinn 7 | COF Iomlán de réir Cineál Cúnaimh – 2017 | 66 |
| Iarscríbhinn 8 | An 30 tír is mó a fuair COF Déthaobhach ó Éirinn in 2017 | 67 |
| Iarscríbhinn 9 | Cláir Tíre - Miondealú de réir Earnála 2017 | 68 |
| Iarscríbhinn 10 | Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017 | 69 |
| Iarscríbhinn 11 | Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017 (Figiúirí sna €000í) | 70 |
| Iarscríbhinn 12 | Cúnamh Daonnúil de réir Cainéal Seachadta 2017 | 73 |
| Iarscríbhinn 13 | Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fuair €100K nó níos mó, in 2017 i €000í | 74 |

IARSCRÍBHINN 1

# Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann

### Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann


| | € Milliúin 2017 | € Milliúin 2016 |
|---|---|---|
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 490.75 | 482.35 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 252.67 | 243.42 |
| **Iomlán COF** | **743.42** | **725.78** |
| OTI | 233.149 | 226,749 |
| COF mar % den OTI | 0.32% | 0.32% |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 mar % den COF iomlán | 66% | 66% |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le Buiséad an AE don Fhorbairt um Chomhar mar % den COF iomlán | 32% | 34% |
| **Anailís ar Chúnamh Déthaobhach / Iltaobhach** | | |
| **COF Déthaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 389.16 | 377.81 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 47.85 | 8.34 |
| **Iomlán COF Déthaobhach** | **437.02** | **386.14** |
| **COF Iltaobhach** | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála - Vóta 27 | 101.59 | 104.55 |
| Ranna Rialtais agus Ranníocaíochtaí Eile le le Buiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | 204.81 | 235.09 |
| **Iomlán COF Iltaobhach** | **306.40** | **339.64** |
| **Iomlán COF** | **743.42** | **725.78** |
| **COF Déthaobhach mar % den COF Iomlán** | **59%** | **53%** |
| **COF Iltaobhach mar % den COF Iomlán** | **41%** | **47%** |

*Úsáideann na hIarscríbhinní seo sainmhínithe an ECFE don Chúnamh Déthaobhach agus Iltaobhach

IARSCRÍBHINN 2

# COF mar % den OTI: 2000 – 2017


COF mar % den OTI



IARSCRÍBHINN 3

# Méideanna COF 2000-2017

COF €M





| Bliain | COF €m |
|---|---|
| 2000 | 254.86 |
| 2001 | 319.90 |
| 2002 | 422.06 |
| 2003 | 445.71 |
| 2004 | 488.92 |
| 2005 | 578.46 |
| 2006 | 813.96 |
| 2007 | 870.87 |
| 2008 | 920.66 |
| 2009 | 722.20 |
| 2010 | 675.84 |
| 2011 | 657.04 |
| 2012 | 628.90 |
| 2013 | 637.10 |
| 2014 | 614.86 |
| 2015 | 647.56 |
| 2016 | 725.78 |
| 2017 | 743.42 |

IARSCRÍBHINN 4

# COF €M - 2017


## COF €M




| Bliain | COF €m |
|---|---|
| An tSualainn | 1.01 |
| Lucsamburg | 1.00 |
| An Iorua | 0.99 |
| An Danmhairg | 0.72 |
| An Ríocht Aontaithe | 0.70 |
| An Ghearmáin | 0.66 |
| An Ísiltír | 0.60 |
| An Eilvéis | 0.46 |
| An Bheilg | 0.45 |
| An Fhrainc | 0.43 |
| An Fhionlainn | 0.41 |
| Éire | 0.32 |
| An Ostair | 0.30 |
| An Iodáil | 0.29 |
| An Íoslainn | 0.29 |
| Ceanada | 0.26 |
| An Nua-Shéalainn | 0.23 |
| An tSeapáin | 0.23 |
| An Astráil | 0.23 |
| An Spáinn | 0.19 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | 0.18 |
| An Phortaingéil | 0.18 |
| An tSlóivéin | 0.16 |
| An Ghréig | 0.16 |
| An Chóiré | 0.14 |
| Poblacht na Seice | 0.13 |
| An Pholainn | 0.13 |
| Poblacht na Slóvaice | 0.12 |
| An Ungáir | 0.11 |
| **IOMLÁN DAC** | **0.31** |

## IARSCRÍBHINN 5

# Iomlán COF de réir Cainéal Seachadta - 2017





**Cainéal**

| | 2017 | | Meánmh 2014-16 | |
|---|---|---|---|---|
| | €000í | Mar % de Iomlán COF | €000í | Mar % de Iomlán COF |
| [1]Eagraíochtaí Iltaobhacha | 417,705 | 56% | 358,791 | 54% |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 167,001 | 22% | 165,806 | 25% |
| Cainéil Eile | 94,697 | 13% | 59,919 | 9% |
| Córais Rialtais i dTíortha Comhpháirtíochta | 54,525 | 7% | 69,623 | 11% |
| Comhar Tarmligthe | 9,490 | 1% | 8,628 | 1% |
| **Comhiomlán** | **743,418** | **100%** | **662,766** | **100%** |

1


# COF Iomlán de réir Earnála - 2017

| Earnáil | 2017 | | Meánmh. 2014-16 | |
|---|---|---|---|---|
| | €000í | Mar % de Iomlán COF | €000í | Mar % Iomlán COF |
| Buntacaíocht d'Eagraíochtaí Iltaobhacha | 227,488 | 31% | 208,212 | 31% |
| **Cúnamh Daonnúil Iomlán** | **181,116** | **24%** | **152,828** | **23%** |
| Buntacaíocht d'Eagraíochtaí Iltaobhacha | 78,915 | 11% | 66,848 | 10% |
| Cúnamh Daonnúil | 102,201 | 14% | 85,979 | 13% |
| Cearta an Duine, Rialachas agus Comhionannas Inscne | 61,380 | 8% | 57,726 | 9% |
| Sláinte VEID agus SEIF | 48,150 | 6% | 59,151 | 9% |
| Ilearnáil | 73,256 | 10% | 53,540 | 8% |
| Talmhaíocht | 33,373 | 4% | 29,594 | 4% |
| Oideachas | 33,038 | 4% | 33,669 | 5% |
| Bainistíocht agus Riarachán Clár | 27,889 | 4% | 26,657 | 4% |
| Cosaint Shóisialta | 23,979 | 3% | 14,606 | 2% |
| Bunchothú | 16,184 | 2% | 12,670 | 2% |
| Cosaint Chomhshaoil | 6,239 | 1% | 3,632 | 1% |
| Feasacht ar Fhorbairt a chur chun cinn | 5,718 | 1% | 5,136 | 1% |
| Uisce agus Sláintíocht | 5,608 | 1% | 5,346 | 1% |
| **Comhiomlán** | **743,418** | **100%** | **662,766** | **100%** |



IARSCRÍBHINN 7

# COF Iomlán de réir Cineál Cúnaimh - 2017




**Cineál Cúnaimh**

| | *2017* | | *2014-16 meánmh.* | |
|---|---|---|---|---|
| | *€000í* | *Mar % de Iomlán COF* | *€000í* | *Mar % Iomlán COF* |
| Buntacaíocht d'Eagraíochtaí Iltaobhacha | 306,402 | 41% | 275,061 | 42% |
| Cistí Ciseáin agus Comhthiomsaithe | 142,090 | 19% | 118,210 | 18% |
| Buntacaíocht do NGOanna | 112,877 | 15% | 103,312 | 16% |
| Idirghabháil trí Chineál Tionscadail | 102,859 | 14% | 114,012 | 17% |
| Riarachán | 27,889 | 4% | 26,379 | 4% |
| Cineálacha Eile Cúnaimh | 51,300 | 7% | 25,792 | 4% |
| **Comhiomlán** | **743,418** | **100%** | **662,766** | **100%** |

# An 30 tír is mó a fuair COF Déthaobhach ó Éirinn in 2017

| Tír is faighteoir | €000í |
|---|---|
| An Aetóip | 36,037 |
| Mósaimbíc | 26,320 |
| Uganda | 24,886 |
| An Mhaláiv | 20,193 |
| An Tansáin | 20,143 |
| An Tuirc | 12,507 |
| Siarra Leon | 12,238 |
| An tSaimbia | 12,223 |
| An tSúdáin Theas | 10,694 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 9,650 |
| Vítneam | 8,583 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 6,872 |
| An Chéinia | 6,738 |
| An tSiombáib | 6,698 |
| An tSomáil | 6,318 |
| An tSúdáin | 5,752 |
| An Phalaistín | 5,467 |
| Éimin | 5,250 |
| An Liobáin | 4,113 |
| An Afraic Theas | 4,102 |
| An Libéir | 3,926 |
| An Nigéir | 3,684 |
| An tSiria | 3,106 |
| Maenmar | 2,545 |
| An Nigéir | 2,537 |
| An Cholóim | 2,343 |
| Ruanda | 2,076 |
| An Iaráic | 2,067 |
| An Bhanglaidéis | 1,946 |
| An Iordáin | 1,786 |

*San iarscríbhinn seo, déantar miondealú ar an gcúnamh de réir na dtíortha is faighteoirí. I gcás tíortha ina bhfuil géarchéim mhór dhaonnúil, tabhair faoi deara gur féidir go dtabharfar an maoiniú do thíortha cóngaracha nó ar bhonn neamhspleách ón tír. Leis na figiúirí don Tuirc, don Liobáin, agus don Iaráic, áirítear tacaíocht don fhreagairt ar ghéarchéim na Siria. Tá tuilleadh eolais faoin maoiniú do Ghéarchéimeanna le fáil sa ghrafaic faisnéise maidir le Cúnamh Daonnúil.

IARSCRÍBHINN 9

# Cláir Tíre - Miondealú de réir Earnála 2017


| Earnáil | an Aetóip | Mósaimbíc | Uganda | an Tansáin | an Mhaláiv | Vítneam & Réigiún | an tSaimbia | Siarra Leon & An Libéir | Theas Afraic& Réigiún | an Phalaistín | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í | €000í |
| Talmhaíocht | 2,450 | 302 | 0 | 2,134 | 5,969 | 361 | 1,880 | 0 | 0 | 0 | 13,096 |
| Bunchothú | 2,450 | 1,350 | 1,200 | 1,126 | 1,168 | 833 | 1,001 | 1,699 | 0 | 0 | 10,826 |
| Oideachas | 5 | 7,058 | 4,567 | 55 | 29 | 1,774 | 713 | 1,015 | 850 | 2,350 | 18,417 |
| Cosaint Chomhshaoil | 4 | 782 | 4 | 0 | 305 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1,096 |
| Sláinte/VEID | 5,704 | 9,890 | 2,003 | 9,210 | 10 | 316 | 133 | 1,155 | 2,530 | 0 | 30,951 |
| Cearta an Duine/Rialtas | 1,632 | 2,925 | 3,500 | 1,854 | 1,689 | 3,226 | 903 | 2,974 | 1,995 | 763 | 21,462 |
| Cúnamh Daonnúil | 4,476 | 500 | 2,676 | 1,500 | 1,245 | 0 | 0 | 100 | 50 | 1,555 | 12,102 |
| Ilearnála/Eile | 890 | 1,774 | 639 | 266 | 1,127 | 3,465 | 656 | 617 | 396 | 20 | 9,849 |
| Talmhaíocht | 10,670 | 0 | 3,053 | 935 | 2,025 | 0 | 3,862 | 0 | 10 | 0 | 20,555 |
| Uisce agus Sláintíocht | 2 | 150 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3 | 1,200 | 0 | 0 | 1,355 |
| Bainistíocht Cláir agus Riarachán | 1,473 | 1,099 | 1,125 | 817 | 1,090 | 1,441 | 692 | 700 | 991 | 200 | 9,628 |
| **Comhiomlán** | **29,755** | **25,830** | **18,766** | **17,898** | **14,658** | **11,417** | **9,843** | **9,460** | **6,822** | **4,888** | **149,337** |

IARSCRÍBHINN 10

# Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017

**Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017**

| | *€000í* | *Mar % de* |
|---|---|---|
| Institiúidí an Aontais Eorpaigh | 192,508 | 46% |
| Ciste nó Coimisiún Ghníomhaireachtaí na NA | 156,332 | 37% |
| Institiúidí Iltaobhacha Eile | 30,141 | 7% |
| Grúpa an Bhainc Dhomhanda | 29,971 | 7% |
| Bainc Forbartha Réigiúnaí | 7,253 | 2% |
| An Eagraíocht Dhomhanda Trádála | 1,500 | <1% |
| **Comhiomlán** | **417,705** | **100%** |



IARSCRÍBHINN 11

# Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017

| **Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017 (Leibhéal mionsonraithe: €000í)** | An Roinn Talmhaíochta , Bia agus Mara | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil | An Roinn Airgeadais | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Cionroinnt na hÉireann i mBuiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **INSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH** | | | | | | | |
| An Coimisiún Eorpach - Cionroinnt an Bhuiséid don Fhorbairt | | | | - | 143,219 | | 143,219 |
| An Ciste Eorpach um Fhorbairt | | | | 35,659 | | | 35,659 |
| An Coimisiún Eorpach Saoráid na Tuirce do Theifigh | | | | 10,516 | | | 10,516 |
| An Banc Eorpach Infheistíochta | | | | 1,365 | | | 1,365 |
| Ciste Iontaobhais an AE don Afraic | | | | 1,000 | | | 1,000 |
| Ciste Iontaobhais an AE don Cholóim | | | | 750 | | | 750 |
| **Iomlán d'Institiúidí an Aontais Eorpaigh** | **-** | **-** | **-** | **49,290** | **143,219** | | **192,508** |
| **INSTITIÚIDÍ ILTAOBHACHA EILE** | | | | | | | |
| An Ciste Domhanda i gcoinne SEIF, TB agus Maláire | | | | 10,000 | | | 10,000 |
| Comhpháirtíocht Dhomhanda don Oideachas | | | | 4,000 | | | 4,000 |
| Ciste CGIAR | | | | 3,000 | | | 3,000 |
| Comhghuaillíocht Dhomhanda do Vacsaíní & Imdhíonadh | | | | 3,000 | | | 3,000 |
| Ciste Glas don Aeráid | | | | 2,000 | | | 2,000 |
| An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíoch | | | | 1,790 | | | 1,790 |
| Áis do Thimpeallacht na Cruinne | | | | 1,421 | | | 1,421 |
| An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip | | | | 1,215 | | | 1,215 |
| Comhairle na hEorpa | | | | 1,157 | | | 1,157 |
| Áis do Thimpeallacht na Cruinne - Ciste LDC | | | | 1,000 | | | 1,000 |
| Prótacal Montréal | | 633 | | - | | | 633 |
| An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce | | | | 325 | | | 325 |
| An Ciste um Oiriúnú | | 300 | | - | | | 300 |
| An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta | | | | 125 | | | 125 |
| Painéal Idir-Rialtasach an IPCC ar an Athrú Aeráide | | 100 | | - | | | 100 |
| Ciste Iontaobhais Nato um Chomhpháirtíocht don tSíocháin | | | | | 50 | | 50 |
| Rúnaíocht an Chonartha Trádála Airm | | | | 25 | | | 25 |
| **Institiúidí Iltaobhacha Eile - Iomlán** | **-** | **4,454** | **-** | **25,687** | **-** | **-** | **30,141** |

| **Maoiniú d’Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017 (Leibhéal mionsonraithe: €000í)** | An Roinn Talmhaíochta , Bia agus Mara | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil | An Roinn Airgeadais | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Cionroinnt na hÉireann i mBuiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **BAINC FORBARTHA RÉIGIÚNAÍ** | | | | | | | |
| Banc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar | | | 3,853 | - | | | 3,853 |
| Banc Forbartha na hÁise | | | 3,400 | - | | | 3,400 |
| **Bainc Forbartha Réigiúnaí - Iomlán** | **-** | **-** | **7,253** | **-** | **-** | **-** | **7,253** |
| **CISTE NÓ COIMISIÚN GHNÍOMHAIREACHTAÍ NA NA** | | | | | | | |
| Cistí Comhthiomsaithe Tíre na NA | | | | 33,086 | | | 33,086 |
| An Clár Domhanda Bia | 14,000 | | | 6,888 | | | 20,888 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe | | | | 17,300 | | | 17,300 |
| Lárchiste Freagartha Éigeandála | | | | 13,000 | | | 13,000 |
| Oifig Choimisinéir Dídeanaithe na NA | | | | 12,678 | | | 12,678 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe | | | | 11,585 | | | 11,585 |
| Gníomhaireacht na NA um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha | | | | 5,500 | | | 5,500 |
| Ciste na NA ar mhaithe leis an bPobal | | | | 4,800 | | | 4,800 |
| Clár Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe maidir le VEID/SEIF | | | | 4,400 | | | 4,400 |
| Oifig Chomhordaithe na NA um Ghnóthaí Daonnúla | | | | 4,350 | | | 4,350 |
| An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta | 3,213 | | | 500 | | | 3,713 |
| NA Mná | | | | 3,035 | | | 3,035 |
| An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair | | | | 2,000 | | 714 | 2,714 |
| Ard-Choimisinéir na NA um Chearta an Duine | | | | 2,538 | | | 2,538 |
| Na Náisiúin Aontaithe - An Roinn Oibríochtaí Síochánaíochta | | | | 2,475 | | | 2,475 |
| An Ciste Idirnáisiúnta um Fhorbairt Talmhaíochta | | | | 2,036 | | | 2,036 |
| Na Náisiúin Aontaithe - Ginearálta | | | | 1,736 | | | 1,736 |
| Oifig na Náisiún Aontaithe um Sheirbhísí Tionscadal | | | | 1,600 | | | 1,600 |
| UNESCO | | | | 835 | | 608 | 1,443 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte | | | | 325 | | 1,096 | 1,421 |
| Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe | | 694 | | 247 | | 300 | 1,241 |
| Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú Síochána | | | | 1,000 | | | 1,000 |
| Creat na Náisiún Aontaithe An Coinbhinsiún ar an Athrú Aeráide | | 94 | | 500 | | | 594 |
| An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach | | 385 | | 140 | | | 525 |


| Maoiniú d'Eagraíochtaí Iltaobhacha 2017 (Leibhéal mionsonraithe: €000í) | An Roinn Talmhaíochta , Bia agus Mara | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus Comhshaoil | An Roinn Airgeadais | An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | Cionroinnt na hÉireann i mBuiséad an AE don Chomhar um Fhorbairt | Ranna Eile | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Saorálaithe na Náisiún Aontaithe | | | | 500 | | | 500 |
| Straitéis Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Laghdú Tubaistí | | | | 500 | | | 500 |
| Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe | | | | 471 | | | 471 |
| Roinn Gnóthaí Polaitiúla na NA | | | | 450 | | | 450 |
| Ciste Iontaobhais na NA don Cholóim | | | | 400 | | | 400 |
| Comhdháil na NA um Thrádáil agus Forbairt | | | | 200 | | | 200 |
| Institiúid na NA um Thaighde Dí-armála | | | | 100 | | | 100 |
| An Coinbhinsiún um Gaineamhlú a Chomhrac | | | | 32 | | | 32 |
| An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil | | | | - | | 13 | 13 |
| Coimisiún na Náisiún Aontaithe Don Gheilleagar san Eoraip | | 7 | | - | | | 7 |
| **Cistí Ghníomhaireachtaí na NA - Iomlán** | **17,213** | **1,180** | **-** | **135,207** | **-** | **2,732** | **156,332** |
| **GRÚPA AN BHAINC DHOMHANDA** | | | | | | | |
| An Banc Domhanda - Comhlachas Idirnáisiúnta um Fhorbairt | | | 24,570 | 1,770 | | | 26,340 |
| An Banc Domhanda - An Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta & Forbartha | | | 2,731 | - | | | 2,731 |
| An Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta | | | | 900 | | | 900 |
| **Grúpa an Bhainc Dhomhanda - Iomlán** | **-** | **-** | **27,301** | **2,670** | **-** | **-** | **29,971** |
| Eagraíochtaí Domhanda Trádála | | | | | | | |
| An Lárionad Trádála Idirnáisiúnta | | | | 800 | | | 800 |
| An tIonad Comhairliúcháin ar Dhlí WTO | | | | 350 | | | 350 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Trádála | | | | 350 | | | 350 |
| **Eagraíochtaí Domhanda Trádála - Iomlán** | **-** | **-** | **-** | **1,500** | **-** | **-** | **1,500** |
| **COMHIOMLÁN** | **17,213** | **5,634** | **34,554** | **214,354** | **143,219** | **2,732** | **417,705** |

IARSCRÍBHINN 12

# Cúnamh Daonnúil de réir Cainéal Seachadta 2017

**Cainéal**

| | *€000í* | *Mar % de* |
|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe | 105,260 | 58% |
| An tAontas Eorpach | 36,450 | 20% |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 21,673 | 12% |
| Cumann Idirnáisiúnta na Croise Deirge | 14,790 | 8% |
| Eile | 2,942 | 2% |
| **Comhiomlán** | **181,116** | **100%** |



IARSCRÍBHINN 13

# Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta a fhaigheann €100K nó níos mó, in 2017 i €000í

| *Ainm na heagraíochta* | *Suíomh* | *Iomlán* |
|---|---:|---:|
| A Partnership With Africa | Ceanncheathrú | 150 |
| Action Aid | Ceanncheathrú | 750 |
| Action Contre la Faim - Siarra Leon | Siarra Leon | 1,227 |
| Adigrat Diocese Catholic Secretariat [ADCS] | An Aetóip | 150 |
| AEPD Vietnam | Vítneam | 100 |
| Agricultural Non State Actors | An Tansáin | 200 |
| Aidlink | Ceanncheathrú | 431 |
| Aidspan | Ceanncheathrú | 100 |
| Amref Health Africa | an Tansáin | 400 |
| Apheda Vietnam | Vítneam | 150 |
| Associação Instituto para Democracia Multipartidaria | Mósaimbíc | 150 |
| Association Sphere | Ceanncheathrú | 125 |
| Barefeet Theatre | An tSaimbia | 110 |
| Benjamin Mkapa Hiv/Aids Foundation (BMAF) | an Tansáin | 400 |
| Bóthar | Ceanncheathrú | 160 |
| Brighter Communities Worldwide | Ceanncheathrú | 140 |
| Camara Education Ltd. | Ceanncheathrú | 150 |
| Camfed International | Ceanncheathrú | 100 |
| Camfed Zambia | an tSaimbia | 280 |
| CARE Canada | an tSaimbia | 1,000 |
| Care International | Mósaimbíc | 650 |
| CARE International VN | Vítneam | 285 |
| CDI Vietnam | Vítneam | 150 |
| Centre For Humanitarian Dialogue | Ceanncheathrú | 100 |
| Centre pour le Contrôle Démocratique des Forces Armées (DCAF) | Ceanncheathrú | 200 |
| Childfund Ireland | Ceanncheathrú | 475 |
| Children In Crossfire | Ceanncheathrú | 606 |
| Christian Aid | Ceanncheathrú | 5,152 |
| Christian Blind Mission Ireland | Ceanncheathrú | 120 |
| CHS Alliance | Ceanncheathrú | 125 |
| Civicus | Ceanncheathrú | 120 |
| Clinton Health Access Initiative | An Aetóip, An Afraic Theas | 500 |
| Comhlámh | Ceanncheathrú | 464 |
| Comprehensive Community Based Rehabilitation | An Tansáin | 500 |
| Concern Universal (United Purpose) | An Mhaláiv | 1,191 |
| Concern Worldwide | Ceanncheathrú | 25,247 |
| Crisis Management Initiative Ry | Ceanncheathrú | 125 |

| *Ainm na heagraíochta* | *Suíomh* | *Iomlán* |
|---|---|---|
| Democratic Progress Institute (DPI) | Ceanncheathrú | 100 |
| Dialogue Advisory Group (DAG) | Ceanncheathrú | 100 |
| Dóchas | Ceanncheathrú | 250 |
| East and Horn of Africa HRD Project | Uganda | 160 |
| ECPAT International | H Q | 120 |
| ECDPM | Ceanncheathrú | 200 |
| Emergency Nutrition Network | Ceanncheathrú | 350 |
| Ethiopian Centre for Disability & Development Association | An Aetóip | 500 |
| Evangelical Association Of Malawi | An Mhaláiv | 350 |
| Femina Hip Ltd. | An Tansáin | 200 |
| FHI Solutions LLC | An Aetóip, Vítneam | 1,050 |
| Front Line- An Fhondúireacht Idirnáisiúnta um Chosantóir Chearta an Duine a Chosaint | Ceanncheathrú | 508 |
| Fundação MASC | Mósaimbíc | 1,000 |
| Fundação Mundukide | Mósaimbíc | 100 |
| Global Witness Trust | Ceanncheathrú | 115 |
| Goal | Ceanncheathrú | 11,118 |
| Gorta - Féinchabhair san Afraic | Ceanncheathrú, an tSaimbia | 5,752 |
| Habitat For Humanity Ireland | Ceanncheathrú | 130 |
| Halo Trust | Ceanncheathrú, An Chambóid | 830 |
| Health Poverty Action | Ceanncheathrú | 100 |
| Helen Keller International | Mósaimbíc, Siarra Leon, Vítneam | 952 |
| Helpage International | Ceanncheathrú | 721 |
| Instituto de Estudos Sociais e Económicos | Mósaimbíc | 500 |
| Institute for Security Studies | An Afraic Theas | 200 |
| International Alert | Ceanncheathrú | 150 |
| International Commission Of Jurists | Ceanncheathrú | 110 |
| International Commission on Missing Persons (ICMP) | Ceanncheathrú | 150 |
| Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (ICRC) | Ceanncheathrú, Ranna Eile | 13,170 |
| International Crisis Group | Ceanncheathrú | 200 |
| Cónaidhm Idirn. Chumann na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg | Ceanncheathrú | 1,750 |
| International Fertilizer Development Centre | An Chéinia | 180 |
| International Rescue Committee | Ceanncheathrú, An Libéir, Siarra Leon | 2,490 |
| International Service For Human Rights | Ceanncheathrú | 125 |
| International Youth Foundation | An Afraic Theas | 300 |
| Irish Council For International Students | Ceanncheathrú, An Afraic Theas, Vítneam | 2,865 |
| Irish Development Education Association | Ceanncheathrú | 237 |
| Irish Family Planning Association | Ceanncheathrú | 120 |

| *Ainm na heagraíochta* | *Suíomh* | *Iomlán* |
|---|---|---|
| Irish Forum for Global Health | Ceanncheathrú | 170 |
| Fondúireacht um Fhorbairt Idirnáisiúnta Chonradh na hÉireann de Chomhair Chreidmheasa Teo. | Ceanncheathrú | 160 |
| Cumann Croise Deirge na hÉireann | Ceanncheathrú, Ranna Eile | 1,040 |
| Irish Rule of Law International | An Mhaláiv | 220 |
| ISEE Vietnam | Vítneam | 100 |
| Kivulini Women's Rights Organisation | An Tansáin | 350 |
| LIN Centre for Community Development Vietnam | Vítneam | 100 |
| Minority Rights Group International | Ceanncheathrú | 187 |
| MISA Zambia | an tSaimbia | 200 |
| Misean Cara | Ceanncheathrú | 15,505 |
| National Association of Women Organisations in Uganda | Uganda | 100 |
| National Smallholder Farmers | An Mhaláiv | 300 |
| Comhairle Náisiúnta na nÓg | Ceanncheathrú | 107 |
| Norwegian Refugee Council | An Phalaistín | 200 |
| Nuture Africa | Ceanncheathrú | 182 |
| Oxfam GB | An Libéir | 1,200 |
| Oxfam Ireland | Ceanncheathrú | 3,790 |
| Partnership for Nutrition in Tanzania (PANITA) | An Tansáin | 300 |
| Plan International Vietnam | Meanmar, Vítneam | 345 |
| Plan Ireland | Ceanncheathrú | 3,116 |
| Project RENEW Vietnam | Vítneam | 200 |
| Raising Voices | Ceanncheathrú | 250 |
| Rede Came | Mósaimbíc | 100 |
| Restless Development | An tSaimbia | 100 |
| RIC Vietnam | Vítneam | 120 |
| SA HIV/AIDS Information Dissemination Service | an tSiombáib | 250 |
| Saferworld | Ceanncheathrú | 130 |
| Save The Children | Ceanncheathrú, an Aetóip, an Mhaláiv, Siarra Leon | 2,818 |
| SEND Sierra Leone | Siarra Leon | 100 |
| Serve In Solidarity Ireland | Ceanncheathrú | 254 |
| Sight Savers Ireland | Ceanncheathrú | 1,738 |
| Social Change Assistance Trust | An Afraic Theas | 125 |
| Sonke Gender Justice Network | An Afraic Theas | 300 |
| SOS Sahel Ethiopia | An Aetóip | 1,300 |
| Straight Talk Foundation | Uganda | 874 |
| Suas Educational Development | Ceanncheathrú | 311 |
| Tanzania Media Foundation | An Tansáin | 509 |

| *Ainm na heagraíochta* | *Suíomh* | *Iomlán* |
|---|---|---|
| Childfund Ireland | Ceanncheathrú | 189 |
| Technoserve | An Tansáin | 219 |
| The Carter Centre Inc. | Ceanncheathrú | 130 |
| The Centre for Counselling Nutrition & Health Care | An Tansáin | 800 |
| The Mary Robinson Foundation | Ceanncheathrú | 150 |
| Transparency International | Ceanncheathrú | 260 |
| Transparency International Vietnam | Vítneam | 100 |
| Trócaire | Ceanncheathrú, Siarra Leon | 20,198 |
| Tumaini La Maisha | An Tansáin | 110 |
| Uganda Women's Network | Uganda | 400 |
| Unidade de Processamento de Ideias (UPI) | Mósaimbíc | 100 |
| *Ainm na heagraíochta* | *Suíomh* | *Iomlán* |
| Value Added In Africa | Ceanncheathrú | 130 |
| Viet Health Vietnam | Vítneam | 176 |
| Vita | Ceanncheathrú | 503 |
| VSO Ireland | Ceanncheathrú | 482 |
| War On Want Northern Ireland | Ceanncheathrú | 150 |
| Women Fund Tanzania | An Tansáin | 350 |
| World Resources Institute | Ceanncheathrú | 600 |
| World Vision Ireland | Ceanncheathrú | 4,216 |
| Zambia Open Community Schools | An tSaimbia | 175 |

# Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann




- Éire Déthaobhach
- Iltaobhach



Greenland
(Denmark)
Alaska (US)
C A N A D A
U N I T E D S T A T E S
MEXICO
Bahamas
JAMAICA
DOM. REP.
DOMINICA
BARBADOS
EL SALVADOR
NICARAGUA
TRINIDAD AND TOBAGO
VENEZUELA
GUYANA
COLOMBIA
PERU
B R A Z I L
BOLIVIA
PARAGUAY
CHILE
ARGENTINA
MARSHALL ISLANDS
KIRIBATI
NAURU
WESTERN SAMOA
VANUATU
TONGA
NEW ZEALAND

# Cúnamh Oifigiúil Forbartha na hÉireann

| *Tír* | *Cúnamh Déthaobhach* | *Cúnamh trí Bhuntacaíocht Iltaobhach* |
|---|---|---|
| An Afganastáin | ● | ● |
| An Albáin | ● | ● |
| An Ailgéir | | ● |
| Angóla | ● | ● |
| An Airgintín | ● | ● |
| An Airméin | | ● |
| An Asarbaiseáin | | ● |
| An Bhanglaidéis | ● | ● |
| An Bhealarúis | | ● |
| An Bheilís | | ● |
| Beinin | ● | ● |
| An Bhútáin | | ● |
| An Bholaiv | ● | ● |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | ● | ● |
| An Bhotsuáin | | ● |
| An Bhrasaíl | ● | ● |
| Buircíne Fasó | ● | ● |
| An Bhurúin | ● | ● |
| Cabo Verde | | ● |
| An Chambóid | ● | ● |
| Camarún | ● | ● |
| Poblacht na hAfraice Láir | ● | ● |
| Sead | ● | ● |
| An tSile | ● | ● |
| An tSín (Daon-Phoblacht) | ● | ● |
| An Cholóim | ● | ● |
| Oileáin Chomóra | | ● |
| Congó | ● | ● |
| Oileáin Cook | | ● |
| Cósta Ríce | | ● |
| Côte d'Ivoire | ● | ● |
| Cúba | | ● |
| Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré | ● | ● |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | ● | ● |

| *Tír* | *Cúnamh Déthaobhach* | *Cúnamh trí Bhuntacaíocht Iltaobhach* |
|---|---|---|
| Djibouti | | ● |
| Dominice | ● | ● |
| An Phoblacht Dhoiminiceach | ● | ● |
| Eacuadór | | ● |
| An Éigipt | ● | ● |
| An tSalvadóir | ● | ● |
| An Ghuine Meánchiorclach | | ● |
| An Eiritré | ● | ● |
| An Aetóip | ● | ● |
| Fidsí | | ● |
| Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine | | ● |
| An Ghabúin | ● | ● |
| An Ghaimbia | ● | ● |
| An tSeoirsia | ● | ● |
| Gána | ● | ● |
| Greanáda | | ● |
| Guatamala | ● | ● |
| An Ghuine | ● | ● |
| Guine Bissau | ● | ● |
| An Ghuáin | | ● |
| Háítí | ● | ● |
| Hondúras | ● | ● |
| An India | ● | ● |
| Indinéis | ● | ● |
| An Iaráin | | ● |
| An Iaráic | ● | ● |
| Iamáice | | ● |
| An Iordáin | ● | ● |
| An Chasacstáin | | ● |
| An Chéinia | ● | ● |
| Cireabaití | | ● |
| An Chosaiv | ● | ● |
| An Chirgeastáin | | ● |
| Daon-Phoblacht Dhaonlathach Laos | ● | ● |

| *Tír* | *Cúnamh Déthaobhach* | *Cúnamh trí Bhuntacaíocht Iltaobhach* |
|---|---|---|
| An Liobáin | ● | ● |
| Leosóta | ● | ● |
| An Libéir | ● | ● |
| An Libia | ● | ● |
| Madagascar | ● | ● |
| An Mhaláiv | ● | ● |
| An Mhalaeisia | | ● |
| Oileáin Mhaildíve | | ● |
| Mailí | ● | ● |
| Oileáin Marshall | | ● |
| An Mháratáin | ● | ● |
| Oileán Mhuirís | | ● |
| Meicsiceo | ● | ● |
| An Mhicrinéis | | ● |
| An Mholdóiv | | ● |
| An Mhongóil | | ● |
| Montainéagró | ● | ● |
| Maracó | ● | ● |
| Mósaimbíc | ● | ● |
| Maenmar | ● | ● |
| An Namaib | | ● |
| Nárú | | ● |
| Neipeal | ● | ● |
| Nicearagua | ● | ● |
| An Nígir | ● | ● |
| An Nigéir | ● | ● |
| An Phacastáin | ● | ● |
| Oileáin Palau | | ● |
| Panama | | ● |
| Nua-Ghuine Phapua | | ● |
| Paragua | | ● |
| Peiriú | ● | ● |
| Na hOileáin Filipíneacha | ● | ● |
| Ruanda | ● | ● |
| San Héilin | | ● |
| Saint Lucia | | ● |
| San Uinseann agus na Greanáidíní | | ● |

| *Tír* | *Cúnamh Déthaobhach* | *Cúnamh trí Bhuntacaíocht Iltaobhach* |
|---|---|---|
| Samó | | ● |
| São Tomé and Príncipe | | ● |
| An tSeineagáil | ● | ● |
| An tSeirbia | ● | ● |
| Na Séiséil | | ● |
| Siarra Leon | ● | ● |
| Oileáin Sholomón | | ● |
| An tSomáil | ● | ● |
| An Afraic Theas | ● | ● |
| An tSúdáin Theas | ● | ● |
| Srí Lanca | ● | ● |
| An tSúdáin | ● | ● |
| Suranam | | ● |
| An tSuasalainn | ● | ● |
| Poblacht Arabach na Siria | ● | ● |
| An Táidsíceastáin | | ● |
| An Tansáin | ● | ● |
| An Téalainn | ● | ● |
| Tíomór Thoir | | ● |
| Tóga | | ● |
| Tonga | | ● |
| An Túinéis | ● | ● |
| An Tuirc | ● | ● |
| An Tuircméanastáin | | ● |
| Tuvalu | | ● |
| Uganda | ● | ● |
| An Úcráin | ● | ● |
| Uragua | | ● |
| An Úisbéiceastáin | | ● |
| Vanuatú | | ● |
| Veiniséala | | ● |
| Vítneam | ● | ● |
| An Bruach Thiar agus Stráice Gaza | ● | ● |
| Éimin | ● | ● |
| An tSaimbia | ● | ● |
| An tSiombáib | ● | ● |

Irish Aid

An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

irishaid.ie